Leabhar
SHÍORACH

Réamhrá ón Aistritheoir

[1] Is iomaí teagasc éachtach a tugadh dúinn tríd an dlí agus na fáithe,
[2] Agus tríd an muintir eile a lean iad.
[3] Arb ábhar molta iad ag Iosrael ar son eolais agus eagna.
[4] Ní leor go mbeadh an dream a léann na scrioptúir oilte orthu,
[5] Ach ba chóir go mbeadh ar a gcumas cabhair a thabhairt do dhaoine lasmuigh,
[6] Le caint agus le scríobh.
[7] Thug mo sheanathair, Íosa, é féin suas go háirithe
[8] Do léamh an dlí [9] agus na bhfáithe,
[10] Agus leabhair eile na sinsear;
[11] Fuair sé máistríocht fhónta orthu
[12] Ionas go ndeachaigh sé chun cinn agus gur scríobh sé ábhar a raibh baint aige le teagasc agus eagna,
[13] I dtreo go gcuirfeadh lucht tóraíochta an léinn eolas air seo freisin.
[14] Agus gur fearr a rachaidís ar aghaidh ag maireachtáil de réir an dlí.

15 Iarrtar oraibh, dá bhrí sin,
16 An leabhar seo a léamh,
17 Le dea-thoil agus le spéis,
18 Agus a bheith tuisceanach
19 Sna háiteanna ina ndealraíonn sé
20 Go ndeachaigh dínn leagan cainte a aistriú d'ainneoin ár ndichill.
21 Óir ní féidir leagan lánsásúil a sholáthar
22 De nithe a cuireadh in iúl san Eabhrais ar dtús nuair a aistrítear go teanga eile iad.
23 Ní hé sin amháin é
24 Ach an dlí agus na fáithe,
25 Agus an chuid eile de na leabhair,
26 Tá difir nach suarach idir iad agus mar a cuireadh in iúl iad go bunúsach.
27 Nuair a tháinig mé chun na hÉigipte,
28 San ochtú bliain tríochad de réimeas Shoghníomhaigh rí agus gur chaith mé tréimhse ann,
29 Leag mé lámh ar shaothar a raibh teagasc thar an gcoitiantacht ann;
30 Tuigeadh dom go raibh sé fíor-riachtanach go gcaithfinn dua agus díograis ag aistriú an leabhair seo inár ndiaidh;
31 Chaith mé cáiréis agus léann leis,
32 I rith an ama sin
33 D'fhonn an leabhar a chríochnú agus a fhoilsiú,

[34] Ar mhaithe go háirithe leo siúd atá ag cur fúthu thar lear, agus ar mian leo teagasc a
fháil,
[35] Agus iad féin a chur in oiriúint, maidir le béasa, do mhaireachtáil de réir an dlí.

Seanráite

An Eagna

1 Ón Tiarna an uile eagna,
agus is leis í go brách.
[2] Gaineamh na mara agus braonta na fearthainne,
agus laethanta na síoraíochta, cé dhéanfaidh iad a áireamh?
[3] Airde na spéire, agus leithead na cruinne,
agus [doimhne an dubhaigéin], cé ransóidh iad?
[4] Cruthaíodh an eagna roimh gach ní eile,
agus tá bua na tuigse ann ón tsíoraíocht anall.
[5] (Briathar Dé ar neamh foinse na heagna,
agus is iad na dlíthe síoraí a bealaí.)
[6] Cé dó ar foilsíodh fréamh na heagna?
cé arb eol dó a hildána?
[7] (Cé dó ar foilsíodh eolas na heagna,
agus a fuair tuiscint ar a hilbhealaí?)

[8] Níl ach aon eagnaí amháin ann; is sáruamhnach é,
agus é ina shuí ina ríchathaoir;
[9] Eisean an Tiarna, a chruthaigh [an eagna];
eisean a chonaic agus a mheas í,
agus a dhoirt amach í ar a oibreacha go léir.
[10] Thug sé mar bhronntanas í don chine daonna ar fad,
agus dháil sé í ar na daoine a bhfuil grá acu dó.

Eagla Dé

[11] Is glóir agus móráil í eagla an Tiarna;
is aoibhneas í agus coróin na lúcháire.
[12] Cuireann eagla an Tiarna lúcháir ar an gcroí,
tugann sí aoibhneas agus áthas agus fad saoil.
[13] An té arb eagla leis an Tiarna beidh an rath air ag ceann cúrsa;
agus beidh beannacht air lá a bháis.
[14] Tús na heagna, eagla an Tiarna;
gineadh í leis na creidmhigh i mbroinn a máthar.
[15] Rinne sí a nead i measc daoine mar dhaingean síoraí;
agus cloífidh sí lena síol go dílis.
[16] Comhláine na heagna í eagla an Tiarna;
cuireann sí meisce ar na daoine lena torthaí.

17 Líonann sí a dteach uile le mianta a gcroí,
agus a stórais lena fómhar.
18 Coróin na heagna eagla an Tiarna;
cuireann sí bláth ar an tsíocháin agus ar an tsláinte.
19 D'fhéach an Tiarna uirthi agus rinne í a mheas;
dhoirt sé anuas léann agus eolas na tuisceana,
agus mhóraigh glóir lucht a sealbhaithe.
20 Fréamh na heagna eagla an Tiarna,
agus fad saoil is ea a craobhacha.
21 (Tógann eagla an Tiarna peacaí ar shiúl;
agus an té a mhaireann dílis, casann sé an fhearg i leataobh.)

Foighne

22 Ní dhéanfaidh fearg [an choirpigh an coirpeach] fíréanta;
óir is é buile a fheirge a leagann ar lár é.
23 Fanfaidh fear na foighne leis an uain,
agus eascróidh an t-aoibhneas dó faoi dheireadh.
24 Ceilfidh sé a bhriathra go dtaga an uain,
agus beidh cur síos ar a stuamacht ó bhéal a lán.

Fíréantacht

25 I gciste na heagna tá ráite críonna,
ach is fuath leis an gcoirpeach an fhíréantacht.
26 Má tá dúil agat san eagna, coimeád na haitheanta,
agus seolfaidh an Tiarna chugat í.
27 Óir is é is eagna agus teagasc ann ná eagla an Tiarna,
agus is gean leis an dílse agus an cheansacht.
28 Ná bí easumhal d'eagla an Tiarna,
agus ná téigh ina gaire le croí i bpáirt.
29 Ná bí ag cur i gcéill go poiblí,
agus bí aireach faoi do bhriathra.
30 Ná hardaigh thú féin le heagla go dtitfeá,
agus go dtabharfá aithis ort féin;
nochtfaidh an Tiarna do rúin,
agus caithfidh anuas thú i láthair an chomhthionóil,
mar nár tháinig tú faoi eagla an Tiarna
ach do chroí lán de chalaois.

Eagla Dé in Am an Ghátair

2 A mhic, má thugann tú faoi sheirbhís a dhéanamh don Tiarna,
ullmhaigh thú féin chun cathú a sheasamh.

[2] Bíodh croí ionraic buanseasmhach ionat,
agus ná bí buartha in am na hanachana.
[3] Cloígh leis [an Tiarna] agus ná himigh uaidh,
agus tabharfar onóir duit ag deireadh do shaoil.
[4] Cibé cor a thabharfar ort, ná diúltaigh dó;
agus bí foighneach fadaraíonach má thugtar isliú céime duit.
[5] Óir tástáiltear ór sa tine;
agus tástáiltear daoine tofa i bhfoirnéis an anró.
[6] Bíodh muinín agat as an Tiarna agus fóirfidh sé ort;
déan díreach do chuid bealaí agus cuir do dhóchas ann.
[7] Sibhse a bhfuil eagla an Tiarna oraibh, bígí ag tnúth lena thrócaire;
ná hiompaígí i leataobh ar eagla go dtitfeadh sibh ar lár.
[8] Sibhse a bhfuil eagla an Tiarna oraibh, bíodh muinín agaibh as;
agus ní cheilfear bhur luach saothair oraibh.
[9] Sibhse a bhfuil eagla an Tiarna oraibh, bígí ag súil leis an maith,
agus le haoibhneas síoraí agus trócaire.
[10] Breathnaígí na glúine atá imithe romhaibh, agus osclaígí bhur súile,
cé a chuir a mhuinín sa Tiarna riamh agus gur náiríodh é?
Nó cé a raibh eagla air roimhe go buan agus gur tréigeadh é?
nó cé a ghlaoigh air riamh agus gur tugadh cluas bhodhar dó?
[11] Óir tá an Tiarna truachroíoch agus trócaireach;
maitheann sé ár bpeacaí agus sábhálann sé sinn in aimsir na trioblóide.

[12] Is mairg do chroíthe gan mhisneach, agus do lámha gan fhuinneamh,
agus don pheacach a shiúlann mar Thadhg an dá thaobh.
[13] Is mairg don chroí fann, mar go bhfuil sé gan mhuinín,
agus ní bhfaighidh sé dídean dá bharrsan.
[14] Is mairg daoibhse ar theip ar bhur dtairiseacht,
céard a dhéanfaidh sibh nuair a fhiosróidh an Tiarna sibh?
[15] An mhuintir a bhfuil eagla an Tiarna orthu, ní dhéanann siad neamhaird dá bhriathra;
an mhuintir a bhfuil grá acu dó, leanfaidh siad dá bhealaí.
[16] An mhuintir a bhfuil eagla an Tiarna orthu, beidh siad ag iarraidh é a shásamh;
agus beidh an mhuintir a bhfuil grá acu dó lán den dlí.
[17] An mhuintir a bhfuil eagla an Tiarna orthu, déanfaidh siad a gcroí a ullmhú;
agus iad féin a isliú ina láthair.
[18] Titimis i lámha an Tiarna,
seachas i lámha daoine;
óir mar atá a mhórgacht,
is amhlaidh dá thrócaire.

Tuismitheóirí

3 A leanaí, éistigí liomsa, bhur n-athair;
agus déanaigí rud orm le go mbeadh sibh slán.

[2] Tugann an Tiarna onóir don athair trí bhíthin a chlainne,
agus déanann sé údarás na máthar ar a cuid clainne a dhaingniú.
[3] An té a mbíonn urraim aige dá athair, déanann sé leorghníomh ina pheacaí.
[4] An té a thugann onóir dá mháthair, is cosúil é le duine atá ag cnuasach stóir dó féin.
[5] An té a mbíonn urraim aige dá athair, beidh a chlann féin ina n-ábhar áthais dó,
agus nuair a dhéanfaidh sé guí, éistfear leis.
[6] An té a thugann onóir dá athair, beidh fad saoil aige,
agus an té a dhéanann rud ar an Tiarna, tabharfaidh sé sólás dá mháthair.
[7] Agus déanfaidh sé seirbhís dá thuismitheoirí dála an daoir.
[8] Bíodh urraim agat do d’athair ó ghníomh agus ó bhriathar,
i dtreo go dtiocfaidh beannacht ort uaidh.
[9] Óir daingníonn beannacht athar tithe na clainne,
ach déanann mallacht máthar iad a staitheadh óna mbonn.
[10] Ná bí ag maíomh as ábhar aithise do d’athair,
óir ní glóir duitse aithis d’athar.
[11] Is ón urraim a thugann sé dá athair a bhláthaíonn glóir dhuine,
agus is náire do leanaí masla a thabhairt dá máthair.
[12] A mhic, glac cúram d’athar ort féin i ndeireadh a shaoil
agus ná cuir brón air fad is beo dó.
[13] Fiú amháin má thagann meath ar a mheabhair, bí foighneach leis;
ná bíodh drochmheas agat air, toisc, tú féin a bheith i mbarr do mhaítheasa.

14 Óir an charthanacht a dhéanann tú ar d'athair, ní dhéanfar dearmad uirthi choíche,
agus cuirfear síos duit é in aghaidh do pheacaí.
15 I lá na cúngrachta rachaidh a chuimhne chun sochair duit;
leáfaidh do pheacaí dála an tseaca san aimsir bhreá.
16 An té a thréigeann a athair, ní fearr é ná diamhaslóir;
agus an té a chuireann fearg ar a mháthair, tá mallacht an Tiarna air.

An Umhlaíocht

17 A mhic, déan do chuid oibre le ceansacht;
agus an mhuintir is gean leis an Tiarna, beidh grá acu duit.
18 Dá airde céim thú, is amhlaidh is córa duit thú féin a ísliú,
agus beidh gnaoi an Tiarna ort.
19 (Is líonmhar iad lucht mustair agus toirtéise,
ach is don mhuintir uiríseal a nochtann sé a rúin.)
20 Is éachtach í cumhacht an Tiarna,
agus tugann lucht na huirísle onóir dó.
21 Ná bí ag lorg eolais ar nithe atá ródheacair duit,
agus ná cuir fiafraí ar nithe atá thar do chumas.
22 Déan machnamh ar na horduithe a tugadh duit,
ní gá duit bheith buartha faoi na nithe atá folaithe uait.

[23] Ná bí ag gabháil de nithe atá os cionn d’acmhainne,
[24] Óir na nithe a taispeánadh duit cheana féin,
sáraíonn siad tuiscint an duine.
[25] Is iomaí duine ar chuir a bharúil féin ar seachrán é,
agus ar chlaon a bhaoth-thuairimí féin a chumas breithúnais.

An tUabhar

[26] Déanfar an duine ceanndána a chiapadh ar deireadh;
agus an té ar gean leis an dainséar, caillfear ann é.
[27] Déanfar an duine ceanndána a bhuaireamh le triobloidí,
agus déanfaidh an peacach peaca a charnadh ar pheaca.
[28] Níl leigheas ar ghalar an uaibhrigh,
mar phréamhaigh planda den olc ann.
[29] Déanfaidh an duine críonna machnamh ar pharabal ina chroí,
agus cluas le héisteacht is mian leis an eagnaí.

An Déirc

[30] Múchann uisce tine loiscneach,
agus déanann an déirc leorghníomh i bpeacaí.

[31] An té a dhíolann an comhar, tá sé ag smaoineamh ar an lá amárach;
nuair a thitfidh sé gheobhaidh sé tacaíocht.

4 A mhíc, ná diúltaigh slí bheatha don bhocht,
agus ná cuir moill ar shúile na ngátarach.
[2] Ná goill ar an ocrach,
agus ná cuir fearg ar an té atá ar an ngannchuid.
[3] Ná cuir le trioblóidí fhear na feirge,
agus brostaigh le do dhéirc don bhacach.
[4] Ná diúltaigh an té a dhéanann achainí chugat ó umar na haimléise;
agus ná tabhair an t-eiteachas don bhochtán.
[5] Ná hiompaigh do shúil ón duine atá i ngátar,
agus ná tabhair leithscéal d’aon duine mallacht a chur ort;
[6] Óir, má chuireann duine mallacht ort le barr seirfin chroí,
tabharfaidh a chruthaitheoir cluas dá urnaí.
[7] Tuill cion an chomhthionóil,
agus crom do cheann go humhal d’fhear an údaráis.
[8] Tabhair cluas don bhocht,
agus freagair é go síochánta cneasta.
[9] Fuascail as láimh an ghéarleantóra an té ar a bhfuil sé ag luí;
ná bí suarach ag tabhairt breithiúnais;
[10] Bí i d’athair ag na dílleachtaí,
agus chomh maith le céile dá máthair;

beidh tú mar mhac leis an Té is Airde,
agus tabharfaidh sé grá duit thar mar a dhéanfadh do mháthair.

Múineann an Eagna

11 Tugann an eagna ardú céime dá clann mhac féin,
agus fóireann sí ar an muintir a lorgann í.
12 An té a bhfuil grá aige di, tá grá aige don bheatha;
an mhuintir a chuardaíonn í go dícheallach, líonfar le háthas iad.
13 An té a chloíonn léi, tabharfar gradam dó mar oidhreacht,
agus cibé áit ina rachaidh sé, cuirfidh an Tiarna an rath air.
14 Na daoine a bhíonn ag seirbhís di, is ar an Aon Naofa a dhéanfaidh siad freastal,
agus tá grá ag an Tiarna dóibh siúd a bhfuil grá acu di.
15 An té a bhíonn umhal di, tugann sé breith uaidh [mar is cóir];
an té a thugann aird uirthi, mairfidh sé slan ó bhaol.
16 Má chuireann sé é féin faoina coimirce, gheobhaídh sé í mar oidhreacht;
agus beidh seilbh ag a shliocht uirthi go deo.
17 Óir, fiú má sheolann sí é feadh conairí cama i dtosach báire,
agus go gcuireann sí eagla agus lagmhisneach air,
í ag crá a chroí le teagasc –
nó go mbíonn iontaoibh aici as –
agus á phromhadh lena reachtanna,

18 Seolfaidh sí ar ais é ar an mbóthar díreach ar deireadh thiar,
cuirfidh lúcháir air,
agus ligfidh leis a cuid rúin.
19 Ach má théann sé ar seachrán, tréigfidh sí é,
agus fágfaidh sí i muinín na cinniúna é.

Náire

20 A mhic, bí ag faire na faille, agus seachain an t-olc,
agus ná tabhair náire anama duit féin..
21 Óir tá náire ann a ghineann an peaca,
agus tá náire ann ar glóir agus gnaoi í.
22 Ná déan leathchuma ar dhuine, rud a mbeifeá thíos leis;
agus ná bí ag lútáil le haon duine, rud a mhillfeadh thú.
23 Ná diúltaigh labhairt in am an ghátair;
[agus ná ceil d'eagna].
24 Óir aithnítear an eagna ón mbriathar,
agus an t-oideachas ó fhocail an bhéil.
25 Ná bréagnaigh an fhírinne,
ach bíodh scáth ort toisc d'aineolais.
26 Ná bíodh náire ort do pheacaí a admháil,
agus ná bí ag dréim le tuile na habhann.

[27] Ná bí ag lútáil le hamadán,
agus ná bíodh lé agat le duine cumhachtach.
[28] Troid go bás ar son na fírinne,
agus fearfaidh Dia cath thar do cheann.
[29] Ná bí bagrach briathar,
ná spadánta leisciúil beart.
[30] Ná bí mar leon sa bhaile,
ná i do chnáimhseálaí ar do shearbhóntaí.
[31] Ná bíodh do lámh sínte amach ag súil le breith,
ach dúnta in am an riartha.

Saibhreas

5 Ná bíodh do chroí i do chuid maoine,
agus ná habair: “Fágann seo beag beann ar gach duine mé.”
[2] Ná géill do do dhrochchlaonta ná do do neart,
agus ná déan beart de réir ainmhianta do chroí.
[3] Ná habair: “Cén duine a mbeidh údarás aige ormsa?”
óir imreoidh an Tiarna díoltas ort go cinnte.
[4] Ná habair: “Pheacaigh mé! Ach céard a tharla dom dá dheasca?”
mar is foighneach é an Tiarna.

5 Ná bí baothdhochasach i dtaobh an mhaithiúnais
sa tslí go ndéanann tú peaca ar pheaca.
6 Ná habair: “Is mór í a thrócaire;
maithfidh sé mo pheacaí go léir dom”;
óir tá idir thrócaire agus fhearg ag baint leis
agus luíonn a chuthach go trom ar na peacaigh.
7 Iompaigh chun an Tiarna gan a thuilleadh moille,
ná cuir ar cairde é ó lá go lá;
óir tiocfaidh racht feirge ar an Tiarna go tobann,
agus díothófar tú go hiomlán lá an díoltais.
8 Ná bíodh do chroí casta agat i maoin choiriúil,
óir ní rachaidh sí chun tairbhe duit lá na tubaiste.

Ionracas

9 Ná déan do chaitheadh le gach gaoth,
agus ná siúil ar gach casán,
(sin é nós an pheacaigh chalaoisigh).
10 Bí seasmhach i do aigne,
agus bíodh do bhriathar gan ghuagacht.
11 Tabhair cluas go pras le héisteacht,
agus freagair go fadaraíonach.

12 Má thuigeann tú an scéal, tabhair freagra ar do chomharsa;
mura dtuigeann, cuir do lámh thar do bhéal.
13 Tagann glóir agus aithis ón gcaint,
agus bíonn a theanga ina cheap tuisle ag an duine.
14 Ná bíodh cáil an chúlchainteora ort,
agus ná bíodh do theanga ar tinneall mar ghaiste agat;
óir bíonn an naire i ndán don ghadaí,
agus daorbhreith throm don chalaoiseach.
15 Seachain an t-ainbheart sa bheag agus sa mhór,
agus ná déantar namhaid díot in áit a bheith i do chara;
6 Óir tuilleann míchlú táir agus tarcaisne,
agus is mar sin a tharlaíonn don pheacach calaoiseach.
2 Ná [géill] do thnúthán do chroí,
le heagla go dtollfadh sé d'anam mar tharbh buile,
3 Agus go n-alpfadh sé do dhuilliúr agus go geaillfeá do thorthaí
agus go bhfágfaí thú mar chrann feoite.
4 Scriosann drochmhianach an té ag a bhfuil sé,
agus déanann ceap magaidh de ag a naimhde.

Caradas

5 Dá shéimhe an comhrá is ea is líonmhaire iad na cairde;
dá dhea-mhúinte í an teanga is ea is iomadúla iad na dea-bhéasa.

[6] Bíodh lucht aitheantais gan áireamh agat,
ach ná bíodh ach duine as míle ina chomhairleoir agat.
[7] Sula ndéanann tú cairdeas le duine, cuir tástáil air;
ná cuir do mhuinín ann go róluath.
[8] Tá cara atá ina chara nuair a oireann dó,
ach ná seasfaidh le do thaobh in am an ghátair.
[9] Tá cara eile ann a thitfeadh amach leat
agus a sceithfeadh ar an aighneas, rud a náireodh thú.
[10] Tá cara eile fós ann a chaithfeadh béile i do chuideachta,
ach nach seasódh le do thaobh ar uair na práinne;
[11] Nuair atá ag éirí go maith leat, bíonn sé ar chomhchéim leat féin,
agus déanann sé buannaíocht ar do chuid seirbhíseach.
[12] Ach má leagtar ar lár thú choíche, iompóidh sé i do choinne,
agus rachaidh sé i bhfolach ó do radharc.
[13] Fan amach ó do chuid naimhde,
agus bí ar d’aire ar do chairde.
[14] Dídean dhaingean is ea cara dílis;
an té a fhaigheann ceann, is stór atá faighte aige.
[15] Níl malairt chuí le fáil ar chara dílis;
ní féidir a luach a mheas.
[16] Slánioc na beatha is ea cara dílis;
na daoine a bhfuil eagla an Tiarna orthu, gheobhaidh siad ceann.

17 An té a bhfuil eagla an Tiarna air, déanann sé cairdeas mar is cóir;
óir, mar atá an duine, sin mar a bhíonn a chomharsa chomh maith.

Printíseacht don Eagna

18 A mhíc, ó d'óige ar aghaidh, togh an teagasc
agus beidh an eagna á haimsiú agat go laethe liatha.
19 Tar chuici mar dhuine a threabhann agus a chuireann síol,
agus fan lena fómhar fónta;
óir déanfaídh tú saothar ar feadh tamaill ina seirbhís,
ach ní fada go n-íosfaidh tú a torthaí.
20 Nach garbh í don mhuintir gan mhúineadh,
agus ní fada a fhanann an t-éaganta ina fochair;
21 Luífidh sí air mar [dhearbhchloch] throm,
agus ní dhéanfaidh sé moill ach í a chaítheamh de.
22 Óir tá an eagna de réir a hainm,
agus ní léir dá lán í.
23 Éist, a mhic, agus glac le mo bhreith,
agus ná diúltaigh do mo chomhairle;
24 Cuir do chosa ina laincisí,
agus do mhuineál faoina cuing.

25 Cuir do ghualainn fúithi agus iompair í;
agus ná bí ag tarraingt in aghaidh a srianta.
26 Tar chuici le lánchroí,
agus cloígh lena cosáin le lán do nirt.
27 Déan í a thóraíocht agus a lorg, agus cuirfidh tú aithne uirthi;
agus nuair a gheobhaidh tú greim uirthi, ná lig uait í.
28 Faoi dheireadh gheobhaidh tú suaimhneas inti,
agus déanfar í a chlaochlú in aoibhneas duitse.
29 Beidh a laincisí ansin mar dhídean dhaingean agat,
agus a ceanrach mar éide ghlórmhar.
30 Libhré óir atá uirthi,
agus ribín gorm a srianta.
31 Caithfidh tú í mar a dhéanfá éide ghlórmhar,
agus cuirfidh tú ar do cheann í, mar a dhéanfá coróin áthais.
32 Más mian leat é, déanfar thú a theagasc, a mhic,
agus má chuireann tú chuige beidh tú ildánach.
33 Más breá leat bheith ag éisteacht, beidh foghlaim ort
agus má bhíonn cluas le héisteacht ort, beidh tú eagnaí.
34 Déan freastal ar chomhthionóil na seanóirí;
agus cloígh leis an eagnaí cibé é féin.
35 Éist le fonn le haon tuairisc a thagann ó Dhia,
agus na scaoil aon seanfhocail ghaoise thar do chluasa.

[36] Má fheiceann tú duine tuisceanach, tabhair cuairt air go luath;
agus caith a thairseach le rian do choise.
[37] Déan do mhachnamh ar orduithe an Tiarna,
agus bí de shíor ag déanamh cúraim dá aitheanta;
eisean a shoilseoidh do chroí,
agus tabharfar duit an eagna lena bhfuil tú ag tnúth.

Comhairlí

7 Ná déan olc, agus ní bhainfidh olc duit.
[2] Seachain an urchóid, agus casfaidh sí i leataobh uait.
[3] A mhic, ná cuir síol i gclaiseanna na héagóra,
agus ní bhainfidh tú a fhómhar faoi seacht.
[4] Ná loirg tosaíocht ón Tiarna,
ná cathaoir ná honóra ón rí.
[5] Ná bí ag maíomh as d'fhíréantacht os comhair an Tiarna,
ná as d'eagna i láthair an rí.
[6] Ná bí ag iarraidh a bheith i do bhreitheamh,
le heagla nach bhféadfá an éagóir a scrios,
agus go mbeadh lé agat le duine cumhachtach,
agus go gcuirfeá smál ar d'ionracas.

[7] Ná déan coir in aghaidh na coitiantachta,
agus ná hísligh thú féin i súile an phobail.
[8] Ná mealltar chun peaca faoi dhó thú,
óir ní thabharfaidh tú na cosa leat ón bpionós ar son aon chinn amháin.
[9] Ná habair: “Tabharfaidh [Dia] aird ar líon mo thíolacthaí,
agus nuair a dhéanfaidh mé íobairt don Té is Airde, glacfaidh sé liom.”
[10] Ná bíodh lagmhisneach ort i mbun d’urnaí,
agus ná déan faillí sa déirc.
[11] Ná déan ceap magaidh den té atá searbh ina chroí,
óir tá neach ann a íslíonn agus a uaislíonn.
[12] Ná beartaigh bréag in aghaidh do dhearthár,
agus ná déan a leithéid in aghaidh do charad.
[13] Ná hinis bréag ar bith
óir ní théann nós an mbréag chun tairbhe.
[14] Seachain an leadrán cainte i gcomhthionól na seanóirí;
agus ná bí ag dul siar ar do phaidreacha.
[15] Ná bíodh col agat le saothar dian,
ná leis an bhfeirmeoireacht, rud a chruthaigh an Té is Airde.
[16] Ná cuir le slua na bpeacach;
cuimhnigh air nach ndéanann an fhearg moill.
[17] Umhlaigh thú féin go talamh,
mar is í an tine agus an chruimh pionós na n-éagráifeach.

18 Ná reic cara ar shochar,
ná bráthair dílis ar ór Óifír.
19 Ná tréig bean chríonna fhónta;
óir is luachmhaire ná ór cluain a scéimhe.
20 Ná bí garg le seirbhíseach a dhéanann a ghnó go hionraic;
ná le fostúch a thaobhaíonn é féin leat.
21 Bíodh cion ó do chroí agat ar sheirbhíseach eagnaí,
agus ná tóg uaidh a shaoirse.

Clann agus Tuismitheoirí

22 An bhfuil stoc agat? Tabhair aire dóibh;
má tá siad ag dul chun sochair duit, coimeád iad.
23 An bhfuil clann ort? Oil iad,
agus crom a muineál don chuing óna n-óige.
24 An bhfuil iníonacha agat? Tabhair aire dá gcorp,
ach ná samhlaigh a bheith róbhog leo.
25 Cuir iníon i gcrích agus beidh beart mór déanta agat,
ach tabhair d'fhear stuama í.
26 An bhfuil bean ar do mhian agat? Ná caith amach í,
ach mura dtaitníonn sí leat, ná taobhaigh thú féin léi.

[27] Tabhair onóir do d’athair ó do chroí go hiomlán,
agus ná déan dearmad ar íona do mháthar.
[28] Cuimhnigh gur tríothu a tháinig tú ar an saol,
agus cén cúiteamh cóir a dhéanfaidh tú in a ndearna siad duit?

Na Sagairt

[29] Bíodh urraim agat don Tiarna ó do chroí go hiomlán,
agus tabhair ómós dá shagairt.
[30] Bíodh grá agat do do chruthaitheoir ó do chroí go hiomlán,
agus na tréig a mhinistrí.
[31] Bíodh eagla an Tiarna ort, agus tabhair urraim don sagart,
agus tabhair dó a chuid mar atá ordaithe duit:
na céadtorthaí, na híobairtí cúitimh, an ofráil ghuailleach,
an íobairt naomhaithe agus céadtorthaí na nithe naofa.

Na Bochtáin agus Lucht Anró

[32] Sín do lámh don bhochtán,
le go mba fhoirfe do bheannacht.
[33] Bí fial le do thabhartais do gach duine beo
agus ná ceil d’fhéile fiú ar an marbh.

[34] Ná teip ar lucht an olagóin,
ach caoin le lucht an chaointe.
[35] Ná seachain turas ar an easlán,
óir oibreacha mar sin a thuillfidh cion ort.
[36] I do bhearta go léir, cuimhnigh ar chríoch do shaoil,
agus ní dhéanfaidh tú peaca go brách.

Ciall

8 Ná téigh chun cocaíochta le fear cumhachtach,
le heagla go bhfaigheadh sé greim ort uair éigin.
[2] Ná bí in earraid le fear gustalach,
le heagla go leagfadh sé an mheá ort,
mar is iomaí duine a scrios an t-ór,
agus chlaon sé an croí ag ríthe.
[3] Ná bí ag aighneas le teanga phras,
agus ná leag connadh ar a tine.
[4] Ná bí ag déanamh grinn le fear gan mhúineadh,
le heagla go ndéanfaí do shinsir a aithisiú.
[5] Ná bíodh drochmheas agat ar an té atá ag iompú ón bpeaca;
cuimhnigh go bhfuilimid go léir ciontach.

6 Ná tarcaisnigh duine ina sheanaois,
mar tá cuid againn féin ag dul san aois.
7 Ná cuireadh bás duine áthas ort;
cuimhnigh go bhfuil an bás i ndán dúinn go léir.

Nósanna

8 Ná tabhair neamhaird ar chaint na saoithe,
ach bí taitheach ar a seanfhocail;
óir gheobhaidh tú teagasc uathu
agus foghlaim le freastal ar dhaoine tábhachtacha.
9 Ná bíodh beagmheas agat ar ráite na sean,
óir d'fhoghlaim siadsan óna sinsir;
gheobhaidh tú críonnacht uathusan,
agus eolas ar conas freagra a thabhairt go tráthúil.

An Chríonnacht

10 Ná hadhain gualach an pheacaigh
le heagla go ndófá thú féin ina lasair.
11 Ná bítear ag spochadh asat i láthair dhuine uallaigh
chun nach ndéanfadh sé mar a bheadh luíochán ar do bhriathra.

[12] Ná tabhair iasacht do dhuine is láidre ná thú,
agus má thugann tú iasacht, glac leis go bhfuil tú thíos leis.
[13] Ná téigh i mbannaí thar do chumas,
ach má théann tú i mbannaí bí ar an tuiscint go gcaithfidh tú íoc.
[14] Ná téigh chun dlí le breitheamh,
óir tabharfar an bhreith ina fhabhar de réir a sheasaimh.
[15] Ná téigh ar aistear i gcuideachta dhuine bhaoth,
d'fhonn nach mbeadh sé ina cheataí duit;
óir déanfaidh seisean de réir a thola,
agus de bharr a bhaoise scriosfar thú mar aon leis.
[16] Ná bí ag achrann le fear drochmhianaigh,
agus ná taisteal leis tríd an bhfásach;
óir ní aon ní fuil ina shúilesean,
agus leagfaidh sé ar lár thú mar nach bhfuil cabhair ar fáil.
[17] Ná téigh i gcomhairle le hamadán,
mar ní fhéadfaidh sé rún a choimeád.
[18] Ná déan aon ní atá le ceilt i láthair choimhthígh;
mar ní eol duit cad a thiocfaidh as.
[19] Ná nocht do chroí do gach duine,
agus ná cuir do chonách ar shiúl uait.

M ná

9 Ná bíodh éad ort le do chéile cumainn,
agus ná múin droch-cheacht di a ghoillfeadh ort féin.
2 Ná taobhaigh thú féin le bean,
le go mbuailfeadh sí cos ar do neart.
3 Ná taithigh meirdreach,
le heagla go dtitfeá ina líon.
4 Ná bíodh caidreamh agat ar amhránaí mná,
le heagla go rachfá i ngreim ina gaistí.
5 Ná stán ar mhaighdean,
le heagla go mbainfí tuisle asat agus go mbeifeá páirteach ina cuid pionós.
6 Ná lig do chroí le striapacha,
le heagla go gcaillfeá d'oidhreacht.
7 Ná bí ag gliúcaíl timpeall i sráideanna cathrach,
ná ag maingeáil ina póirsí tréigthe.
8 Claon do shúil ó bhean sciamhach,
agus ná stán ar mhaise nach leat;
chuir maise mhná a lán ar seachrán,
agus déanann sí mian a adhaint mar thine.
9 Ná suigh chun boird le bean duine eile,
agus seachain carús fíona ina cuibhreann,

le heagla go meallfaí do chroí léi
agus go sciobfaí chun díthe thú le teann dúthrachta.

Fir

10 Ná tréig seanchara,
mar níl dul ag an gcara nua air;
cara nua nó fíon nua –
nuair a rachaidh sé in aois, ólfaidh tú é le fonn.
11 Ná maígh a ghlóir ar an bpeacach
mar ní eol duit cén chríoch a bheidh air.
12 Ná bain aoibhneas as an ní is gean leis na héagráifigh;
cuimhnigh nach rachaidh siad chun na huaighe gan chiontacht.
13 Fan siar ón té a bhfuil cumhacht ar bhás is ar bheatha aige,
agus ní chuirfidh eagla an bháis aon imní ort;
má théann tú ina ghaire, ná cuir cos amú,
le heagla go gcaillfeá d'anam leis;
bíodh a fhios agat go bhfuil tú ag siúl i measc na ngaistí,
agus ag faoileáil ar fhorbhallaí na cathrach.
14 Tabhair buille faoi thuairim i dtaobh do chomharsana, mar is fearr is féidir duit,
agus téigh i gcomhairle le lucht na heagna.

15 Bíodh do chomhrá le daoine tuisceanacha,
agus bíodh do phlé faoi dhlí an Té is Airde.
16 Bíodh daoine córa ag suí chun boird leat,
agus bíodh eagla an Tiarna agat mar ábhar mórtais.
17 Molfar obair de bharr chumas lámh na gceardaithe,
ach is ina bhriathra a thaispeántar gaois cheannasaí an phobail.
18 Tá eagla roimh an duine béalscaoilteach ina bhaile féin,
agus beidh an ghráin ar an té atá gan srian ar a theanga.

Rialtas

10 Déanfaidh an giúistís críonna a phobal a theagasc,
agus beidh eagar ar riail an eagnaí.
2 Mar a bhíonn ag an ngiúistís, is mar sin a bhíonn ag a fheidhmeannaigh.
mar a bhíonn ag rialtóir na cathrach, is mar sin a bhíonn ag a háitritheoirí go léir.
3 Déanfaidh an rí gan oiliúint a phobal a scriosadh,
ach fásfaidh cathair trí thuiscint a flatha.
4 Tá ceannas na cruinne i láimh an Tiarna,
agus cuirfidh sé an fear cuí ina feighil in am trátha.
5 Tá séan an duine i láimh an Tiarna,
agus bronnann sé a ghlóir ar phearsa an scríobhaí.

Uabhar

6 Ná bí i bhfearg le do chomharsa faoi gach éagóir,
agus ná déan beart choíche le teann feirge.
7 Is gráin leis an Tiarna agus leis an duine an t-uabhar,
agus is fuath leo araon an éagóir.
8 Téann flaitheas ó chine go cine
de bharr éagóra, uabhair, agus airgid.
9 Céard a bhéarfadh éirí in airde ar an té nach bhfuil ann ach cré agus luaithreach?
óir fiú i gcaitheamh a shaoil tagann faoina ionathar.
10 Déanann breoiteach fhada ceap magaidh den lia;
an té is rí inniu, beidh a ré caite amárach.
11 Tar éis bháis do dhuine,
gheobhaidh péisteanna, ainmhithe fiáine,
agus cruimheanna é mar oidhreacht.
12 An Tiarna a thréigean is tosach ag uabhar an duine;
óir bíonn a chroí scartha lena chruthaitheoir.
13 An peaca tús an uabhair,
agus an té a chloíonn leis, sceithfidh a bhrocamas as;
uime sin is ea a thug an Tiarna na trioblóidí aisteacha sa mhullach orthu,
agus scrios sé glan amach iad.

14 Leag an Tiarna cathaoireacha na rialtóirí ar lár
agus chuir lucht na huirísle ina suí ina n-áit.
15 Rinne an Tiarna na ciníocha a staitheadh óna bhfréamhacha,
agus phlandaigh sé lucht na humhlaíochta ina n-áit.
16 Bhris an Tiarna ar chríocha na gciníocha,
agus scrios sé iad go máithreacha na cruinne.
17 Rug sé cuid díobh ar shiúl agus mhill sé iad,
agus scrios sé a gcuimhne de chlár na talún.
18 Níor cruthaíodh an t-uabhar don duine,
ná fraoch feirge do shíol na mban.

Urraim

19 Cén cine is díol urraime? An cine daonna.
Cén cine is díol urraime? An mhuintir lenarb eagal an Tiarna.
Cén cine is díol easonóra? An cine daonna.
Cén cine is díol easanóra? An mhuintir a bhriseann na haitheanta.
20 Is díol urraime an ceannasaí i measc a bhráithre,
agus an mhuintir arb eagla leo an Tiarna, is fiú iad onóir ina láthair.
21 (Tús na céime ar aghaidh, eagla an Tiarna;
ach tús an diúltaithe, ceanndáine agus uabhar.)

22 An saibhir, an t-iomráiteach, agus an bochtán
– gurb é eagla an Tiarna a mórtas!
23 Ní cóir easonóir a thabhairt don bhochtán eagnaí,
ná ní cuí peacach a onórú.
24 Tabharfar onóir don uasal, don bhreitheamh, don fhlaith,
ach ní mó aon duine díobh ná an té arb eagal leis an Tiarna.
25 Beidh saoránaigh ag fónamh do dhaorán ciallmhar,
agus ní bheidh fear na tuisceana ag gearán.

Umhlaíocht

26 Ná bí roghlic i mbun do ghnó,
agus ná bíodh éirí in airde ort agus tú i gcúngracht.
27 Is fearr saothraí a bhfuil flúirse de gach sort aige,
ná duine a théann timpeall ag maíomh ach é ar easpa aráin.
28 A mhic, bíodh cáil na humhlaíochta ort,
agus bíodh meas agat ort féin de réir mar is dual duit.
29 Cé a chinnteoidh ceart don té a chiontaíonn ina aghaidh féin?
agus cé thabharfaidh onóir don té nach bhfuil meas aige ar a bheatha féin?
30 Bíonn meas ar an mbocht ar son a eolais,
agus ar an saibhir de bharr a mhaoine.

31 Má bhíonn meas ar dhuine agus é ar an ngannchuid, nach mó ná sin a bheidh agus
raidhse aige!
ach má bhíonn sé gan mheas agus é saibhir, nach lú ná sin a bheidh meas air agus é
bocht!

Ní mar a Shíltear

11 Tabharfaidh eagna an duine umhail ardú cinn dó,
agus cuirfidh ina shuí é i measc na gceannasach.
2 Ná mol duine ar son a scéimhe,
agus ná bíodh an ghráin agat ar dhuine ar son a dhealraimh.
3 Is beag í an bheach ar an bpór sciathánach,
ach milse na milse a fómhar.
4 Ná bíodh clóchas ort faoi d'éidí breátha,
agus ná bíodh éirí in airde ort lá d'onóra,
óir is iontach iad oibreacha an Tiarna,
agus tá a oibreacha ceilte ar dhaoine.
5 Is iomaí rí a thug seal ina shuí sa deannach,
agus an té nach raibh aird ag aon duine air, chaith sé an choróin.
6 Is iomaí rialtóir a fuair táir agus tarcaisne,
agus cuireadh daoine táscúla faoi bhois daoine eile.

Machnamh

7 Ná lochtaigh roimh iniúchadh a dhéanamh;
déan do mhachnamh ar dtús, agus ansin ceartaigh.
8 Ná tabhair freagra gan an scéal a chlos;
ná cuir isteach ar dhuine i lár a chuid cainte.
9 Ná bí ag aighneas faoi ghnó nach mbaineann leat;
agus ná suigh le peacaigh agus iad i mbun breithiúnais.
10 A mhic, ná tarraing an iomad cúraimí ort féin;
má mhéadaíonn tú ar líon do ghnóthaí, beidh tú síos leis;
má dhéanann tú tóraíocht, ní bhfaighidh tú greim;
má theitheann tú, ní éalóidh tú.
11 Fear an tsaothair, na fuirse, agus na deifre,
níl aige dá mbarr ach a bheith níos mó chun deiridh.

Muinín as Dia

12 Tá ainniseoir eile ann agus cabhair á lorg aige;
tá neart de dhíth air, agus an bhochtaine ar snámh air;
ach tá súil an Tiarna air le gnaoi,
agus ardaíonn sé é as clais na hainnise,

[13] Agus tugann sé ardú cinn dó,
rud a chuireann alltacht ar a lán.
[14] Sonas agus donas, beatha agus bás,
bochtaine agus saibhreas, is ón Tiarna a thagann siad.
[15] (Is ón Tiarna a thagann an eagna, tuiscint, agus eolas ar an dlí;
Is uaidh an déirc agus bealaí na ndea-oibreacha;
[16] Cruthaíodh an seachrán agus an dorchadas mar aon leis na peacaigh;
rachaidh an t-olc in aois leo siúd a bhaineann taitneamh as an olc.)
[17] Maireann tabhartas an Tiarna do na fíréin,
agus beidh rith an rása go brách leis an ní is gean leis.
[18] Éiríonn fear saibhir le barr díchill agus sprionlaitheachta,
agus seo é an luach saothair is dual dó:
[19] Nuair a deir sé: “Tá suaimhneas faighte agam,
agus anois is féidir dom sásamh a bhaint as mo mhaoin,”
ní eol dó cén fad a mhairfidh an scéal amhlaidh,
agus go bhfágfaidh sé ag daoine eile í, agus go bhfaighidh sé bás.
[20] Cloígh le do mhargadh, agus bain taitneamh as;
agus téigh in aois i mbun do ghnó.
[21] Ná cuireadh éachtaí an pheacaigh ionadh ort,
ach bíodh muinín agat as an Tiarna agus lean ort le do shaothar;
mar ní aon dua é i súile an Tiarna
bochtán a shaibhriú go tobann gan choinne.

[22] Bíonn beannacht an Tiarna mar luach saothair ag an bhfíréan,
agus cuireann Dia bláth ar a bheannacht gan mhoill.
[23] Ná habair: “Cad tá de dhíth orm,
agus cén rath a bheidh orm as seo amach?”
[24] Ná habair: “Níl beann agam ar aon duine,
agus cén donas atá le teacht orm as seo amach?”
[25] Lá an tséin bíonn dearmad ar an mírath,
agus lá an mhíratha bíonn dearmad ar an séan.
[26] Ní aon nath é i láthair an Tiarna
luach saothair a thabhairt do dhuine lá a bháis de réir a bheart.
[27] Cuireann mí-ádh uaire sonas ó chuimhne;
foilseofar bearta duine ag deireadh a shaoil.
[28] Ná habair gur méanar d’aon duine roimh bhás dó;
is trína chlann a aithneofar an duine.

Na Peacaigh

[29] Ná tabhair an saol mór abhaile leat,
óir is líonmhar iad cleasa an duine ghlic.
[30] Tá aigne an uaibhrigh mar an bpatraisc bhréige i gcliabh;
agus tá sé ag faire na faille ort dála an spiaire.

31 Téann sé i luíochán agus déanann olc den mhaith;
caithfidh sé asachán ar bhearta fiúntacha.
32 As sméaróid aonair, is iomaí spré a adhntar:
agus bíonn an peacach i luíochán ag súil le fuil a dhoirteadh.
33 Seachain an coirpeach, mar tá an urchóid á beartú aige,
le heagla go bhfágfadh sé aithis go brach ort.
34 Tabhair strainséar chun do thí, agus déanfaidh sé thú a shuaitheadh le tríoblóidí,
agus a chur in earraid le do chlann.

Rialacha

12 Má chuireann tú comaoin ar dhuine, faigh amach cé hé,
agus beifear buíoch duit ar son do bheart fónta.
2 Cuir comaoin ar an bhfíréan, agus gheobhaidh tú luach saothair,
agus mura bhfaighidh tú uaidhsean é, gheobhaidh tú ón Té is Airde go cinnte.
3 Níl aon mhaith i ndán don té a chloíonn leis an olc,
ná don té nach dtugann déirc.
4 Tabhair don fhíréan, ach ná téigh i gcabhair ar an bpeacach.
5 Déan an mhaith don duine uiríseal,
ach ná tabhair aon ní don éagráifeach;
diúltaigh a chuid aráin dó agus ná tabhair dó é,
le heagla go gcloífeadh sé thú dá bharr;

óir gheobhaidh tú an t-olc ar ais faoi dhó
mar chúiteamh ar a ndéanann tú de mhaith dó.
6 Óir is gráin leis an té is Airde na peacaigh,
agus déanfaidh sé díoltas a imirt ar na heágráifigh.
7 Tabhair don fhear maith, ach ná cabhraigh leis an bpeacach.

Cairde

8 Ní aithneofar cara fíor in am an tséin,
ná ní cheilfear namhaid in am an ghátair.
9 Nuair a bhíonn ag rith le duine, bíonn a naimhde go duairc;
nuair a bhíonn an scéal go hainnis aige, déanfaidh fiú a chara é a sheachaint.
10 Ná bíodh muinín agat go brách as do namhaid,
óir tagann smál ar a choirpeacht dála an chopair.
11 Fiú má umhlaíonn sé é féin agus dul ag lútáil thart,
fair amach duit féin, agus seachain thú féin air;
deileáil leis dála an té a chuir snas ar scáthán,
agus beidh a fhios agat nach mairfidh an smál air go brách.
12 Ná cuir ina sheasamh taobh leat é,
le heagla go leagfadh sé ar lár thú agus d'áit a thógáil;
ná cuir ina shuí ar do dheis é,
le heagla go rachadh sé sa tóir ar do shuíochán féin,

agus tuigfidh tú faoi dheireadh brí mo bhriathra,
agus braithfidh tú an chealg i mo chuid cainte.
13 Cé ag a mbeadh trua don mhealltóir nathrach a bhfaigheadh an nathair greim air?
nó don mhuintir a théann sa seans le hainmhithe allta?
14 Sé an scéal céanna é ag an té a thaithíonn an peacach,
agus a bhíonn páirteach ina pheacaí.
15 Fanfaidh sé leat go fóill,
ach má bhaintear tuisle asat, ní sheasóidh sé leat.
16 Beidh mil ar a bheola ag an namhaid,
ach ina chroí beidh sé á bheartú thú a chaitheamh sa díog;
beidh deora ina shúile ag an namhaid,
ach má fhaigheann sé faill, ní shásóidh fuil féin é.
17 Má thagann mí-ádh ort, gheobhaidh tú ansiúd romhat é;
beidh sé ag cabhrú leat mar dhea,
ach cor coise a thabharfaidh sé duit.
18 Croithfidh sé a cheann agus buailfidh sé a bhosa;
beidh a lán cogarnaíola aige, agus cuirfidh sé guthaí de.

Do Chuideachta

13 An té a chuirfidh a lámh ar an bpic, saileofar é;
an té a mbíonn caidreamh aige ar an uaibhreach, éireoidh sé cosúil leis.

[2] Ná hiompair ualach atá róthrom duit,
agus ná taithigh duine níos cumhachtaí ná níos saibhre ná thú;
cén gnó atá ag an bpota cré le taobh an choire iarainn?
buailfidh an coire ina choinne, agus brísfear é.
[3] Déanann an duine saibhir éagóir, agus caitheann asacháin de bhreis air sin;
déantar éagóir ar an mbochtán, agus gabhann sé leithscéal.
[4] Má bhíonn aon tairbhe ionat, bainfidh sé feidhm asat;
munar féidir leat coinneáil suas leis, fágfaidh sé ansin thú.
[5] Má tá rud agat, mairfidh sé farat;
déanfaidh sé do chuid a ídiú, ach ní chuirfidh sin mairg air.
[6] An bhfuil gá aige leat? – cuirfidh sé an dallamullóg ort;
déanfaidh sé gáire leat agus ardóidh do dhóchas,
agus labhróidh go séimh leat agus déarfaidh: “Cad ab áil leat?”
[7] Cuirfidh sé náire ort lena bhéilí,
nó go lomfaidh sé thú faoi dhó nó faoi thrí,
agus thiar ó dheireadh déanfaidh sé ceap magaidh díot;
má leagann sé súil ort ina dhiaidh sin, déanfaidh sé neamhaird díot,
agus croithfidh sé a cheann i do thaobh.
[8] Seachain agus ná cuirtear dallamullóg ort;
agus ná náirítear thú de bharr d’éagantachta.
[9] Nuair a thugann duine mór le rá cuireadh duit, tóg go réidh é,
agus is móide a dhéanfaidh sé a chuireadh a thathant ort.

[10] Ná sáigh thú féin chun cinn agus ná brúitear i leataobh thú;
ná fan as an tslí le nach ndéanfar faillí ort.
[11] Ná lig ort gurb ionann tú agus é,
agus ná geill do thuile a bhriathra;
níl ina chaint go léir ach é do do thriail d’aon ghnó,
agus ar chúl a gháire níl sé ach do do thomhas.
[12] Is duine gan taise an duine béalscaoilteach,
ní chosnóidh sé thú ar phian ná ar chuibhreacha.
[13] Bí ag breith chugat féin agus ar d’fhaire go géar,
óir tá tú ag gabháil timpeall le do thubaiste féin!
[14] (Nuair a chloiseann tú an méid sin, múscail as do shuan;
bíodh grá agat don Tiarna i gcaitheamh do shaoil, agus glaoigh air chun do shlánaithe.)
[15] Bíonn grá ag gach dúil bheo dá sort féin,
agus ag gach duine dá chomharsa;
[16] Bíonn caidreamh ag gach ainmhí beo ar a chineál féin;
agus cloíonn gach duine lena leithéid féin.
[17] Cén cumann atá ag an mac tíre leis an uan?
– is é an dála céanna é ag an bpeacach agus an fíréan.
[18] Cén tsíocháin is féidir a bheith idir an faolchú agus an madra?
agus cén tsíocháin is féidir a bheith idir an bocht agus an saibhir?

[19] Bíonn na hasail fhiáine mar sheilg ag na leoin san fhásach,
mar an gcéanna a bhíonn na boicht á bhfiach ag lucht an tsaibhris.
[20] Is gráin leis an uaibhreach an umhlaíocht,
agus is gráin leis an saibhir an bocht sa tslí chéanna.
[21] Nuair a bhaintear tuisle as an duine saibhir, faigheann sé taca óna chairde;
nuair a leagtar an bochtán, brúnn a chairde as an tslí é.
[22] Nuair a shleamhnaíonn an fear saibhír bíonn a lán réidh le breith air;
nuair a labhraíonn sé ráiméis, déanann siad é a chosaint;
nuair a shleamhnaíonn an bochtán, cuirtear milleán air;
fág go labhraíonn sé le ciall, ní thugtar áit dó.
[23] Labhraíodh an duine saibhir, agus bíonn cách ina dtost,
agus molann siad a chaint go hard na spéire;
labhraíodh an duine bocht, agus deir cách: “Cé hé siúd?”
agus má bhaintear tuisle as, buailtear cos air.
[24] Is maith é an saibhreas mura bhfuil peaca ag dul leis;
agus is olc é an bochtanas dar leis an éagráifeach.
[25] Téann croí an duine i bhfeidhm ar a ghnúis,
cibé acu chun feabhais nó chun donais é.
[26] Comhartha croí shona is ea gnúis lúcháireach;
ní obair gan dua seanfhocail a chumadh.

Sonas

14 Is méanar don fhear nach ndearna a bhotún lena bhéal,
agus nach gá dó bheith á chiapadh féin faoina pheacaí.
2 Is méanar don fhear nach ndaorann a chroí féin é,
agus nár theip riamh ar a dhóchas.

Saint

3 Ní dual maoin don sprionlóir,
agus cén mhaith sealúchas d'fhear na sainte?
4 An té a chnuasaíonn le barr cruatain, is ar mhaithe le daoine eile a chnuasaíonn sé,
agus bainfidh daoine eile súp as a mhaoin.
5 Má bhíonn duine gortach leis féin, cé leis a mbeidh sé fial?
ní bhainfidh sé sásamh fiú as a shaibhreas féin.
6 Ní sprionlaithe aon duine ná an té atá sprionlaithe leis féin,
agus sin mar a dhéanann an urchóid díoltas a imirt air.
7 Má dhéanann sé an mhaith féin, is gan chuimhneamh é
agus ar deireadh thiar sceitheann sé ar a choirpeacht.
8 Is olc é fear shúil an éada,
agus é ag casadh a ghnúise i leataobh agus ag déanamh neamhaird dá phobal.

[9] Téann súil fhear na sainte thar a chuid;
déanann an éagóir choiriúil a anam a sheargadh.
[10] Bíonn an drochshúil sprionlaithe ar an mbia,
ach an bia sin ar iarraidh óna bhord.
[11] A mhic, cuir cóir ort féin de réir mar a bhíonn agat,
agus tabhair tabhartais go fiúntach don Tiarna.
[12] Cuimhnigh air nach gcuirfear an bás ar cairde,
agus nár nochtadh conradh Sheól duit.
[13] Déan an mhaith do do chara roimh bás duit,
sín do lámh chuige agus tabhair dó oiread agus is féidir leat.
[14] Ná diúltaigh lá sona duit féin,
agus ná lig tharat do chion den séan is tnúth leat.
[15] Nach gcaithfidh tú toradh do shaothair a fhágáil ag duine eile;
agus fómhar do chuid oibre a fhágáil le roinnt ar crainn?
[16] Tabhair, beir leat, agus ceap do shuaimhneas;
óir níl pléisiur le lorg i Seól.
[17] Téann gach dúil bheo in aois mar bhrat,
óir is é an conradh é ó anallód: “Níl dul as ón mbás agat.”
[18] Mar chrann craobhach faoina dhuillí bláfara,
a shileann cuid dóibh, ach a eascrann lena thuilleadh,
– sé an dála céanna é ag glúine fola agus feola;
caillteargh glúin, beirtear glúin eile.

19 Téann lobhadh ar gach saothar agus imíonn sé ar ceal,
agus imíonn fear a dhéanta ar shiúl mar aon leis.

An Saol Sona

20 Is méanar don fhear a mhachnaíonn ar an eagna,
agus a dhéanann a chuid argóinte le dea-chiall;
21 An té a scrúdaíonn a bealaí ina chroí,
déanfaidh sé a mhachnamh freisin ar a rúin;
22 Téigh sa tóir [ar an eagna] mar a dhéanfadh fiagaí,
agus déan luíocháin uirthi ina cosáin.
23 An té a bhíonn ag gliúcaíl trína fuinneoga
éistfidh sé freisin ag a doirse.
24 An té a théann chun lonnaithe i gcóngar a tí,
déanfaidh sé pionna a bhotha a ghreamú ina fallaí.
25 Cuirfidh sé a bhoth suas lena hais
agus beidh togha lóistín mar lóistín aige.
26 Cuirfidh sé a leanaí faoina dídean,
agus beidh a champa faoina scáth.
27 Déanfaidh sí é a dhíonadh ón mbrothall,
agus lonnóidh sé i lár a glóire.

15 An té a bhfuil eagla an Tiarna air, déanfaidh sé mar sin;
agus an té a dhéanann a chuid féin den dlí, gheobhaidh sé bua na heagna.
2 Tiocfaidh sí ina airicis ar nós máthar,
agus glacfaidh sí chuici é mar a dhéanfadh maighdean brídeoige.
3 Cothóidh sí é le harán na tuisceana,
agus tabharfaidh sí uisce na heagna dó le hól.
4 Beidh sí mar thaca aige agus ní thitfidh sé;
beidh a mhuinín aige aisti agus ní náireofar é.
5 Ardóidh sí os cionn a chomharsana é,
agus tabharfaidh sí bua na cainte dó i láthair an chomhthionóil.
6 Gheobhaidh sé aoibhneas agus barr áthais uaithi,
agus bainfidh sé clú buanmharthanach amach mar oidhreacht.
7 Ní bhfaighidh daoine éaganta aon ghreim uirthi,
ná peacaigh aon radharc uirthi.
8 Is fada i gcéin í ón uabhar,
agus ní chuimhneoidh lucht an éithigh choíche uirthi.
9 Ní oireann laoi mholta i mbéal peacaigh,
mar ní ón Tiarna a seoladh í.
10 Tá moladh le reacadh le heagna,
agus sé an Tiarna atá lena chur sa siúl.

Saorthoil

[11] Ná habair: “Sé an Tiarna faoi deara mé a dhul ar seachrán,”
mar ní dhéanann sé an ní is fuath leis.
[12] Ná habair: “Eisean a chuir amú mé,”
mar níl aon ghnó aige den pheacach.
[13] Is gráin leis an Tiarna gach truaillitheacht,
agus is fuath iad leo siúd ar a bhfuil a eagla.
[14] Eisean a chruthaigh an duine i dtús baire,
agus a d’fhág é faoi stiúir a chomhairle féin.
[15] Más áil leat é, is féidir duit na haitheanta a choimeád,
agus ort féin atá sé ag brath a bheith dílis.
[16] Tá tine agus uisce curtha aige os do chomhair;
sín amach do lámh chuig cibé acu is rogha leat.
[17] Tá an bás agus an bheatha os comhair an duine,
agus tabharfar dó cibé acu is mian leis.
[18] Óir is fairsing í eagna an Tiarna;
Is mór í a chumhacht agus feiceann sé an uile ní.
[19] Bíonn a shúile ar na daoine a bhfuil eagla orthu roimhe,
agus is eol dó gach beart dá ndéanann an duine.
[20] Níor ordaigh sé d’aon duine riamh a bheith aindiaga,
ná níor thug sé cead d’aon duine riamh peaca a dhéanamh.

Mí-Ádh an Éagráifigh

16 Ná bí ag tnúth le slua leanbh gan mhaith,
agus ná cuireadh clann mhac éagráifeach lúcháir ort.
2 Má théann siad i líonmhaire, ná cuiridís lúcháir ort,
mura bhfuil eagla an Tiarna orthu.
3 Ná cuir do mhuinín as fad saoil dóibh,
agus ná bí ag brath ar a líon,
óir is fearr duine aonair ná míle,
agus is fearr bás gan leanbh ná a bheith beo le clann éagráifeach.
4 Óir líonfaí cathair le síol aon duine amháin eagnaí,
ach d'fhágfadh treibh choirpeach ina fásach í.
5 Is iomaí ní den sórt sin a chonaic mé le mo shúile cinn,
agus is éachtaí fós ná iad a bhfuil cloiste ag mo chluais.
6 I gcomhthionól peacach lasfar tine,
agus i gcine easumhal adhnadh fraoch feirge.
7 Níor mhaith sé do na fathaigh anallód,
nuair a rinne siad ceannairc le teann nirt.
8 Ní dhearna sé anacal ar chomharsana Lót,
mar bhí an ghráin aige orthu de bharr a n-uabhair.
9 Ní raibh trua aige don chine a raibh scrios i ndán dóibh,
agus a milleadh trína gcionta féin;

10 Ná don sé chéad míle troitheach,
a dhlúthaigh le chéile le barr croídháine.
11 Mura mbeadh ann ach aon duine amháin ceanndána,
ba ionadh dá rithfeadh leis gan phionós;
mar tá trócaire agus fearg le chéile i seilbh [an Tiarna],
agus is tréan é le maitheamh agus le fearg a dhoirteadh amach.
12 Is mór í a thrócaire ach is mór í a dhéine chomh maith,
tugann sé breith ar gach duine de réir a oibreacha.
13 Ní éalóidh an coirpeach lena chreach,
ná ní rachaidh foighne an fhíréin amú;
14 Beidh a áit féin ag gach beart trócaireach;
déanfar cúiteamh le gach duine de réir a oibreacha.
15 (Chruaigh an Tiarna croí Fhorainn i dtreo nár aithin sé é,
i dtreo go mba eol a oibreacha faoi stua na spéire.
16 Nochtann a thrócaire í féin don chruthaíocht uile;
roinn sé a sholas agus a dhorchadas ar dhaoine.)

Díoltas

17 Ná habair: “Rachaidh mé i bhfolach ón Tiarna;
cé a chuimhneoidh orm ansiúd thuas?

Ní thabharfar faoi deara mé i slua chomh mór leis seo;
céard é mise sa chruthaíocht gan teorainn?”
18 Féach, crithfidh an spéir agus spéir na spéartha,
an duibheagán agus an talamh nuair a dhéanfaidh sé fiosrú.
19 Tagann creathán agus suaitheadh ar na sléibhte freisin agus ar uaithní na cruinne,
nuair a fhéachann sé orthu.
20 Níl aon duine le machnamh ar na nithe seo ina chroí,
agus cé tá le scrúdú a dhéanamh ar a bhealaí?
21 Dála an ghála atá dofheicthe ann féin,
tá formhór a ndéanann sé i bhfolach.
22 “Cé a fhógróidh bearta na córa?
cé a fhanfaidh leo? mar is fada uainn an conradh.”
23 Sin mar a mheasann an té atá ar bheagán tuisceana,
an fear gan chiall gan stiúir ar baoth iad a smaointe.

An Chruthaíocht

24 Éist liom anois, a mhic, agus faigh greim ar an eolas;
tabhair aird go cruinn ar mo bhriathra.
25 Déanfaidh mé teagasc a dháileadh go tomhaiste,
agus eolas a fhógairt go beacht.

[26] Nuair [a chruthaigh] Dia a oibreacha i dtús báire
roinn sé orthu a bpáirteanna a luaithe a chum sé iad.
[27] D'eagraigh sé a oibreacha le haghaidh na síoraíochta,
óna dtúsú go dtí na glúine i bhfad anonn;
ní thagann ocras ná tuirse orthu,
ná ní scoireann siad dá saothar.
[28] Ní bhíonn siad ag brú a chéile i leataobh,
ná ní bheidh siad go brách easumhal dá bhriathar.
[29] Ansin d'fhéach an Tiarna ar an talamh,
agus líon é lena nithe fónta.
[30] Chlúdaigh sé aghaidh na talún le gach sórt ainmhí,
agus is uirthi a bhíonn a dtriall ar ais.

17 Chruthaigh an Tiarna an duine as an talamh,
agus chas sé ar ais uirthi é.
[2] Thug sé an áirithe sin laethanta dóibh mar théarma saoil,
agus thug sé údarás dóibh ar a raibh ar talamh.
[3] Bhronn sé neart orthu mar a neart féin
agus rinne sé iad de réir a dheilbhe féin.
[4] Thug sé ar gach ní beo eagla a ghlacadh rompu,
agus rinne sé máistrí díobh ar bheithígh agus ar éanlaith.
[5] (Fuair siad feidhm na gcúig chumhacht ón Tiarna, agus, mar shéú ceann,
roinnt den intleacht, agus, mar sheachtú, an réasún a mhíníonn a chumhachtaí.)

6 Dhealbhaigh sé béal, teanga, súile agus cluasa dóibh
agus croí chun machnamh a dhéanamh.
7 Líon sé iad le heolas agus le tuiscint
agus thaispeáin sé dóibh an mhaith agus an t-olc.
8 Chuir sé a sholas féin ina gcroí,
chun mórgacht a oibreacha féin a léiriú dóibh.
9 (Chuir sé ar a gcumas a éachtaí féin a ghlóiriú go brách.)
10 Molfaidh siad a ainm naofa
chun a chuid gníomhartha glórmhara a fhógairt don saol.
11 Bhronn sé orthu bua na tuisceana,
agus thug sé dlí na beatha dóibh mar oidhreacht.
12 Rinne sé conradh síoraí leo,
agus d'fhoilsigh sé dóibh a bhreitheanna.
13 Chonaic a súile a mhórgacht ghlórmhar,
agus chuala a gcluasa glóir a ghutha.
14 Dúirt sé leo: "Seachnaígí an uile shaghas urchóide";
agus thug sé aithne do gach duine díobh i dtaobh a chomharsan.

Dia an Breitheamh

15 Bíonn a mbealaí i gcónaí os a chomhair;
ní cheilfear óna shúile iad.

16 (Tá a mbealaí ag seoladh chun na hurchóide óna n-óige;
ní féidir leo an croí cloiche úd a mhalartú ar chroí feola;
17 Óir,.ag roinnt ciníocha na cruinne dó) cheap sé rialtóir ar gach cine;
ach sé Iosrael cuid an Tiarna féin.
18 (Sé a chéadghin é, a oileann sé le smacht,
ar a mbronnann sé solas a ghrá gan é a threigean.)
19 Tá a n-oibreacha go léir ar nós na gréine os a chomhair,
agus tá a shúile de shíor ar a slite.
20 Níl a gcionta i bhfolach uaidh,
tá a bpeacaí go léir os comhair an Tiarna.
21 (Is maith é an Tiarna, agus is eol dó a chréatúirí;
ní dhéanann sé iad a scriosadh ná a thréigean, ach iad a choigilt.)
22 Is cuma déirc duine nó fáinne séala os comhair [an Tiarna];
déanann sé féile duine a chaomhnú mar mhac imreasan a shúl.
23 Éireoidh sé ina dhiaidh seo agus déanfaidh sé aisíoc leo;
tabharfaidh sé luach a saothair sa mhullach orthu.
24 Ligeann [Dia] do lucht na haithrí filleadh air,
agus cuireann sé misneach ar na daoine a bhfuil a ndóchas ag meath.

Aithrí

25 Iompaigh chun an Tiarna agus fág do pheacaí i do dhiaidh;
guigh os a chomhair agus laghdaigh do choir.

[26] Fill ar ais ar an Té is Airde agus tabhair do chúl leis an urchóid,
agus bíodh an dearg-ghráin agat ar an ngráiniúlacht.
[27] Cé chanfaidh moltaí don Té is Airde i Seól
mura ndéanann na beo é a thugann glóir dó?
[28] Ní mó an moladh a fhaightear ó na mairbh ná ó dhaoine nach bhfuil ann chor ar bith.
Is é an duine beo folláin ar féidir leis an Tiarna a mholadh.
[29] Nach mór é trócaire an Tiarna,
agus an maithiúnas a thugann sé dóibh siúd a iompaíonn chuige.
[30] Ní féidir gach ní a bheith ag an duine,
mar níl mac an duine dobhásaithe.
[31] Céard is gile ná an ghrian? Ach tagann urú uirthi;
ní bhíonn fuil agus feoil ag machnamh ach ar an olc.
[32] Déanann sé sluaite na spéire thuas a iniúchadh;
níl ach cré agus luaithreach sa chine daonna go léir.

Dia

18 An té a mhaireann go síoraí is é a rinne an uile ní.
[2] Sé an Tiarna amháin a fhógrófar cóir;
(agus níl aon neach eile ann ach é.

[3] Stiúrann sé an chruinne le cor dá láimh, agus géilleann gach ní dá thoil;
is rí é ar an uile ní agus scarann sé an naofa ón gcoitianta ina measc lena chumhacht.)
[4] Níor thug sé cumhacht d'aon duine a éachtaí a fhógairt;
agus cé ar féidir leis a fhearta a spiúnadh?
[5] Cé ar féidir leis a chumhacht mhaorga a thomhas?
agus cé ar féidir leis dul ar aghaidh agus bearta a thrócaire go léir a ríomhadh?
[6] Ní féidir baint uathu, ná cur leo,
ná ní féidir iontais an Tiarna a rianadh.
[7] Nuair a bheidh deireadh déanta ag duine, níl sé ach ag tosú;
nuair a stadfaidh sé, beidh sé fós i bponc.
[8] Céard é an duine, agus cén tairbhe é?
Cad is maith dó? agus cad is olc?
[9] Is fada é ré an duine
má shroicheann sé céad bliain.
[10] Ar aon dul le braon ó uisce na farraige, nó gráinne gainimh,
sin mar atá ag beagán blianta seachas an tsíoraíocht.
[11] Uime sin tá an Tiarna foighneach leo,
agus doirteann sé a thrócaire orthu;
[12] Chonaic sé agus tá a fhios aige go mbeidh droch-chríoch orthu;
uime sin maitheann sé dóibh go fial.

[13] Bíonn trua ag an duine dá chomharsa,
ach bíonn trua ag an Tiarna don uile dhúil bheo;
smachtaíonn sé oileann, tugann teagasc,
agus seolann sé ar ais iad mar a dhéanfadh aoire a thréad.
[14] Déanann sé trócaire orthu siúd a ghlacann lena smacht,
agus a bhíonn ag tnúth lena bhreitheanna.

Féile

[15] A mhic, ná cuir ceartú mar eireaball le dhea-bhearta,
ná briathra géara le haon tabhartas.
[16] Ná déanann an drúcht an brothall a mhaolú?
mar sin is fearr focal ná tabhartas.
[17] Agus féach, nach fearr focal ná bronntanas maith?
ach tá siad araon le fáil ón bhfear gnaíúil.
[18] Bíonn an t-amadán tuathalach maslaitheach;
agus déanann tabhartas an doicheallaigh na súile a chiapadh.

Féach Romhat

[19] Foghlaim sula labhraíonn tú,
agus tabhair aire do do shláinte sula mbuailtear tinn thú.

[20] Déan tú féin a iniúchadh roimh an mbreithiúnas,
agus in uain an fhiosraithe gheobhaidh tú maithiúnas.
[21] Roimh éirí tinn duit, umhlaigh thú féin;
nuair a bhíonn tú ar tí peaca, cas ar ais.
[22] Ná déanadh aon ní thú a chosc ó mhóid a chomhlíonadh i dtráth,
agus ná fan go bás le bheith saor uaithi.
[23] Roimh móid a ghlacadh, ullmhaigh thú féin,
agus ná bí mar fhear atá ag promhadh an Tiarna.
[24] Cuimhnigh ar a fhearg sna laethanta deiridh,
ar uain an díoltais, nuair a iompóidh sé a aghaidh i leataobh;
[25] In am na flúirse, cuimhnigh ar am an ghorta;
agus ar bhochtaine agus ar ghannchúis i laethanta na maoine.
[26] Sleamhnaíonn an t-am ar aghaidh ó mhaidin go trathnóna;
bíonn luas faoi gach ní i láthair an Tiarna.
[27] Bíonn an duine eagnaí cáiréiseach i ngach gnó,
agus i laethanta an pheaca bíonn sé ar a fhaire in aghaidh na coiriúlachta.
[28] Tá aithne ag gach saoi ar an eagna,
agus molann sé an té a fhaigheann greim uirthi.
[29] An mhuintir a thuigeann seanfhocail éiríonn siad féin eagnaí,
agus sceitheann nathanna cuí uathu féin.

Smacht Ort Féin

30 Ná lean d’ainmhianta féin,
ach cuir smacht ar do mhianta.
31 Má ligeann tú duit féin sásamh a bhaint as do mhiangais,
déanfaidh sin ceap magaidh díot ag do naimhde.
32 Ná caith do shaol le lucht sócamais,
le heagla go rachfá i ngreim sa sórt sin cuideachta.
33 Ná déan bochtán díot féin le cóisireacht ar airgead iasachta,
agus gan aon ní agat i do sparán.

19 Ní éireoidh oibrí meisciúil saibhir choíche;
an té a dhéanann faillí i nithe beaga, titfidh sé beagán ar bheagán.
2 Cuireann fíon agus mná saoithe amú;
éiríonn fear taithithe meirdreach an-mhínáireach.
3 Beidh sé mar oidhreacht ag brocamas agus ag cruimheanna;
agus an té atá gan náire, caillfear é.

Caint agus Cúlghearradh

4 Duine gan stuaim an té a chuireann a mhuinín i ndaoine ar an toirt;
an té a dhéanann peaca, déanann sé díobháil dó féin.

[5] An té a dhéanann lúcháir faoin [olc], daorfar é,
(ach an té a dhiúltaíonn don phléisiúr, cuireann sé coróin ar a shaol;
[6] An té a smachtaíonn a theanga, mairfidh sé gan bhuaireamh)
agus an té ar beag leis béadán, seachnaíonn sé an t-olc.
[7] Ná scaoil scéal,
agus ní baol duit;
[8] Ná hinis do chara ná do namhaid é,
agus ná foilsigh é, muran peaca a mhalairt.
[9] Óir chloisfeadh duine éigin thú, agus bheifí ag faire ort,
agus, in am trátha, thabharfaí fuath duit.
[10] An bhfuair tú gaoth an fhocail? Buail cos air!
Bíodh misneach agat! Ní phléascfaidh sé thú!
[11] Bíonn an daoi in íona le scéal a chloiseann sé
mar a bhíonn bean i mbreith clainne.
[12] Mar a bheadh saighead i bhfeoil na ceathrún,
sin mar atá scéal i mbolg an daoi.
[13] Cuir ceist ar chara; b'fhéidir nach ndearna sé aon ní;
ach má rinne sé aon ní, ná déanadh sé go deo arís é.
[14] Cuir ceist ar do chomharsa; b'fhéidir nár dhúirt sé aon ní;
ach má dúirt sé é, ná habradh sé arís é.
[15] Cuir ceist ar chara, mar is minic gur tromaíocht é;
ná creid, más ea, gach a gcloisfidh tú.

[16] D’fhéadfadh duine botún a dhéanamh agus nach dá dheoin é;
cé nach ndearna peaca riamh lena theanga?
[17] Cuir ceist ar do chomharsa roimh bagairt air;
agus fág faoi dhlí an Té is Airde a chúrsa a rith.
[18] (Tús a chneastachta, eagla an Tiarna;
agus gnóthaíonn an eagna a ghrá.
[19] Oiliúint chun na beatha is ea eolas ar aitheanta an Tiarna;
an mhuintir a dhéanann a réir bailíonn siad
cnuas de chrann na neamhbhásmhaireachta.)

An Eagna Fhíre

[20] Sé is iomlán na heagna ann ná eagla an Tiarna;
agus níl san eagna ar fad ach comhlíonadh an dlí (agus eolas ar a uilechumhacht;
[21] An searbhónta a deir lena mháistir: ‘Ní dhéanfaidh mé mar is áil leat,”
cuireann sé fearg ar fhear a chothaithe fiú má dhéanann sé é ina dhiaidh sin).
[22] Ní eagna é eolas ar an gcoirpeacht,
ná níl ciall mar a mbíonn peacaigh i gcomhairle.
[23] Tá clisteacht ann atá granna;
is amadán an té atá gan eagna.
[24] Is fearr a bheith ar bheagán céille agus ar mhórán eagla,
ná bheith lán d’éirim, ach bheith ag briseadh an dlí.

25 Tá clisteacht ann atá beacht, gan a bheith cóir;
agus tá an sórt duine ann a bhaineann feidhm as comaoin le breith a fháil ina fhabhar.
26 Tá coirpeach ann a ghabhann thart cromtha mar dhea le dólás,
ach atá lán de chalaois laistigh.
27 Cuireann sé folach ar a aghaidh, agus ligeann air a bheith bodhar,
agus nuair nach mbíonn súil leis, faigheann sé an buntáiste ort.
28 Agus má theipeann air peaca a dhéanamh cheal cumais,
déanfaidh sé an t-olc nuair a gheobhaidh sé an fhaill air.
29 Is féidir duine a aithint ar a chuntanós;
agus is féidir fear tuisceanach a aithint ar dhealramh a cheannaithe.
30 Insíonn éadach duine agus a gháire leathan,
agus a chéim siúil, cén sort é.

Tost

20 Tá an ceartú míthráthúil ann,
agus an duine ciúin ann atá ciallmhar freisin.
2 Nach fearr go mór ceartú a dhéanamh ná fanacht i bhfearg!
an té a admhaíonn a locht, cosnaítear ar an olc é.
3 (Nach breá é aithrí a dhéanamh go follas nuair a cheartaítear thú,
mar ansin seachnóidh tú peaca d’aontoisc.)

4 Is geall le coillteán ag tnúth le maighdean a mhilleadh,
an té a bhíonn ag cur a cháis in iúl le láimh láidir.
5 Bíonn duine ann a fhanann ina thost agus faigheann sé cáil na heagna;
bíonn duine eile béalscaoilteach, agus tugtar fuath dó.
6 Fanann duine ina thost mar nach mbíonn freagra aige;
fanann duine eile ina thost mar go mbíonn fios na faille aige.
7 Fanfaidh an saoi ina thost nó go dtaga a uain;
ach an bladhgaire baoth, ní aimsíonn sé an uain cheart.
8 Beidh an ghráin ar an té a bhíonn róchainteach,
agus tabharfar fuath don té a théann thar fóir le caint.

Seo agus Siúd

9 Bíonn duine ann ar a dtagann an rath agus é faoi bhráca;
agus is féidir d'fháltas gan choinne dul chun dochair.
10 Bíonn tabhartas nach dtéann chun sochair,
agus ceann eile ar a mbíonn toradh faoi dhó.
11 Bíonn dochar ann de bhíthin glóire,
agus bíonn daoine a fhaigheann ardú cinn ó lár na hainnise.
12 Bíonn fear ann a cheannaíonn a lán ar an mbeagán,
ach a dhíolann as faoi seacht.

13 Tuilleann an saoi cion de bharr a chuid cainte,
ach téann comaoin na ndaoithe amú.
14 Ní rachaidh tabhartas an amadáin chun tairbhe duit,
óir tá mórchuid súl aige in áit an aoin.
15 Is beag a bhronnann sé ach is mór a cháineann;
bíonn a chlab ar leathadh dála an challaire;
tugann sé iasacht inniu, agus éilíonn í ar ais amárach;
duine gránna a leithéid.
16 Déarfaidh an daoi: “Níl cara agam,
agus níl aon bhuíochas orm de bharr mo dheabhearta;
17 An mhuintir a itheann [mo] chuid aráin, tá teanga shuarach acu”;
nach iomaí duine a dhéanann fonóid faoi, agus nach minic!

Caint Bhaoth

18 Is fearr tuisle ar an tsráid ná tuaiplis ar an teanga;
mar sin a thagann tubaiste sa mhullach ar dhroch-dhaoine gan mhoill.
19 Fear tútach, is cuma é nó scéal á insint in antráth,
agus á reacadh gan stad ag aineolaigh.
20 Faigheann seanfhocal ó bhéal daoi an diúltú,
mar nach san uain cheart a deir sé é.

21 An té a gcoisceann an bhochtaine air peaca a dhéanamh,
ní bhíonn aon bhuaireamh aigne air nuair a ligeann sé a scíth.
22 An té a ídíonn é féin le barr náire,
déanann sé amhlaidh ar son tuairim duine bhaoth.
23 An té a thugann gealltanas do chara trí náire,
déanann sé namhaid dó féin in aisce.

Éitheach

24 Máchail ghránna ar dhuine an t-éitheach
ach bíonn sé i gcónaí ar bhéal na n-ainbhiosán.
25 Is fearr gadaí ná bréagaire buan;
ach tá an tubaiste i ndán dóibh araon.
26 Is gránna é nós an bhréagaire,
agus ní scarann a náire leis go brách.

An Saoi

27 Cuireann an saoi é féin chun cinn lena bhriathra;
tabharfaidh an duine ciallmhar taitneamh do fhlatha.
28 An té a shaothraíonn an talamh, beidh fómhar fial aige;
agus an té a thugann taitneamh do fhlatha, maithfear a choir dó.

[29] Déanann bronntanais agus tabhartais súile na saoithe a dhalladh,
agus múchann siad gearáin mar a dhéanfadh pusachán.
[30] Eagna faoi cheilt nó ciste i bhfolach –
cén tairbhe ceachtar díobh?
[31] Is fearr an té a cheileann a bhaois
ná an té a cheileann a ghaois.

Peacaí

21 An ndearna tú peaca a mhic? Ná déan amhlaidh arís,
ach bí ag guí faoina bhfuil déanta agat.
[2] Teith ón bpeaca mar a dhéanfá ó nathair nimhe
má théann tú ina ghaire, béarfaidh sé ort;
tá a fhiacla mar fhiacla leoin,
agus stollann siad an t-anam as daoine.
[3] Tá gach aindleathacht mar chlaíomh dhá fhaobhar,
agus níl leigheas ar a créacht.
[4] Déanann scanradh agus dásacht maoin a scriosadh;
agus mar sin a scriosfar teach an uaibhrigh.
[5] Téann guí an bhoicht óna bheola caol díreach go cluasa [Dé],
agus tagann a bhreithiúnas gan mhoill.

6 An té ar fuath leis ceartú, siúlfaidh sé i rian an pheacaigh;
ach an té arb eagal leis an Tiarna, déanfaidh sé aithrí ina chroí.
7 An té a bhfuil cumas teanga aige, tá aithne air i gcéin;
ach tugann an duine tuisceanach faoi deara nuair a dhéanann sé dearmad.
8 An té a thógann a theach le hairgead daoine eile,
is cuma é nó fear a bhailíonn clocha dá [thuama féin].
9 Is cuma comhthionól na gcoirpeach nó barrach ina charn;
bladhm thine an chríoch a bheidh orthu.
10 Tá bealach na bpeacach slíoctha le clocha,
ach ag a dheireadh tá cuithe Sheól.

Saoi agus Daoi

11 An té a choinníonn an dlí, beidh smacht aige ar a mhianta;
sí an eagna buaic eagla an Tiarna.
12 An té atá gan éirim, ní féidir é a mhúineadh,
ach tá éirim ann a mhéadaíonn an seirfean.
13 Rachaidh eolas an eagnaí i méid mar thuile,
agus a chomhairle mar thobar beo.
14 Tá croí an amadáin mar chrúsca briste,
agus ní fhanfaidh aon eolas ann.

15 Má chloiseann fear tuisceanach caint chiallmhar,
molfaidh sé í agus cuirfidh sé léi;
má chloiseann macnasaí í, ní thaitneoidh sí leis
agus caithfidh sé laistiar dá dhroim í.
16 Tá tuairisc an amadáin mar ualach ar aistear,
ach is solas é éisteacht le duine éirimiúil.
17 Beifear ag tnúth go géar sa chomhthionól le focail an duine chliste,
agus déanfar a chuid cainte a mheá ó chroí.
18 Is cuma nó fothrach tí an eagna don daoi;
agus níl in eolas an bhaotháin ach giofaireacht gan éifeacht.
19 Níl san oideachas don duine gan éirim, ach mar laincis faoina chosa,
nó mar chuibhreach ar a láimh dheas.
20 Gáireann an t-amadán in ard a ghutha,
ach tagann meangadh gáire go réidh ar an duine stuama.
21 Is cuma nó ornáid óir an t-oideachas don duine géarchúiseach,
nó bráisléad ar a láimh dheas.
22 Bíonn fuadar faoi chois an amadáin isteach i dteach,
ach seasann fear na taithí go hurramach os a chomhair.
23 Bíonn an dúr ag gliúcaíl tríd an doras isteach
ach seasann an duine múinte lasmuigh.
24 Mímhúineadh is ea a bheith ag cúléisteacht ag doras;
chuirfeadh a leithéid náire ar dhuine tuisceanach.

25 Beidh focail daoine eile ar a mbéal [ag lucht na cúlchainte],
déanfar focail lucht na tuisceana a mheá go cruinn.
26 Tá aigne na n-amadán ina mbéal;
agus tá smaointe na saoithe ar a mbeola.
27 Nuair a chuireann an t-éagráifeach mallacht ar a [namhaid],
cuireann sé mallacht ar a anam féin.
28 Déanann an béadánaí é féin a tháiriú,
agus tugann a chomharsa fuath dó.

22 Is geall le carraig bhréan fear na leisce,
agus bíonn cách ag fonóid faoina aithis.
2 Is geall le cnapán aoiligh fear na leisce;
gach duine a bheireann greim air, croitheann sé dá láimh é.

Leanaí Mí-Mhúinte

3 Is mór an náire é mac mí-mhúinte a ghiniúint;
agus is dochar é breith iníne.
4 Faigheann iníon chiallmhar fear di féin,
ach is dólás dá hathair iníon gan náire.
5 Tugann iníon easumhal náire dá hathair agus dá fear céile,
agus beidh drochmheas acu araon uirthi.

[6] Is cuma nó ceol ag tórramh, eachtra a insint go míthráthúil;
ach tá ciall gach tráth le pionós agus le smachtú.
[7] (Clann a thógtar i saol fónta, ceileann siad dúchas uiríseal a dtuismitheoirí;
[8] Clann atá gan urraim, gan mhúineadh, gan chneastacht,
(tugann siad masla d'uaisleacht a muintire.)

Ciall agus Éigiall

[9] Is cuma a bheith ag teagasc daoi nó a bheith ag dlúthú smidiríní pota le chéile,
nó ag dúiseacht duine atá i dtromshuan.
[10] Is cuma a bheith ag insint scéil do dhaoi nó do chodlatán:
nuair a bheidh deireadh ráite déarfaidh sé: "Céard é sin?"
[11] Bí ag caoineadh an mhairbh, mar tá an solas de dhíth air;
bí ag caoineadh an daoi, mar tá ciall de dhíth air;
ná goil chomh goirt ar an marbh, mar tá sé ar a shuaimhneas;
Is measa ná bás beatha daoi.
[12] Seacht lá a mhaireann caoineadh an mhairbh,
ach caointear an daoi agus an coirpeach ar feadh a saoil.
[13] Ná cuir focail amú ar an dúr
agus fan amach ón bhfear gan éirim;
seachain é d'fhonn nach mbeadh trioblóid ort,
agus go bhfágfadh sé smál ort agus é ag imeacht leis;

fair amach dó agus beidh suaimhneas agat,
agus ní chuirfidh a bhaois go deo aon suaitheadh ort.
14 Cad is troime na luaidhe,
agus cad eile is ainm dó ach Amadán?
15 Gaineamh, salann, nó cnapán iarainn
– nach fusa iad a iompar ná duine dúr?
16 An chearchaill a ghreamaítear i bhfoirgneamh,
ní bhogfaidh crith talún é;
sé an dála céanna é ag an aigne meáite ar dhea-chomhairle,
ní chlisfidh sí in uair na cinniúna.
17 Is cuma croí socair ar chúrsa ciallmhar
nó plástráil mhaisiúil ar fhalla slíoctha.
18 An fál cuaillí ar an ard,
ní sheasóidh sé an fód in aghaidh na gaoithe;
sé an dála céanna é ag croí an daoi,
scanraíonn a smaointe féin é,
agus ní sheasóidh sé an fód in aghaidh na heagla.

Cairdeas

19 Prioc súil agus sceithfidh deora;
prioc croí agus sceithfidh taom.

[20] Caith clocha le héanlaith, agus scaipfidh siad le heagla;
caith asachán le cara, agus scaipfidh tú an cairdeas.
[21] Má nocht tú claíomh in aghaidh do charad,
ná bíodh éadóchas ort, mar tá conair fillte ann.
[22] Má oscail tú do bhéal i gcoinne do charad,
ná bíodh imní ort, bíonn súil le hathchairdeas;
ach i gcás asacháin, díomais, sceitheadh rún, buille fill –
teithfidh gach cara sna cúinsí sin.
[23] Gnóthaigh muinín do chomharsan lá a ghátair,
le go ndéanfaidh tú lúcháir leis lá a shéin;
bí taobh leis in am a thrioblóide,
le go mbeidh tú i bpáirt leis ina oidhreacht.
[24] Gabhann gal agus deatach ón sorn sula lasann sé,
agus sé an dála céanna é ag maslaí roimh dhoirteadh fola.
[25] Ní bheidh náire orm cara a chosaint,
ná ní rachaidh mé i bhfolach as a radharc;
[26] Má thagann urchóid orm dá bharr,
beidh cách a chloisfidh san airdeall air.

Aire

[27] Cé a chuirfidh garda ar mo theanga
agus séala na críonnachta ar mo bheola?

le mé a choimeád ó thitim,
agus nac scriosfadh mo theanga mé.
23 A Thiarna, a athair agus a mháistir mo bheatha,
ná fág mé faoina gcomhairle,
agus ná lig dom titim dá mbarr.
2 Cé a imreoidh lasca ar mo smaointe,
agus a chuirfidh laincis na heagna ar m'aigne?
d'fhonn nach ndéanfaí tláithínteacht liom i m'earráidí,
agus nach n-éalódh aon pheaca liom slán;
3 Le heagla go méadófaí ar líon m'earráidí
agus go rachadh mo pheacaí i líonmhaire,
agus go dtitfinn os comhair mo naimhde
agus go mbeadh áthas ar m'eascara de mo chionn.
4 A Thiarna, a athair, agus a Dhia mo bheatha,
ná tabhair dom súile uaibhreacha,
5 agus cuir ainmhian i leataobh uaim;
6 ná faigheadh craos ná drúis an lámh in uachtar orm,
agus ná fág mé faoi anam gan náire.

Lochtaí na Teanga

7 Éistigí, a chlann ó, le teagasc faoin teanga;
an té a choimeádfaidh é, ní bhéarfar amuigh air choíche.

[8] Titeann an peacach i ngaiste a theanga,
agus is ceap tuisle í don aithiseach agus don uaibhreach.
[9] Ná téadh do bhéal i dtaithí na mionn,
agus na bíodh ainm an Té is Naofa de shíor ar do theanga.
[10] An daorán a bhíonn de shíor á fhaire
ní bhíonn sé saor ó riastaí;
is é an dála céanna é ag an té a thugann mionna agus a ghlaonn ar an ainm gan stad,
ní ghlanfar é ón bpeaca.
[11] Líonfar le hurchóid fear tabhartha a lán mionn;
ní fhágfaidh an sciúirse a theaghlach;
má pheacaíonn sé, fanfaidh a pheaca air;
má mhionnaíonn sé gan ábhar, déanfaidh sé peaca faoi dhó;
má thugann sé mionn éithigh, ní fhíréanfar é,
mar líonfar a theach le hainnise.
[12] Tá nós cainte ann ar a bhfuil aibíd an bháis;
ná faightear go deo é in oidhreacht Iacóib!
fanfaidh an dream diagaithe i bhfad i gcéin uaidhsean,
agus ní shiúlfaidh siad go glúine i bpeacaí.
[13] Ná tabhair taithí na graostachta agus na gáirsiúlachta do do theanga,
mar gabhann caint pheacúil leis an sórt sin.
[14] Cuimhnigh ar d’athair agus ar do mháthair
nuair a shuíonn tú i measc na bhflatha,

le heagla go ndéanfá dearmad os a gcomhair,
agus go mbeadh meas amadáin ort de bharr do bhéas;
b’fhearr leat ansin nach saolófaí chuige thú,
agus chuirfeá mallacht ar lá do bhreithe.
15 An té a bhfuil taithí aige ar asacháin,
ní rachaidh múineadh air lena shaol.

D r úis

16 Cuireann dhá shórt fir le líon na bpeacaí,
agus titeann fraoch na feirge ar an tríú sort;
17 An croí a bhíonn á dhó mar thine loiscneach
ní mhúchfar é nó go gcaitear ar fad é;
an té a dhéanann collaíocht lena ghaol fola
ní rachaidh aon stad air nó go ndófar gach pioc de;
is milis leis an adhaltranach gach bia,
agus ní rachaidh aon stad air go bás.
18 An té a pheacaíonn in aghaidh leaba a phósta,
agus a deir leis féin: “Cé tá ag faire orm?
tá an dorchadas i mo thimpeall agus tá na fallaí do mo cheilt;
ní fheiceann aon duine mé; cén fáth go mbeadh imní orm?
ní thabharfaidh an Té is Airde aon aird ar mo pheacaí.”

19 Súile daoine is eagal leis,
ní thuigeann sé go bhfuil súile an Tiarna
níos gile faoina deich ná an ghrian;
go mbíonn siad ag faire ar bhealaí uile an duine
agus gur léir dóibh fiú na póirsí folaigh.
20 Sular ceapadh an chruinne ba eol dó í go léir;
agus b'amhlaidh a bhí tar éis í go léir a chumadh.
21 Cuirfear pionós ar an bhfear seo ar shráideanna na cathrach;
agus gabhfar é san áit is lú a mbeidh coinne aige leis.
22 Beidh an scéal céanna ag an mbean a thréigfidh a fear
agus a mbeidh oidhre aici le fear eile.
23 Sa chéad áit, ní raibh sí umhal do dhlí an Té is Airde;
sa dara háit, rinne sí coir in aghaidh a fir chéile;
sa tríú háit, rinne sí adhaltranas trína striapachas,
agus ghabh sí clann le fear eile.
24 Tabharfar í féin os comhair an chomhthionóil,
agus déanfar iniúchadh ar a clann.
25 Ní chuirfidh a clann fréamhacha síos,
ná ní bheidh torthaí ar a craobhacha.
26 Fágfaidh sí a cuimhne faoi mhallacht ina diaidh,
agus ní scriosfar a haithis chun siúil.

27 An mhuintir a mhairfidh ina diaidh,
beidh a fhios acu nach sáraíonn aon ní eagla an Tiarna.
agus nach milse aon ní na cloí le haitheanta an Tiarna.

Moladh na hEagna

24 Tá an eagna á moladh féin,
agus ag déanamh mórtais i measc a muintire.
2 Osclóidh sí a béal i gcomhthionól an Té is Airde
agus déanfaidh sí mórtas i láthair a shlua.
3 “Tháinig mé amach as béal an Té is Airde,
agus chlúdaigh mé an talamh mar scamall.
4 Bhí mo bhoth agam sna harda,
agus mo ríchathaoir ar cholún néil.
5 Rinne mé cuairt stua na spéire liom féin,
agus shiúil mé i ndoimhne an duibheagáin.
6 Tá sealúchas agam i dtonnta na bóchna, agus ar fud an domhain,
i ngach pobal agus i ngach cine.
7 Lorg mé áit lonnaithe ina measc sin go léir,
agus cé hiad a suífinn mo champa ina gcríocha.
8 Ansin thug cruthaitheoir an uile ní ordú dom,
agus cheap an té a chruthaigh mé láthair do mo bhoth;

dúirt sé: ‘Déan cónaí i Iacób,
agus bíodh Iosrael agat mar oidhreacht.’
9 Ón tsíoraíocht roimh thúsú an domhain, chruthaigh sé mé,
agus beidh mé ann go brách na breithe.
10 Rinne mé freastal ina láthair sa bhoth naofa,
agus ar an gcuma sin daingníodh mé ar Shíón.
11 Mar an gcéanna chuir sé i mo chónaí mé sa chathair is ansa leis,
agus is in Iarúsailéim atá mo thiarnas agam.
12 Chuir mé fréamhacha amach i bpobal a bhí faoi ghradam,
i sealúchas an Tiarna arb é a oidhreacht é.
13 D’fhás mé suas go hard mar chéadar sa Liobáin,
agus mar chufróg ar ardáin Hearmón.
14 D’fhás mé suas go hard mar chrann pailme in Éan Geidí,
agus mar mhuine rós in Ireachó,
mar ológ mhaisiúil ar mhachaire;
agus mar chrann plána d’fhás mé aníos.
15 Thug mé cumhracht uaim mar chainéal agus acaicia,
agus spréigh mé musc mar thogha an mhiorr,
mar ghalbanam, onux, agus stactae,
agus mar chumhracht na túise sa bhoth.
16 Leath mé mo ghéaga mar an teiribint;
is géaga glóire agus maise mo ghéaga;

17 Dála na fíniúna, d’eascair craobha áille asam,
agus tá glóir agus saibhreas mar thoradh ar mo bhláth.
18 (Mise máthair an ghrá álainn, na heagla, an eolais, agus an dóchais bhúidh;
tugtar mé dá bhrí sin do mo chlann go léir ón tsíoraíocht, dóibh siúd go léir a
ainmníonn sé.)
19 Tagaigí chugam sibhse go léir a bhfuil dúil agaibh ionam,
agus ithigí bhur sáith de mo chuid torthaí.
20 Óir is milse ná mil a bheith ag cuimhneamh orm,
agus is dea-bhlasta fós ná cíor mheala mé a shealbhú.
21 Beidh dúil i mbreis ag an muintir a itheann mé
agus tart chun a thuilleadh fós ar an muintir a ólfaidh mé.
22 Ní náireofar an té a éisteann liom,
agus a mhuintir a dhéanann rud orm, ní dhéanfaidh siad peaca choíche.”

An Eagna agus an Dlí

23 Sé conradh Dé in airde é seo go léir,
an dlí a d’ordaigh Maois dúinn,
oidhreacht do chomhthionóil Iacóib;
24 (Ná scoir de bheith tréan sa Tiarna;
cloígh leis le go neartódh sé thú;

sé an Tiarna Uilechumhachtach amháin is Dia;
níl slánaitheoir ann ach é.)
25 Sin é a chuireann an eagna thar maoil mar an Piseón,
agus mar an Tígris i séasúr na gcéadtorthaí;
26 Sin é a chuireann an chiall thar maoil mar an Eofrataes,
agus mar an Iordáin san fhómhar.
27 Sin é a chuireann an teagasc [ina thuile mar an Níl,]
agus mar an nGíohón i bhfómhar an fhíona.
28 Mar nach bhfuair an chéad fhear aithne cheart uirthi,
agus níor thomhais an té is déanaí go baileach í.
29 Óir is fairsinge ná an fharraige a smaointe,
agus is doimhne ná an duibheagán a comhairle.
30 Agus maidir liomsa, ghabh mé mar chanáil ó abhainn,
mar gháitéar uisce isteach i ngairdín.
31 Dúirt mé: “Déanfaidh mé m’úllord a uisciú,
agus mo luibhghort a lánfhliuchadh.”
Agus féach, rinneadh abhainn de mo chanáil
agus muir de m’abhainn.
32 Cuirfidh mé teagasc ag taitneamh mar an láchaint,
agus spréifidh mé a sholas i bhfad i gcéin.
33 Déanfaidh mé eolas a dhoirteadh amach mar thairngreacht,
agus fágfaidh mé é do ghlúine le teacht.

[34] Féachaigí nach dom féin amháin a rinne mé saothar,
ach ar son cách atá ar thóir na heagna.

Seanfhocail

25 [Is geal le mo chroí trí nithe,
agus is geal le Dia agus le daoine iad]
– tuiscint idir dearthóireacha, cairdeas idir comharsana,
agus lánúin a mhaireann go sona sásta lena chéile.
[2] Tá trí shórt duine is fuath le mo chroí,
agus is mór mar a ghoilleann a saol orm
– bochtán a bhorrann le huabhar, bréagaire saibhir,
agus adhaltranach aosta gan chiall.
[3] Mura ndearna tú cnuasach i d'óige,
conas a gheobhaidh tú aon ní i do sheanaois?
[4] Nach breá é an dea-bhreithiúnas ó chinn liatha,
agus dea-chomhairle á tabhairt ag liatha!
[5] Nach breá í eagna na sean,
agus tuiscint agus comhairle ó lucht an ghradaim!
[6] Coróin na seanaoise taithí fhairsing,
agus eagla an Tiarna ábhar a maite.

7 Ritheann naoi smaoineamh liom a chuireann gliondar ar mo chroí,
agus tá an deichiú ceann ar bharr mo theanga:
fear ar a gcuireann a chlann lúcháir,
fear a mhaireann le turnamh a naimhde a fheiceáil;
8 Is aoibhinn don fhear a dhéanann aontíos le bean chiallmhar,
agus nach ndearna botún ina chaint,
agus nach ndearna seirbhís do dhuine níos táire ná é;
9 Is aoibhinn don té a fuair dea-chiall;
agus a dtugann a lucht éiste aird air.
10 Nach éachtach é an té a d'aimsigh an eagna,
ach níl sárú ar an té ar a bhfuil eagla an Tiarna.
11 Sáraíonn eagla an Tiarna an uile ní
agus cé is inchomhórtais leis an té atá ina mháistir uirthi?
12 (Tús a ghrá eagla an Tiarna,
agus tús an chreidimh cloí leis.)

M ná

13 Aon chréacht ach créacht sa chroí
aon choirpeacht ach coirpeacht mhná!
14 Aon ionsaí ach ionsaí lucht fuatha!
aon díoltas ach díoltas naimhde!

15 Níl nimh níos measa ná nimh nathrach!
ní measa aon fhearg ná fearg namhad.
16 B fhearr liom bheith in aontíos le leon nó le dragan,
ná bheith in aointíos le drochbhean.
17 Athraíonn urchóid mná a cló,
agus cuireann scamall ar a gnúis dála béir.
18 Caitheann a fear a chuid lena chomharsana,
agus bíonn ag osnaíl go goirt [gan focal as].
19 Ní mór an ní is fiú aon urchóid go hurchóid mná;
go dtite crann an pheacaigh uirthi!
20 Is cuma fear ciúin ag plé le cabaire mná
nó cosa an tseanduine ag dréim le dumhach gainimh.
21 Ná cuireadh scéimh mná cluain ort,
agus ná bíodh dúil agat i mbean ar son a [maoine].
22 Gabhann drochmhianach agus easumhlaíocht agus aithis leis
má chothaíonn bean a céile.
23 Drochmhisneach, gnúis ghruama, agus croí briste,
– sin iad na nithe a thugann drochbhean chun críche;
lámha gan fhuinneamh agus glúine laga,
bean nach gcuireann lúcháir ar a fear is cúis leo.
24 Ó bhean a tháinig tús an pheaca,
agus is dá barr a gheobhaidh an uile dhuine bás.

[25] Ná lig le huisce
agus ná scaoil le teanga drochmhná.
[26] Mura ndéanann sí rud ort,
scar léi.

26 Is méanar don fhear a bhfuil bean chéile mhaith aige;
méadófar líon a laethanta faoi dhó.
[2] Cuireann bean chéile dhiongbháilte áthas ar a fear,
agus caitheann sé a shaol faoi shuaimhneas.
[3] Tabhartas breá is ea bean chéile mhaith;
bronnfar í mar chuid an té a bhfuil eagla an Tiarna air.
[4] Más bocht saibhir é, bíonn a chroí go sona sasta;
agus bíonn aoibh an gháire ar a bhéal i gcónaí.
[5] Tá trí nithe ann a chuireann scanradh croí orm,
agus cuireann an ceathrú ceann scéin orm –
cúlghearradh sa chathair, daoscarshlua ag tionól,
agus daoradh san éagóir – is measa iadsan go léir ná an bás:
[6] Ach nuair a bhíonn bean in éad le bean eile, bíonn briseadh croí agus brón;
agus fógraíonn lasc na teanga don saol é.
[7] Cuing damh nach luíonn i gceart is ea drochbhean;
is cuma lámh a leagan uirthi nó greim a bhreith air scairp.

[8] Is mór an t-ábhar feirge bean ar meisce;
ní cheilfidh sí a náire.
[9] Léitear ainmhian mná ina súile drúisiúla,
agus aithnítear í ar a fabhraí fiara.
[10] Bíodh faire dhian ar iníon cheanndána,
nó, nuair a bheidh cead a cinn aici,
bainfidh sí feidhm dhíobhálach as.
[11] Seachain a súil mhínáireach;
agus ná cuireadh sé ionadh ort má pheacaíonn sí i do choinne.
[12] Faoi mar a osclaíonn taistealaí a bhéal le barr tarta
agus a ólann sé aon uisce a thagann ina threo,
suífidh sí os comhair gach cuaille,
agus osclóidh sí a bolgán don tsaighead.
[13] Is geal le fear grástúlacht a mhná,
agus cuireann a cuid eolais saill ar a chnámha.
[14] Bronntanas ó Dhia bean ar bheagán focal;
ní féidir luach a chur ar mheon dea-mhuinte.
[15] Tabhartas ar thabhartas bean mhodhúil;
ní féidir aigne gheanmnaí a mheá mar is dual.
[16] Mar an ghrian ag éirí de dhroim sléibhte an Tiarna,
is mar sin atá ag áille dea-mhná i dteach dea-riartha.

17 Mar an choinneal ag taitneamh ar an gcoinnleoir naofa,
is mar sin atá ag ceannaithe áille ar cholainn chórach.
18 Mar cholúin órga ar bhonn airgid,
is mar sin atá cosa dea-chumtha ar [sháile] daingine.
19 (Caomhnaigh bláth d óige, a mhic ó,
agus ná caith do neart le coimhthígh.
20 Cuardaigh an machaire go léir le haghaidh ghoirt thorthúil;
cuir do shíol féin ann, le barr muiníne as feabhas do phóir.
21 Mairfidh do shliocht ar an gcuma sin,
agus rachaidh méadú orthu le bród as a ndúchas fónta.
22 Meas priosla a bhíonn ar striapach,
ach is túr básaithe dá lucht suirí an bhean dhleathach.
23 Tugtar bean aindiagaithe mar chuid do choirpeach,
ach bean chráifeach don fhear arb eagal leis an Tiarna.
24 Ní théann stad ar an mbean mhínaireach ó bhearta náireacha;
ach bíonn an iníon gheanmnaí cúthail fiú lena fear céile féin.
25 Ní bhíonn ach meas madra ar bhean cheanndána,
ach bíonn eagla an Tiarna ar bhean na náire.
26 Is eagnaí le cách an bhean a bhfuil meas aici ar a fear:
ach an té a bhfuil drochmheas aici air le barr uabhair, is éagráifeach í dar le cách;
is méanar do chéile na dea-mhná, mar méadófar líon a bhlianta faoi dhó.

[27] Clabaire béalscaoilteach mná, is geall le trumpa í á shéideadh le ruathar a thabhairt
faoin namhaid;
agus aon fhear faoin gcuing léi, caitheann sé a shaol i mbuaireamh an chogaidh.)

Seo agus Siúd

[28] Cuireann dhá ní buairt ar mo chroí, agus cuireann an tríú ní fraoch feirge orm:
curadh á shnoí le bochtaine,
drochmheas ar lucht éirime,
agus fear ag casadh ón bhfíréantacht ar ais ar an bpeaca
– déanfaidh an Tiarna an té sin a choiriú do bhás le faobhar claímh.
[29] Is deacair don cheannaí an éagóir a sheachaint,
agus ní shaorfar an mangaire ón bpeaca.

27 Is iomaí duine a rinne peaca ar son [brabúis];
an té ar mian leis a bheith saibhir, ní foláir dó [a bheith bómanta].
[2] Faigheann cuaille greim daingean i scoilt idir carraigeacha;
déanann an peaca ding de féin idir díol agus ceannach.
[3] Mura gcloíonn duine go díograiseach le heagla an Tiarna,
ní fada an mhoill ar a theaghlach titim óna chéile.
[4] Nuair a chroitear an criathar fágtar an dramhaíl ann;
mar an gcéanna feictear lochtanna an duine trí bhíthin a chuid cainte.

[5] Tástálann an sorn soithí an photaire;
agus triailtear an duine trí bhíthin a chomhrá.
[6] Taispeánann toradh an chrainn an aire a tugadh dó;
mar an gcéanna taispeánann briathra an duine claonta a chroí.
[7] Ná mol duine go mbeidh deireadh ráite aige;
óir is mar sin a dhéantar é a thástáil.
[8] Má théann tú sa tóir ar an gcóir, déanfaidh tú í a ghnóthú,
agus a chaitheamh mar fhallaing ghlórmhar.
[9] Aithníonn ciaróg ciaróg eile,
agus filleann an fhírinne ar lucht a cleachtaithe.
[10] Déanann an leon luíochán ar a chreach,
agus sa tslí chéanna an peaca ar lucht déanta an oilc.
[11] Is críonna i gcónaí í caint an duine chráifigh,
ach tá an t-éaganta chomh guagach leis an ngealach.
[12] I measc na ndúr duit, bí ag faire na faille,
ach fan bog i measc na dtuisceanach.
[13] Is gránna í caint na n-amadán,
agus is ragairneach peacúil é a ngáire.
[14] Chuirfeadh caint lucht mionnaí a thabhairt do ghruaig ar bior;
agus chuirfeadh a gcuid aighneas ort do mhéara a chur i do chluasa.
[15] Doirteadh fola is críoch le hachrann na ndíomasach;
chuirfeadh sé masmas ort éisteacht lena gcuid asachán.

16 An té a sceitheann rúin, scriosann sé muinín,
agus ní bhfaighidh sé cara ar a mhian go deo.
17 Bíodh cion agat ar do chara, agus bí dílis dó;
ach má sceith tú a rúin, ná rith ina dhiaidh arís.
18 Faoi mar a scriosann fear a naimhde,
is mar sin a scrios tú cairdeas do chomharsan.
19 Faoi mar a scaoileann tú éan as do láimh uait,
is mar sin a scaoil tú le do chomharsa agus ní bhfaighidh tú greim arís air.
20 Ná bac é a leanúint – tá sé rófhada ó bhaile,
agus d'éalaigh sé leis mar eilit ó ghaiste.
21 Óir is féidir ceirín a chur le créacht, agus síocháin a theacht tar éis asacháin,
ach níl aon ní i ndán do fhear rúin a sceitheadh.

Cur i gCéill

22 An té a sméideann súil, tá urchóid á beartú aige,
agus ní féidir d'aon duine í a chosc air
23 Níl ach mil ar a theanga i do láthair,
agus déanann sé iontas de do chuid cainte;
ach beidh sé ar mhalairt poirt níos déanaí
agus bainfidh sé macalla maslaitheach as do bhriathra féin.

[24] Is iomaí rud is fuath liom,
ach eisean seach cách;
beidh fuath fiú ag an Tiarna dó.
[25] An té a chaitheann cloch in airde díreach, is sa mhullach air féin a chaitheann sé í;
osclaíonn buille fill créachtaí.
[26] An té thochlann clais, titeann sé inti;
an té a chuireann gaiste i bhfearas, béarfar air féin ann.
[27] Filleann an urchóid ar an té a dhéanann urchóid,
agus ní bheidh a fhios aige carb as di.
[28] Searbhas agus masla, baineann siad leis an uaibhreach,
ach tá díoltas ina luíochán air mar leon.
[29] An mhuintir arb lúcháir leo titim na bhfíréan,
béarfar orthu sa ghaiste,
agus meilfidh pian iad roimh bhás dóibh.

Díoltas agus Achrainn

[30] Fearg agus fraoch, is duáilcí déistineacha iad sin,
agus gheofar iad i seilbh an pheacaigh.

28 An té a imríonn díoltas, imreoidh an Tiarna díoltas air,
mar coinníonn sé cuntas cruinn ar a pheacaí.

[2] Maith do do chomharsa an éagóir a dhéanann sé,
agus nuair a dhéanfaidh tú guí, maithfear do pheacaí duit.
[3] Má choimeádann duine olc istigh do dhuine eile,
conas is féidir leis leigheas a lorg ar an Tiarna?
[4] Mura ndéanann sé trócaire ar dhuine cosúil leis féin,
conas is féidir leis maithiúnas a iarraidh ina pheacaí féin?
[5] Níl ann féin ach feoil agus cothaíonn sé fuath;
cé a mhaithfidh a pheacaí dó?
[6] Cuimhnigh ar do chríoch dheireanach, agus scoir den fhuath;
cuimhnigh ar an scrios agus an bás, agus mair de réir na n-aitheanta.
[7] Cuimhnigh ar na haitheanta agus ná bíodh olc agat do do chomharsa;
cuimhnigh ar chonradh an Té is Airde, agus ná tóg ceann den aineolas.
[8] Seachain an t-achrann agus is lú peaca a dhéanfaidh tú:
óir adhnann fear drochmhianaigh achrann.
[9] Cothaíonn an fear peacúil aighneas idir cairde.
agus síolann eascairdeas idir lucht síochána.
[10] De réir meid an chonnaidh is ea a bheidh an béileach,
agus de réir chruas an chomhraic a bheidh an bhladhm;
de réir neart an fhir a bheidh a chuthach,
agus méadóidh ar a fhearg, de réir a mhaoine.
[11] Adhnann aighneas tobann tine,
agus doirteann achrann mire fuil.

[12] Séid an sméaróid, agus lasfaidh sí;
caith seile uirthi agus múchfaidh sí;
as do bhéal amach a thagann siad araon.

An Teanga

[13] Léan ar an gcúlchainteoir agus ar an gcladhaire;
mar is iomaí duine de lucht na síochána a scrios sé.
[14] Rinne an [tromaíocht] a lán a shuaitheadh,
agus a scaipeadh ó náisiún go náisiún;
scrios sí cathracha daingne,
agus leag ar lár teaghlaigh na dtréan.
[15] Thiomáin an [tromaíocht] mná cróga ar shiúl
agus d fhág iad gan luach a saothair.
[16] Ní bheidh suaimhneas ag an té a thabharfaidh cluas di;
ná ní chuirfidh sé faoi go síochánta.
[17] Fágann buille den lasc riasta,
ach briseann léasadh teanga na cnámha.
[18] Is iomaí duine a thit le faobhar claímh,
ach is mó ná sin a thit le faobhar teanga.
[19] Is méanar don té a díonadh uirthi,
nár tháinig faoina cuthach,

nár iompair a cuing,
agus nár cuibhríodh faoina geimhle.
20 Óir is cuing iarainn a cuing
agus is geimhle cré-umha a geimhle;
21 Anbhás an bás a imríonn sí,
agus is fearr Seól ná í.
22 Ní bhfaighidh sí smacht ar na fíréin,
ná ní dhófar iad ina tine.
23 An mhuintir a thréigfidh an Tiarna, titfidh siad inti;
bladhmfaidh sí ina measc agus ní mhúchfar í;
scaoilfear fúthu í mar a dhéanfaí leon,
agus bascfaidh sí iad mar a dhéanfadh liopard.
24 Cuir fál droighin timpeall d fháltais,
agus cuir do chuid airgid agus óir faoi ghlas i dtaisce.
25 Déan scálaí agus méa do do bhriathra,
agus doras agus bolta do do bhéal.
26 Seachain agus ná déan peaca le [do theanga],
le heagla go dtitfeá mar chreach leis an té atá i luíochán.

Iasacht Féile agus Bannaí

29 Tugann fear na trócaire a dhéanamh iasacht dá chomharsa,
agus an té a thugann lámh chúnta dó, comhlíonann sé na haitheanta.

[2] Tabhair iasacht do do chomharsa in am a ghátair,
agus arís tabhair ar ais don chomharsa in am trátha.
[3] Déan beart de réir do bhriathair agus ná loic air,
agus ar gach ócáid gheobhaidh tú a mbeidh de dhíth ort.
[4] Is dóigh lena lán gur fáltas í an iasacht,
agus bíonn siad ag cur as dá lucht cúnta.
[5] Déanfaidh duine lámh a phógadh nó go bhfaighidh sé an ailp
agus beidh sé ag caint de ghlór íseal faoi mhaoin a chomharsan;
ag am an aisíoctha, déanfaidh sé moill;
íocfaidh sé le focail gan aird,
agus déanfaidh gearán faoin am.
[6] Má bhrúnn [an t-iasachtóir] air, is ar éigean a gheobhaidh sé a leath ar ais,
agus is geall le fáltas dar leis an méid sin.
Ach mura ndéanann, fágfar in éagmais a choda é,
agus beidh namhaid gnóthaithe aige in aisce;
déanfaidh mo dhuine aisíoc leis le mallachtaí agus asacháin,
agus in áit na hurraime, tabharfaidh sé masla dó.
[7] De bharr a leithéid sin de choirpeacht, dhiúltaigh a lán iasacht a thabhairt;
níl ann ach nach áil leo go meallfaí iad gan chúis.
[8] Bí foighneach dá ainneoin sin le fear an ghátair,
agus ná bíodh sé ag feitheamh le do dhéirc.

9 Tar i gcabhair ar an mbochtán ar son na haithne,
agus ná scaoil uait folamh é agus é ar an ngannchúis.
10 Caith do chuid airgid ar do bhráthair nó ar do chara,
agus ná lig do mheirg teacht air faoi chloch agus dul amú.
11 Cnuasaigh do stór de réir aitheanta an té is Airde,
agus rachaidh sé chun sochair duit níos fearr ná ór.
12 Cuir déirc i dtaisce i do chiste,
agus fuasclóidh sí thú as gach tubaiste.
13 Troidfidh sí in aghaidh do namhad,
níos fearr ná sciath dhaingean nó sleá throm.
14 Rachaidh an fear maith i mbannaí ar a chomharsa;
ach an té a chaill a náire, loicfidh sé air.
15 Ná déan dearmad de chumaoin d'urra,
mar thug sé a anam ar do shon.
16 Is cuma leis an bpeacach faoi chonách a urra;
agus an duine míbhuíoch, déanann sé dearmad den té a d'fhuascail é.
17 Is iomaí duine acmhainneach a scriosadh trí dhul i mbannaí;
chroith sé iad mar a dhéanfadh tonn farraige.
18 Chuir sé fir chumasacha ar ionnarba,
agus d'fhág ar fán iad i measc ciníocha coimhthíocha.
19 An peacach a thit faoi bhannaí
agus a bhíonn sa tóir ar an mbreis, beidh sé i ngreim sa dlí.

[20] Tar i gcabhair ar do chomharsa de réir do chumais,
agus seachain agus ná tit!

Teach agus Treabh

[21] Tús na beatha uisce, agus bia, agus éadach
agus teach mar bhrat ar an náire.
[22] Is fearr beatha an bhochtáin faoi dhíon a fhrathacha,
ná sócamas bia i dteach duine eile.
[23] Bí sásta leis an mbeagán nó leis an mórán,
[agus ní bheidh masla le clos agat faoi do chuairt].
[24] Is ainnis an saol é a bheith ó theach go teach,
agus cibé áit ina mbuailfidh tú fút, ní bheidh focal asat.
[25] Is deoraí thú agus [blaisfidh tú searbhas na haithise],
agus seachas sin cloisfidh tú focail ghéara:
[26] Tar anseo, a strainséir, agus cóirigh an bord,
agus má tá aon ní i do láimh, tabhair dom le hithe é.”
[27] “Fág an áit, a strainséir, ó dhuine measúil;
tháinig mo dheartháir le fanacht faram agus tá gá leis an teach.”
[28] Is deacair do dhuine goilliúnach éisteacht lena leithéid seo –
doiceall faoi lóistín, agus aithis an iasachtóra.

30 An té a bhfuil grá aige dá mhac, tabharfaidh sé léasadh dó go minic,
i dtreo go mbeidh sé ina lúcháir aige nuair a chuirfear i gcrích é.
2 An té a chuireann smacht ar a mhac, beidh a thairbhe aige,
agus beidh sé ina ábhar maíte aige i measc a lucht aitheantais.
3 An té a thugann teagasc dá mhac, beidh a naimhde in éad leis,
agus beidh sé mórtasach as i measc a chairde.
4 Fág go bhfaigheadh an t-athair bás is geall le beo fós dó,
mar fágann sé a fhinechruth ina dhiaidh.
5 Fad a mhair sé bhí sé de shólás aige radharc a bheith aige air,
agus ag fáil bháis dó ní raibh aon mhairg air.
6 Fágann sé fear a imreoidh díoltas ar a naimhde,
agus a íocfaidh an comhar lena chairde.
7 An té a dhéanann peata dá mhac, beidh sé ag cur bindealáin lena chréachtaí,
agus beidh a chroí go dtí a bhéal le gach liú.
8 An capall nach mbristear, bíonn sé ceanndána,
agus an mac gan smacht bíonn sé stuacach.
9 Bí ag peataireacht le do mhac, agus cuirfidh sé scanradh ort;
bí ag súgradh leis, agus cuirfidh sé dólás ort.
10 Ná bí ag gáire leis chun nach mbeifeá ag gol leis,
agus ar deireadh go mbeadh d’fhiacla ag gioscán.
11 Ná tabhair údarás dó ina óige,
agus ná caoch súil ar a thuaiplisí.

12 [Crom a mhuineál agus é ina naíonán]
agus buail a mhaotháin agus é óg
d'fhonn nach n-éireodh sé ceanndána agus bheith
easumhal duit (agus brón a chur ar do chroí).
13 Cuir smacht ar do mhac agus lean air,
d'fhonn nach dtabharfadh a mhínáire aithis duit.

Sláinte agus Aoibhneas

14 Is fearr as an bochtán ina shláinte agus ina neart,
ná an duine saibhir atá á chrá ag drochshláinte.
15 Is fearr sláinte agus neart ná ór ar bith,
agus colainn dhochaite ná maoin gan áireamh.
16 Is fearr sláinte choirp ná saibhreas ar bith,
agus ní sháraíonn aon aoibhneas an croí suairc.
17 Is fearr an bás ná saol dona,
agus suaimhneas síoraí ná breoiteacht bhuan.
18 Is cuma nithe maithe a chaitheamh le béal iata,
nó ofrálacha bia a fhágáil ar uaigh.
19 Cén tairbhe d'íol ofráil torthaí?
níl cumas ite ná bolaithe aige;
is mar sin don té ar a luíonn an Tiarna.

[20] Faigheann sé lán a shúl, agus bíonn ag cneadaíl
dála an choillteáin a bhíonn ag cneadaíl agus é ag breith barróige ar mhaighdean.
[21] Ná tabhair thú féin suas don bhrón
agus ná bí do do chiapadh féin d'aonghnó.
[22] Maireann an duine ar aoibhneas croí,
agus is fad saoil dó an t-áthas.
[23] Cuir lúcháir ar d'aigne agus tabhair sólás do do chroí;
cuir an ruaig i bhfad uait ar an mbrón,
mar is iomaí duine a scrios an brón,
agus ní aon tairbhe é d'aon duine.
[24] Ciorraíonn an t-éad agus an fhearg saol duine,
agus déanann imní an tseanaois a bhrostú.
[25] Fear croí éadroim agus fear croí mhóir,
beidh [rian a choda] air.

Saibhreas

31 Neamhchodladh an tsaibhris, déanann sé an cholainn a chnaí;
agus cuireann an imní a ghabhann leis an codladh ar fán.
[2] Cuireann imní an lae as do chodladh na hoíche,
agus cuireann breoiteacht throm an teitheadh ar an gcodladh.
[3] Bíonn saothar ar an saibhir ag cnuasach a stóir,
agus nuair ligeann sé a scíth líonann sé a pheains le sólais.

[4] Bíonn saothar ar an daibhir agus a chuid ag leá,
agus nuair a ligeann sé a scíth buaileann an ghannchúis é.
[5] An té a thugann grá don ór, ní fhíréanófar é,
agus an té a théann sa tóir ar an airgead, cuirfidh sé amú é.
[6] Is iomaí duine a scriosadh de bharr an óir,
cé go raibh an tubaiste os comhair a súl.
[7] Is gaiste é dá bhóidíní,
agus gabhfar gach amadán ann.
[8] Is méanar don duine saibhir a gheofar gan locht,
agus nach dtéann sa tóir ar an ór.
[9] Cé hé féin? agus déanfaimid gairdeas leis,
mar rinne sé nithe iontacha i measc a phobail.
[10] Cé a d'fhéad peaca a dhéanamh agus nach ndearna,
agus olc a dhéanamh agus nach ndearna?
[11] Cuirfear bonn daingean faoina chonách,
agus comórfaidh an comhthionól go léir a dhéirc.

Fleá Fíon agus Féasta

[12] Ar bhuail tú fút ag bord flaithiúil?
ná bíodh craos ort chuige,
agus ná habair: "Cad é bia atá air!"

[13] Cuimhnigh gurb olc an rud í súil na dúile,
ar cruthaíodh aon ní is miangasaí na í?
Uime sin tugann sí na deora ar gach grua.
[14] Ná sín do lámh chun gach a bhfeicfidh tú,
agus ná bí ag trasnaíl [ar do chomharsa] chun na méise.
[15] Tabhair do bhreith ar do chomharsa de réir do cháis féin,
agus bí tuisceanach i ngach cúram.
[16] Ith a gcuirtear romhat mar a dhéanfadh duine [ar a bhfuil tabhairt suas];
ná bí ag cogaint go cíocrach d'fhonn nach mbeadh an ghráin ort.
[17] Bí ar an gcéad duine a stadfaidh den bhia le barr deabhéas;
ná bí doshásta nó tabharfaidh tú masla.
[18] Má bhíonn tú suite le comhluadar
ná sín do lámh rompu.
[19] Nach beag é dóthain an duine dea-thógtha!
ní bhíonn giorranáil air nuair a luíonn sé ar a leaba.
[20] Tá codladh na sláinte ag brath ar ghoile tomhaiste;
bíonn an mochóirí chomh folláin le breac.
Bíonn neamhchodladh, masmas, agus póit
i ndán don sutha.
[21] Má itheann tú breis, éirígh ón mbord,
[caith suas é] agus gheobhaidh tú faoiseamh.

[22] Éist liom a mhic, agus tabhair aird orm,
agus ar deireadh tuigfidh tú mo chuid cainte.
Bí broidiúil i mbun do ghnóthaí go léir
agus ní bhfaighidh easláinte greim ort.
[23] Molfaidh daoine an té atá fial faoi bhia;
agus is iontaofa an teist a thabharfaidh siad ar a fhéile.
[24] An té atá sprionlaithe faoi bhia, beidh sé i mbéal gach aon duine sa chathair,
agus is cruinn an teist a thabharfaidh siad ar a sprionlaitheacht.
[25] Ná bí i do ghaiscíoch i mbun fíona,
mar is iomaí duine a scrios an fíon.
[26] Déanann tine agus uisce an crua a phromhadh;
ar an tslí chéanna déanann an fíon croíthe a phromhadh in aighneas na ndíomasach.
[27] Is cuma nó beatha don duine an fíon
ach é a ól go tomhaiste.
Cad is fiú saol gan fíon?
cruthaíodh é le lúcháir a chur ar dhaoine.
[28] Cuireann fíon áthas ar an gcroí agus lúcháir ar an aigne
ach é a ól san am ceart agus sa tomhas ceart.
[29] Má óltar breis de, nó má oltar é le barr drochmhianaigh nó teaspaigh,
beidh crá croí dá chionn.
[30] Borrann cuthach an amadáin le teann meisce agus bíonn sé féin thíos leis,
mar go mbaineann an meisce óna neart ach go spreagann buillí.

31 Ná bí ag cur ceartú ar do chomharsa ag fleá fíona,
agus ná tabhair masla dó agus é go súgach;
ná labhair go haithiseach leis
agus ná ciap é le hiasacht a éileamh ar ais air.

32 An ndearnadar ceannaire díot? Ná tagadh éirí in airde ort;
Iompair thú féin ina measc mar dhuine díobh féin;
tabhair aire dóibh, agus ansin bí i do shuí.
2 Nuair a bheidh do chúraimí déanta agat, suigh
agus bí meidhreach dá mbarr,
agus faigh coróin ar son do chumas ceannais.
3 Labhair, a sheanóir, óir oireann sin duit;
ach déan amhlaidh le cruinneas cainte
gan cur isteach ar an gceol.
4 Má bhíonn siamsa ann, ná bí ag caint gan stad,
agus ná bí ag saíocht in antráth.
5 Séala carmhogail ar leaba óir,
is ea coirm cheoil ag fleá fíona.
6 Séala smaragaide ar leaba luachmhar óir
is ea streancán ceoil le fíon fónta.
7 Labhair a ógánaigh, más gá duit,
ach gan thar dhá uair, agus má chuirtear ceist chugat.

[8] Labhair go cruinn agus abair mórán i mbeagán focal;
bíodh gothaí an eolais ort, ach gan fonn cainte ort.
[9] I measc na gceannasach, ná hiompair thú féin mar dhuine díobh;
agus ná bí ag giofaireacht agus duine eile ag caint.
[10] Gabhann an splanc roimh an toirneach
agus gabhann gnaoi roimh fhear modhúil.
[11] Éirigh chun imeacht in am, agus ná bí ar deireadh;
brostaigh abhaile agus ná bí ag déanamh moille.
[12] Bain spraoi as ansiúd agus déan mar is mian leat féin,
ach ná peacaigh le barr díomas teanga.
[13] Beannaigh ar a shon sin uile an té a rinne thú,
agus a shásaíonn thú lena nithe fónta.

Eagla Dé

[14] An té arb eagal leis an Tiarna, glacfaidh sé lena smacht;
beidh a ghnaoi ar an muintir a bhíonn á thóraíocht le díograis.
[15] An té a bhíonn ag tóraíocht an dlí, sásóidh sé é;
ach beidh sé ina cheap tuisle ag an bhfimíneach.
[16] An mhuintir ar a bhfuil eagla an Tiarna, beidh siad saorbhreathach,
agus déanfaidh siad dea-ghníomhartha a spreagadh mar a dhéanfadh lóchrann.

17 Seachnaíonn an peacach an chasaoid,
agus bíonn leithscéal aige chun déanamh mar is áil leis.
18 Ní dhéanfaidh an fear stuama neamhaird d'aon tuairim;
agus ní bheidh an duine díomasach [aindiagaithe] ag cúbadh chuige le heagla.
19 Ná tabhair léim caorach i nduibheagán,
agus ná bíodh mairg tar éis birt ort.
20 Ná tabhair conair phriaclach ort féin,
le heagla go mbainfeadh clocha tuisle asat.
21 Ná bíodh an iomad muiníne agat ar chonair réidh.
22 Bí ag faire amach do do chlann féin.
23 Seachain thú féin i ngach beart,
mar is é sin is comhlíonadh na n-aitheanta ann.
24 An té a chuireann a mhuinín sa dlí, tugann sé aird ar na haitheanta;
an té a bfuil iontaoibh aige as an Tiarna, ní bheidh thiar air.

33 Má bhíonn eagla ar dhuine roimh an Tiarna,
ní thiocfaidh aon olc ina bhóthar,
ach déanfaidh seisean é a fhuascailt arís agus arís eile.
2 Ní fuath leis an saoi an dlí;
is cuma nó long i stoirm an té a bhíonn ag fimínteacht faoi.
3 Cuirfidh an t-eagnaí a mhuinín sa dlí,
mar tá an dlí chomh hiontaofa le horacal dar leis.

[4] Bíodh do chuid cainte ullamh agat agus gheobhaidh tú éisteacht;
cruinnigh d’fhoghlaim agus tabhair do fhreagra.
[5] Is cuma nó roth trucaile croí an amadáin,
agus is cuma a smaointe nó mol ag casadh.
[6] Is cuma stail thnúthach nó cara searbhasach;
bíonn sé ag seitreach cibé a bhíonn ag marcaíocht air.

Éagothroime

[7] Cén fáth ar fearr lá ná lá eile
ós rud é gurb ón ngrian solas gach lae sa bhliain?
[8] In aigne Dé a rinneadh an difir eatarthu;
agus eisean a dheighil séasúir agus féilte ó chéile.
[9] Rinne sé cuid díobh a mhóradh agus a naomhú,
agus d’áirigh sé a thuilleadh díobh ina ndálaigh.
[10] As an talamh a d’eascair gach duine,
agus as an deannach a cruthaíodh Ádhamh.
[11] Dhifrigh an Tiarna óna chéile iad in iomláine a eolais,
agus cheap sé a mbealaí ar leith dóibh.
[12] Bheannaigh agus mhóraigh sé cuid díobh;
naomhaigh agus dhruid ina chóngar féin a thuilleadh díobh.
Chuir sé mallacht ar chuid eile acu agus d’ísligh iad,
agus thiomáin sé as a láithreacha iad.

13 Dála na cré i láimh an chriadóra,
[le múnlú] mar is mian leis,
mar sin atá an duine i láimh an té a chum é,
le tabhairt dó de réir mar a bheartaíonn sé.
14 Seasann an mhaith in aghaidh an oilc,
agus an bheatha in aghaidh an bháis;
a dhálasan leis an bpeacach in aghaidh an fhíréin.
15 Caith súil mar sin ar oibreacha uile an Té is Airde;
táid ina gcúplaí ceann in aghaidh an chinn eile.
16 Ba mise ba dhéanaí a bhí ag faire
mar a bheadh gráinseoir i ndiaidh na meithile.
17 De dheonú Dé bhain mé an tosach de chách;
agus líon mé mo chantaoir mar a dhéanfadh fear den mheitheal.
18 Meabhraigh nach ar mo shon féin amháin a rinne mé saothar,
ach ar son gach duine atá ag lorg teagaisc.
19 Éistigí liom, a thaoiseacha an phobail,
agus sibhse, a cheannairí an chomhthionóil, tugaigí aird orm.

Neamhspleáchas agus Daoirse

20 Ná tabhair ceannasaíocht ort féin do do mhac, do do bhean,
do do bhráthair ná do do chara, fad is beo duit.

Ná tabhair do chuid do dhuine eile,
le heagla go dtiocfá ar mhalairt aigne agus é a lorg ar ais.
21 Fad a mhaireann tú agus go mbíonn an dé ionat,
ná lig d’aon duine d’áit a ghlacadh.
22 Óir is fearr do chlann a bheith ag lorg ort
ná go mbeadh do shúilse le láimh do mhac.
23 Bí i gceannas i do ghnóthaí go léir;
agus ná cuir smál ar do cháil.
24 An lá a thagann do shaol chun críche,
ar uair an bháis, ansin roinn d’oidhreacht.
25 Foráiste, bataí agus ualaí don asal;
arán, smacht, agus saothar don daor.
26 Fág an obair faoin daorán agus tóg féin go bog é;
má fhágann tú a lámha gan ghnó, rachaidh sé ar lorg na saoirse.
27 Déanfaidh cuing agus gad an muineál a chromadh;
don daor urchóideach tá ceapa agus pianta.
28 Cuir ag obair é chun nach n-eireodh sé díomhaoin;
múineann an díomhaointeas a lán urchóide.
29 Cuir chun saothair é mar is dual;
mura ngéilleann sé, cuir meáchan lena gheimhle.
30 Ná héiligh an iomad ó aon duine,
agus ná déan aon bheart éaganta.

31 Mura bhfuil agat ach aon daor amháin, caith leis mar a dhéanfá leat féin,
óir beidh gá agat leis ó chroí.
32 Mura bhfuil agat ach aon daor amháin, caith leis mar a dhéanfá le bráthair,
mar beidh tú ag brath air, mar a bheifeá ort féin.
33 Má chaitheann tú go holc leis agus go n-imíonn sé ar shiúl,
cén bealach a rachaidh tú á chuardach?

Brionglóidí

34 Leis an daoi a bhaineann dóchas folamh bréagach;
cuireann brionglóidí sceitimíní ar ghliogairí.
2 Is cuma muinín a chur i mbrionglóidí
nó greim a bhreith ar scáileanna nó rith i ndiaidh na gaoithe.
3 Is mar a chéile brionglóid [agus scathán],
cosúlacht na gceannaithe os comhair na gceannaithe;
4 Cad a ghlanfar trí mhíghlaine?
Cad a fhiorófar trí bhréag?
5 Níl in asarlaíocht, i dtuartha, agus i mbrionglóidí, ach baois,
mar speabhraídí mná in íona.
6 Mura seoltar iad mar fhiosrú ón Té is Airde,
ná tabhair aird ar bith orthu.

7 Is iomaí duine a mheall brionglóidí,
agus theip orthu siúd a chuir a muinín iontu.
8 Comhlíonfar an dlí gan bhréagaireacht,
agus is é béal na fírinne a chuireann barr maise ar an eagna.

Taisteal

9 Bíonn a lán ar eolas ag fear mórthaistil,
agus labhróidh fear na mórthaithí go ciallmhar.
10 Is beag a bhíonn ar eolas ag an duine gan taithí,
ach an té a rinne taisteal bíonn sé ildánach.
11 Is iomaí rud a chonaic mé ar mo chamchuarda,
agus fuair mé tuiscint thar mar a fhéadaim a chur i bhfocail.
12 Is minic a bhí mé i mbaol m'anama,
ach tháinig mé slán dá mbarr siúd.
13 Mairfidh spiorad lucht eagla an Tiarna,
mar tá a ndóchas sa té a fhuasclóidh iad.
14 An té ar a bhfuil eagla an Tiarna, ní bheidh sé cúthail;
ní bheidh drochmhisneach air, mar gurb eisean a dhóchas.
15 Is méanar do mheanma an té ar a bhfuil eagla an Tiarna;
cé air a bhfuil sé ag brath? cé is taca dó?

16 Tá súile an Tiarna orthu siúd a thugann grá dó;
Is dídean thréan é agus teannta láidir;
is fothain é ón ngaoth the agus scáth ó ghrian an mheanlae,
is cosaint é ar an mbarrthuisle agus lámh chunta in aghaidh titim.
17 Ardaíonn sé an t-anam agus tugann solas do na súile;
bronnann sé leigheas agus beatha agus beannacht.

Íobairt tí agus an Dlí

18 Muga maga is ea íobairt d'ofráil a fuarthas go héagórach;
ní dual glacadh le bronntanas na gcoirpeach.
19 Ní gean leis an Té is Airde ofrálacha na n-éagráifeach,
agus ní dhéanann raidhse ofrálacha leorghníomh leis i bpeacaí.
20 Is cuma nó mac a bhású os comhair súile a athar,
íobairt a ofráil as cuid na mbocht.
21 Beagán bia is beatha don bhocht,
agus an té a thógann chun siúil é, is lámh dhearg é.
22 An té a bhaineann a shlí bheatha dá chomharsa, maraíonn sé é;
an té a bhaineann a thuarastal den fhear oibre, doirteann sé fuil.
23 Má thógann duine ach go leagann duine eile,
cad a bhíonn dá bharr acu ach a dhua?

[24] Má ghuíonn duine ach go mallaíonn duine eile,
cén glór lena n-éistfidh an máistir?
[25] Má níonn duine é féin tar éis baint le corpán,
ach go mbaineann sé leis arís,
cad a bhíonn aige de bharr a ionlaithe?
[26] Sé an dála céanna é ag an té a dhéanann troscadh ar son a pheacaí,
má imíonn sé agus na peacaí céanna a dhéanamh arís,
cé thabharfaidh cluas dá ghuí,
agus cad a bheidh aige de bharr a umhlaithe?

35 Is iomaí ofráil a dhéanann duine tríd an dlí a chomhlíonadh;
ofrálann sé íobairtí síochána trí na haitheanta a choimeád.
[2] Nuair a dhéanann sé comaoin a chúiteamh tugann sé tabhartas uaidh de phlúr mín;
nuair a thugann sé déirc uaidh, ofrálann sé íobairt mholta.
[3] Tarraing siar ón mallaitheacht agus beidh gnaoi an Tiarna ort;
tréig an t-éigeart agus déanfaidh tú leorghníomh leis.
[4] Ná tar folamh i láthair an Tiarna;
mar tá na nithe seo uile dlite de bharr na haithne.
[5] Is maise don altóir é tabhartas an fhíréin;
éiríonn boladh cumhra uaidh i láthair an Té is Airde.
[6] Is inghlactha ag an Tiarna íobairt an fhíréin;
ní ligfear i ndíchuimhne í go brách.

7 Tabhair glóir don Tiarna go fial flaithiúil;
ná bí gann faoi chéadtorthaí do lámh.
8 Nuair a thugann tú tabhartas uait, bíodh aoibh an gháire ar d'aghaidh,
agus coisric do dheachú le háthas.
9 Tabhair don Té is Airde mar a thugann sé duit –
chomh fial fairsing agus is acmhainn duit.
10 Óir is é an Tiarna a chúiteoidh an chomaoin sin leat,
agus cúiteoidh sé leat í faoi seacht.

Is Cóir é Dia

11 Ná tairg breab dó; ní ghlacfaidh sé uait í;
ná cuir do mhuinín in íobairt éagórach.
12 Óir is breitheamh é an Tiarna,
agus is ionann íseal agus uasal aige.
13 Ní dhéanfaidh sé leathchuma ar an duine bocht,
ach éistfidh sé le hachainí an té a ndearnadh éagóir air.
14 Ní thabharfaidh sé cluas bhodhar d'achainí an dílleachta,
ná don bhaintreach nuair a inseoidh sí a scéal dó.
15 Ná sileann na deora ar ghrua na baintrí,
agus í ag glaoch in aghaidh an té faoi deara iad?

16 An té a fhónann le dea-thoil, glacfar leis,
agus bainfidh a achainí na néalta féin amach.
17 Gabhann guí an duine uirísil trí na néalta suas,
agus ní bhfaighidh sé sólás go mbainfidh sí ceann sprice amach.
18 Ní stopfaidh sé choíche go dtabharfaidh an té is Airde aird air,
agus go seasfaidh sé ceart don dream macánta agus go dtabharfaidh sé breithiúnas uaidh.
19 Ní dhéanfaidh an Tiarna aon mhoill,
ná ní dhéanfaidh sé foighne ar a son,
20 Nó go mbascfaidh sé leasracha na mí-thrócaireach,
agus go ndéanfaidh sé díoltas ar na ciníocha,
21 Nó go scriosfaidh sé sluaite na n-uaibhreach,
agus go mbrisfidh sé ríshlata na n-éagráifeach,
22 Nó go gcúiteoidh sé cách de réir a ngníomhartha,
agus oibreacha na ndaoine de réir mar is dual do mhian a gcroí,
23 Nó go dtabharfaidh sé breith ar chás a mhuintire,
agus lúcháir a chur orthu de bharr a thrócaire.
24 Bíonn fáilte roimh thrócaire in am an chruatain,
faoi mar a bheadh roimh scamaill fearthainne le linn triomaigh.

Guí ar son Israel

36 Dean trocaire orainn, a Thiarna, a Dhia na n-uile, agus féach anuas orainn;
tabhair ar gach náisiún eagla a ghlacadh romhat.
2 Ardaigh do lámh in aghaidh na gciníocha eachtrannacha,
agus lig dóibh do chumas a fheiceáil.
3 Faoi mar a naomhaíodh thú ionainne os a gcomhairsean,
go móraítear thú iontusan os ar gcomhairne.
4 Tugaidís aitheantas duitse faoi mar a aithnímidne
nach bhfuil aon Dia ann ach thú, a Thiarna.
5 Tabhair comharthaí nua uait agus déan nithe iontacha eile;
déan glóir a ghnóthú do do láimh agus do do ghéag dheas.
6 Adhain d'fhearg agus doirt amach do chuthach;
scrios an t-eascara agus díothaigh an namhaid.
7 Brostaigh an uain agus cuimhnigh ar an spriocam;
agus bíodh d'éachtaí i mbéal na ndaoine.
8 Go loisctear an té a thagann slán i bhfraoch na feirge,
agus go raibh an díothú i ndán do lucht urchóide a dhéanamh ar do phobal.
9 Basc cinn lucht ceannais an namhad,
iad siúd a deir: "Níl ann ach sinn féin amháin."
10 Cruinnigh le chéile treibheanna uile Iacóib;
tabhair dóibh an oidhreacht mar a bhí acu ar dtús.

[11] Déan trócaire, a Thiarna, ar an bpobal ar tugadh d’ainm féin orthu;
ar Iosrael a bhí amhail céadghin agat.
[12] Bíodh trua agat do do chathair naofa,
do Iarúsailéim, d’áit chónaithe féin.
[13] Líon Síón le hamhráin do mholta,
agus do [theampall] le do ghlóir.
[14] Tabhair fianaise orthu siúd a chruthaigh tú ar dtús,
agus comhlíon na tairngreachtaí a rinneadh i d’ainm.
[15] Tabhair luach a saothair do na daoine atá ag tnuthán leat,
agus cruthaigh go bhfuil do chuid fáithe iontaofa.
[16] Éist a Thiarna, le guí do sheirbhíseach,
de réir bheannacht Árón ar do phobal,
[17] Agus beidh a fhios ag an uile dhuine ar an saol seo
gur tú an Tiarna, Dia síoraí.

Roghnú

[18] Caitheann an goile gach sórt bia,
ach is fearr bia ná a chéile.
[19] Mar a fhaigheann an carball blas an ghéim,
sin mar a aithníonn croí an eagnaí briathra éithigh.

20 Gineann an croí urchóideach dobrón,
ach díolfaidh fear na taithí an comhar leis.
21 Tógfaidh bean aon fhear mar chéile
ach is fearr iníon ná iníon eile.
22 Cuireann scéimh mná aoibh ar an ngnúis,
agus is í is mó a shantaíonn an fear.
23 Má bhíonn blas na cneastachta agus na humhlaíochta ar a teanga,
níl leithéid a fir le fáil i measc daoine.
24 An té a fhaigheann bean, faigheann sé togha fáltais,
lámh chúnta a dhiongbhála agus crann [taca].
25 An gabháltas gan fál, déanfar slad air;
an fear gan chéile, beidh sé ag osnáil ar seachrán.
26 Cé ag a mbeadh muinín as bithiúnach aclaí,
a bheadh ag imeacht ó chathair go cathair?
27 A dháltasan ag an duine gan bhaile,
agus a bhuaileann faoi cibé áit ina mbeireann an oíche air.

Cairde agus Comhairleoirí

37 Déarfaidh gach cara: “Is cara mise chomh maith,”
ach is cairde béil amháin cairde áirithe.

[2] Nach dólás maraitheach é
nuair a dhéanann namhaid de chompánach agus de chara?
[3] A mheanma urchóideach cén fáth ar ceapadh thú
leis an tír a chlúdach le brat calaoise?
[4] Baineann comrádaí áirithe suáilceas as sonas a charad,
ach in am a thrioblóide, iompóidh sé ina aghaidh.
[5] Cabhraíonn comrádaí áirithe le cara ar son a ghoile,
agus nuair a bhagraíonn an cath, tógann sé chuige a sciath.
[6] Ná déan dearmad ar chara i do chroí istigh
agus ná caith as do cheann é nuair a éiríonn tú saibhir.
[7] Beidh comhairle le tabhairt ag gach comhairleoir,
ach ar mhaithe leo féin a thugann cuid acu é.
[8] Bí ar d'fhaire leis an gcomhairleoir,
agus faigh amach ar dtús cad tá ar na bioráin aige
le heagla go bhfaigheadh sé an buntáiste ort
– mar beidh sé ag tochras ar a cheirtlín féin.
[9] Agus go ndéarfadh sé: "Tá tú ar an mbóthar ceart,"
agus go seasfadh sé i leataobh ansin féachaint cad a éireoidh duit.
[10] Ná glac comhairle ón té a thugann súil mhuice ort,
agus ceil do ghnó ar lucht d'éada.
[11] Ná glac comhairle mná faoina comhshuiríoch,
ná comhairle meatacháin faoi chogadh,

ná ceannaí faoi mhargadh,
ná ceannaitheora faoi dhíol,
ná fir dhoichill faoi bhuíochas,
ná fir gan trócaire faoi chneastacht,
ná fir dhíomhaoin faoi aon obair
ná fir thuarastail bhliana faoi chlabhsúr,
ná daoráin leisciúil faoi bheartas mór,
– ná bí ag brath orthusan faoi aon chomhairle.
12 Téigh i gcónaí i muinín fhir fhíréanta,
is eol duit a chomhlíonann na haitheanta,
a bhfuil a mheon de réir do mheoin féin,
agus a dhéanfaidh comhbhrón leat má theipeann ort.
13 Seas le comhairle do chroí féin,
óir níl sárú air le dílse duit.
14 Mar is minic gur fearr anam duine a theagasc
ná seachtar fear faire suite go hard ar thúr faire.
15 Agus seachas é sin go léir, iarr ar an té is Airde
do chéimeanna a threorú i mbealach na fírinne.

An Eagna agus an Mheasarthacht

16 Tús gach saothair an réasún,
agus téann comhairle roimh gach beart.

17 [Tá fréamhacha] na smaointe go doimhin sa chroí
agus sceitheann siad ceithre géaga –
18 An mhaith agus an t-olc, an bheatha agus an bás,
agus is í an teanga is máistreás orthu i gcónaí.
19 D'fhéadfadh fear a bheith ildánach agus mórán a oiliúint
ach a bheith neamhthairbheach dó féin.
20 D'fhéadfadh fuath a bheith d'fhear na bhfocal cliste;
fágfar ar an ngannchúis bia é.
21 Óir níor ghnóthaigh sé gnaoi an Tiarna,
mar tá an eagna in easnamh go hiomlán air.
22 D'fhéadfadh duine a bheith eagnaí de réir a thuairime féin,
agus fómhar a chríonnachta a bheith iontaofa ar bhreith a bhéil féin.
23 Déanfaidh an fear eagnaí a phobal féin a theagasc,
agus beidh fomhar a chríonnachta iontaofa.
24 Líonfar an t-eagnaí le beannachtaí,
agus déarfaidh an mhuintir a fheicfidh é gur méanar dó.
25 Déantar saol an duine a ríomh ina laethanta,
ach níl áireamh ar laethanta Iarúsailéim.
26 Tuillfidh an t-eagnaí iontaoibh i measc a phobail,
agus mairfidh a ainm go brách.
27 A mhic, déan promhadh ar do ghoile i gcaitheamh do shaoil,
agus féach cad a ghoilleann air, agus ná tabhair dó é;

28 Mar ní hé gach aon ní a oireann do gach duine,
agus ní thaitníonn gach ní le gach aon duine.
29 Ná bíodh dúil mhallaithe agat in aon sólas,
agus ná bí miangasach.
30 Leanann póit breis bia,
agus tagann masmas de bharr craois.
31 Is iomaí duine a fuair bás den chraos,
agus cuirfidh an té a sheachnaíonn é fad lena shaol.

Leigheas agus Tinneas

38 Tabhair onóir don lia leis an onóir is dual dó de réir do ghá leis,
mar is é an Tiarna a chruthaigh é.
2 Ón Té is Airde a thagann an leigheas,
agus [is ionann é agus] tabhartas ón rí.
3 Tugann a ealaín ardú cinn don lia
agus déantar iontas de i láthair na bhflatha.
4 Chum an Tiarna cógais as an gcré,
agus ní bheidh drochmheas ag an eagnaí orthu.
5 Nach ndearna craobh de chrann uisce milis tráth,
rud a chruthaigh a neart.

[6] Thug sé ealaín do dhaoine,
le go ndéanfaidís é a mhóradh ina éachtaí.
[7] Leigheasann sé agus tógann an phian chun siúil le cabhair na gcógas;
déanann an poitigéir oideas astu.
[8] Ní bheidh clabhsúr go deo lena bhearta,
agus leathann an tsláinte uaidh amach ar aghaidh na talún.
[9] Nuair a bhíonn tú tinn, a mhic ó, na tagadh drochmhisneach ort;
ach guigh chun an Tiarna agus leigheasfaidh sé thú.
[10] Scoir de do lochtaí agus ná claon do ghéaga;
glan do chroí ó gach peaca.
[11] Ofráil túis agus cuimhneachán de mhin mhín,
agus doirt ola ar d’íobairt de réir d’acmhainne.
[12] Ansin fág faoin lia é, mar sé an Tiarna a chruthaigh é,
agus ná himíodh sé uait óir tá gá agat leis.
[13] Uaireanta is leo a bhíonn an séan,
[14] Mar guífidh siadsan freisin chun an Tiarna,
le go gcuirfeadh sé faoiseamh ar a gcumas,
agus leigheas leis an mbeatha a chaomhnú.
[15] An té a pheacaíonn i láthair a chruthaitheora,
go dtite sé faoi chúram lia.

Caoineadh

16 Titeadh de dheora, a mhic ó, ar son an mhairbh,
agus cuir ceann ar an gcaoineadh lena thaispeáint gur goirt é do chumha;
cuir a chorp faoi chlár leis an ómós is dual dó,
agus ná déan faillí ina uaigh.
17 Bíodh do ghol go goirt agus d'olagón géar;
comhlíon an caoineadh mar is dual don mharbh,
ar feadh lae nó dhó le heagla casaoide,
agus ansin glac le sólás de bharr do bhróin;
18 Óir d'fhéadfadh bás a theacht ón mbrón,
agus cuireann brón an chroí as don neart.
19 Maireann brón leis an donas
agus goilleann saol ainnis ar an gcroí.
20 Ná scaoil an dólás isteach i do chroi,
ach tiomáin chun siúil é, ag cuimhneamh duit ar do chríocha déanacha.
21 Ná déan dearmad de nach bhfuil filleadh i ndán;
ní fhóireann tú ar an marbh, agus déanann tú díobháil duit féin.
22 "Cuimhnigh ar mo chinniúint; is mar sin a bheidh i do chás féin;
inné mise, inniu tusa."
23 Nuair a théann an marbh chun suain téadh a chuimhneachán chun suain chomh maith;
glac le sólás ina thaobh nuair a imíonn an dé as.

Slite Beatha

24 Tá eagna an scríobhaí ag brath ar shaoire ó obair;
an té atá ar bheagán cúraim, éireoidh sé eagnaí.
25 Conas a d'éireodh fear an chéachta eagnaí,
agus gurb é sá an bhroid a ábhar maite,
go seolann sé ba agus go mbíonn sé gafa ina mbun,
agus gur eallach amháin a ábhar cainte?
26 Bíonn a chroí dírithe ar scríoba a threabhadh,
agus é gafa le beathú a chuid beithíoch.
27 Mar an gcéanna le gach ceardaí agus máistir ceirde;
bíonn sé ag obair leis de lá agus d'oíche;
lucht greanta séalaí, bíonn gach duine díobh cíocrach
chun gréasáin nua a cheapadh;
caitheann sé a dhúthracht ag tarraingt íomhá beoga,
agus sé a chúram an clabhsúr a chur ar a shaothar.
28 Sé an dála céanna é ag an ngabha ina shuí le hais a inneona,
agus é díograiseach i mbun saothar iarainn;
déanann an gal ón tine a chneas a ghríosadh,
agus bíonn sé ag broic le teas ón sorn;
tugann sé cluas do cheol an chasúir,
agus a shúile ar ghréasán a shaothair;

bíonn a chroí socair ar chlabhsúr a chur ar a chuid oibre,
agus é cáiréiseach á maisiú go beacht.
[29] Sé an dála céanna é ag an gcriadóir ina shuí le hais a shaothair,
é ag casadh an rotha lena chosa,
agus é gafa ar fad lena chuid oibre,
agus gach rud a dhéanann sé tomhaiste go cruinn.
[30] Brúnn sé an chré lena láimh,
agus pasálann sé í faoina chosa;
caitheann sé a dhúthracht le líomhadh agus snas,
agus bíonn sé cáiréiseach ag glanadh an tsoirn.
[31] Chuir siad seo go léir a muinín ina lámha,
agus tá gach duine díobh oilte ina ghnó féin.
[32] Gan iad, ní thógfaí cathair,
ní bheadh áitreabh ná cónaí.
[33] Ní bhítear á lorg ámh do chomhairle an phobail,
ná ní bhíonn gradam acu sa chomhthionól;
ní shuíonn siad i suí an bhreithiúnais,
ná ní thuigeann siad breith na cúirte.
[34] Ní bhíonn bua léinn ná breithiúnais acu,
ná ní bhfaightear iad ag nathaireacht;
ach is iad a dhaingníonn an chruinne ché,
agus bíonn a nguí ag plé le cleachtadh a gceirde.

An Scoláire

39 Ní amhlaidh don té a chaitheann díograis a anma
ag machnamh ar dhlí an Té is Airde;
rachaidh sé ar thóir eagna na seanóirí go léir,
agus déanfaidh scrúdú ar na fáithe.
2 Caomhnóidh sé ráitis na bhfear ainmniúil
agus déanfaidh sé taighde i ndoimhne na bparabal.
3 Lorgóidh sé ciall dhiamhair seanfhocal,
agus beidh sé eolgaiseach ar rúin pharabal.
4 Déanfaidh sé fónamh i measc flatha
agus feicfear os comhair lucht ceannais é;
déanfaidh sé taisteal sa choigríoch,
óir tá promhadh déanta aige ar mhaith agus olc i measc daoine.
5 Cuirfidh sé roimhe mochóirí a dhéanamh leis an Tiarna a rinne é a lorg
agus déanfaidh sé achainí i láthair an té is Airde;
osclóidh sé a bhéal in urnaí,
agus déanfaidh sé guí faoina pheacaí.
6 Más toil leis an Tiarna mór é,
líonfar é de spiorad na tuisceana;
titfidh briathra na heagnaíochta ina bhfrasa óna bhéal,
agus gabhfaidh sé buíochas le Dia san urnaí.

7 Cuirfidh sé dea-threoir ar a intinn agus ar a eolas,
agus déanfaidh sé machnamh ar a rúndiamhra folaithe.
8 Léireoidh sé an teagasc a tugadh dó,
agus beidh sé mórtasach as dlí chonradh an Tiarna.
9 Molfaidh na sluaite a chumas tuisceana,
agus ní ligfear i ndearmad é go deo;
ní rachaidh a chuimhne ar ceal,
agus mairfidh a ainm ó ghlúin go glúin.
10 Fogróidh ciníocha a eagna,
agus comórfaidh an comhthionól a mholtaí.
11 Má mhaireann sé i bhfad, sáróidh a cháil míle;
má fhaigheann sé bás, ní beag sin dó.

Moladh Dé

12 Tá a thuilleadh le rá agam, toradh mo mhachnaimh,
agus táim lán suas de, dála na lánré.
13 Éistigí liom a chlann bhúidh, agus tagadh bláth oraibh,
mar a thiocfadh ar rós ag fás ar bhruach sileáin.
14 Tugaigí cumhracht uaibh ar nós na túise;
bláthaigí ar nós na lile;

scaipigí an mus agus canaigí laoi mholta;
molaigí an Tiarna ar son a oibreacha go léir.
15 Móraigí a ainm,
tugaigí moladh agus buíochas dó
le laoithe in bhur mbéal agus ceol ó bhur lireanna;
ní mór daoibh é mholadh mar leanas:
16 “Nach álainn iad oibreacha uile an Tiarna!
cuirfear gach ní a ordaíonn sé i gcrích gan mhoill!”
ná deirtear: “Céard é seo? Cad chuige é siúd?”
mar déanfar gach ní a iniúchadh ina uain.
17 Le focal uaidh, stadann an t-uisce ina charn,
agus le briathar a bhéil líontar na taiscumair uisce.
18 Le hordú uaidh déantar mar is áil leis,
agus ní féidir d’aon duine a chumas slánaithe a laghdú.
19 Tá oibreacha gach dúile os a chomhair,
agus ní féidir aon ní a cheilt ar a shúile;
20 Síneann réim a radhairc ó cheann ceann na síoraíochta
agus níl aon ní iontach ina shúile.
21 Ná deirtear: “Ceard é seo? Cad chuige é siúd?”
óir cruthaíodh gach ní le feidhm ar leith.
22 Clúdaíonn a bheannacht an talamh tirim mar a dhéanfadh abhainn,
agus bánn é mar a dhéanfadh tuile.

[23] Ar an tslí sin a bheidh fraoch a fheirge mar oidhreacht ag na náisiúin,
faoi mar a rinne sé sáile den fhíoruisce.
[24] Is réidh iad a bhealaí do na cráifigh,
ach is lán de chonstaicí iad do na hurchóidigh.
[25] Cruthaíodh nithe fónta ó thus do na dea-dhaoine,
agus mar an gcéanna urchóidí do na peacaigh.
[26] Is iad na bunriachtanais do bheatha an duine,
ná uisce, tine, iarann, salann,
plúr cruithneachta, bainne, mil,
sú na fíniúna, ola, agus éadach.
[27] Is maith iad sin go léir do na fíréin
ach déantar olc díobh do na peacaigh.
[28] Tá gaotha ann a cruthaíodh le díoltas a imirt,
agus le linn a fheirge sciúrsálann siad go géar.
[29] Tine agus cloch shneachta, gorta agus plá,
– cruthaíodh iadsan go léir le fonn díoltais.
[30] Fiacla na n-ainmhithe allta, scairpeanna, nathracha,
agus claíomh an díoltais le héagráifigh a scrios,
[31] Comhlíonann siadsan go léir a ordú le lúcháir,
agus ullmhaíodh ar talamh iad d'aon ghnó a bheadh díobh;
nuair a thiocfaidh an t-am ní dhiúltóidh siad dá bhriathar.

32 Uime sin bhíos cinnte de ó thús,
rinne mé mo mhachnamh air agus scríobh mé síos é:
33 Is maith iad oibreacha uile an Tiarna
agus déanfaidh sé gach gá a shásamh i dtráth.
34 Agus níl sé le rá: “Is measa é seo ná é siúd,”
mar cruthóidh gach ní go maith ar a uain.
35 Anois dá bhrí sin canaigí le lán croí agus béil,
agus beannaígí ainm an Tiarna.

Ainnise an Duine

40 Ceapadh mórchuid anró do gach duine,
agus tá cuing throm ar chlann Ádhaimh,
ón lá a thagann siad as broinn a máthar
go dtí an lá a fhilleann siad ar mháthair na n-uile.
2 Sé a líonann a gcroí le buairt agus le heagla,
sé is crá agus imní dóibh ná lá an bháis;
3 Ón bhfear a shuíonn i ríchathaoir thaibhseach
go dtí an t-ainniseoir ina luí i ndeannach agus luaithreach,
4 Ón té ar a bhfuil éide chorcra agus coróin
go dtí an té atá gleasta in éadach róin,

níl ach fearg agus éad, suaitheadh agus cíor thuathail,
eagla báis agus cuthach agus achrann.
5 Nuair a luíonn duine ar a leaba
ní dhéanann codladh ach a aigne a bhuaireamh.
6 Is ar éigean a bhíonn sé imithe chun suain,
nuair a shuaitear é trína chodladh ag taibhsí ina aigne,
amhail is dá mba [é lár an lae é];
is cuma é nó fear ag teitheadh ó chath;
7 Dúisíonn sé ar noiméad a fhuascailte
agus ionadh air nach raibh bonn lena scéin.
8 An uile dhúil, idir dhuine agus ainmhí,
– agus seacht n-uaire níos measa ná sin na peacaigh,
9 Sé tá i ndán dóibh: bás, doirteadh fola, achrann, claíomh,
tubaistí, gorta, trioblóid agus plá.
10 Do na coirpigh a cruthaíodh na nithe sin go léir,
agus tháinig an díle dá mbarr.
11 Gach a dtagann ón gcré, filleann siad ar an gcré;
gach a dtagann ón uisce, filleann siad ar an bhfarraige.

Seanfhocail agus Solaoidí

12 Scriosfar gach breabaireacht agus éagóir,
ach mairfidh an iontaoibh go brách.

13 Rachaidh saibhreas na n-éagórach i ndísc mar an tulca,
agus pléascfaidh sé mar thoirneach mhór bháistí.
14 Cuirfear áthas ar an [bhfear croí mhóir],
ach teipfidh glan ar lucht an iomarbhais.
15 Beidh ceapa na n-éagráifeach ar bheagán géag;
fréamhacha míghlana iad ar charraig mhaol.
16 Déanfar an ghiolcach le hais gach locha agus abhann
a staitheadh roimh aon fhéar.
17 Is cuma an chneastacht nó gairdín beannachtaí
agus mairfidh an déirc go brách.
18 Tá saol taitneamhach ag fear an tsaibhris agus ag fear na hoibre;
ach is fearr fós ná iad araon mar atá ag an té a fhaigheann fáltas maoine.
19 Tuilleann clann agus bunú cathrach cáil do dhuine,
ach áirítear bean gan cháim thar aon cheann díobh.
20 Cuireann fíon agus ceol áthas ar an gcroí,
ach is fearr grá don eagna ná ceachtar acu.
21 Cuireann an phíb agus an chruit le binneas amhráin,
ach is fearr guth binn ná ceachtar acu.
22 Is maith leis an tsúil scéimh agus maise,
ach is fearr léi an geamhar ná ceachtar acu.
23 Is tráthúil i gcónaí é bualadh le cara nó le comrádaí,
ach is fearr ná ceachtar acu dála an fhir agus a chéile.

[24] D’uain an anró dearthóireacha nó lámh chúnta,
ach is fearr an déirc chun tarrthála ná ceachtar acu.
[25] Teannta daingean don chois ór agus airgead,
ach is fearr dea-chomhairle ná ceachtar acu.
[26] Tugann maoin agus neart ardú croí,
ach is fearr eagla an Tiarna ná ceachtar acu;
ní ghabhann cailliúint le heagla an Tiarna,
agus ní gá cabhair a lorg ina teannta.
[27] Is cuma nó parthas beannaithe eagla an Tiarna,
agus is fearr a chludaíonn sí duine ná aon ghlóir.

An Déirc

[28] Ná tuill do bheatha mar fhear déirce, a mhic ó;
is fearr an bás ná bheith beo ar dhéirc.
[29] Ní féidir saol an té a mbíonn a shúil ar bhord duine eile
a mheas ina shaol ar aon chor;
truaillíonn sé é féin le bia duine eile;
sheachnódh fear eolgaiseach dea-thógtha a leithéid.
[30] Tagann achainí go bog ar bhéal an duine gan náire,
ach lasfaidh tine ina bholg.

An Bás agus an Breithiúnas

41 A bhás, nach searbh é cuimhneamh ort,
don té atá faoi shíocháin i measc a mhaoine,
don té atá gan bhuairt agus ag éirí leis i ngach gnó
agus a bhfuil sé ar a chumas a bhia a chaitheamh le flosc.
2 A bhás, bíonn fáilte roimh do bhreith
ag an té atá ar an ngannchúis agus an neart ag teip air,
é anonn go mór sna blianta agus é ciaptha clipthe ag an saol,
cnuig air agus deireadh na foighne caite aige.
3 Ná bíodh eagla ort roimh bhreith an bháis;
cuimhnigh ar na laethanta a bhí agus ar chríoch do shaoil.
4 Sé seo breith an Tiarna ar gach dúil bheo,
agus conas is féidir duit diúltú do chinneadh an Té is Airde?
Bíodh deich nó céad nó míle bliain d'fhad saoil agat,
ní chuirfear aon cheist faoi i Seól.
5 Is gránna an pór iad clann na bpeacach
agus taithíonn siad pluaiseanna na n-éagráifeach;
6 Rachaidh meath ar oidhreacht chlann na bpeacach,
agus beidh náire bhuan ar a síol.
7 Cuirfidh a chlann milleán ar athair éagráifeach
mar go mbíonn siad faoi aithis dá bharr.

[8] Is mairg daoibhse, a éagráifeacha,
a thréig dlí Dé is airde.
[9] Nuair a rugadh sibh, rugadh le haghaidh mallacht sibh,
agus nuair a fhaigheann sibh bás, tá mallacht i ndán daoibh.
[10] Gach a dtagann as an gcré, filleann sé ar an gcré;
teann na héagráifigh ón mallacht chun na díthe.
[11] Caoineann daoine a mairbh,
ach scriosfar drochainm na bpeacach.
[12] Bí aireach i dtaobh d'ainm, mar fanfaidh sé agat
níos buaine ná míle mórchiste óir.
[13] Líon cinnte laethanta a mhaireann saol maith,
ach maireann dea-cháil go brách.

Náire

[14] Coinnígí mo theagasc, a chlann ó, agus bíodh síocháin in bhur measc;
an eagna fholaigh agus an ciste i bhfolach –
cén tairbhe ceachtar díobh?
[15] Is fearr an duine a cheileann a bhaois
ná an duine a cheileann a eagna.
[16] Uime sin bíodh urraim agat do m'fhocail,
mar ní maith é gach sort náire a chothú,
ná ní dhéanann gach aon duine gach cúinse a mheas ina cheart.

17 Bíodh náire ort faoi dhrúisiúlacht os comhair d’athar agus do mhathar;
agus náire faoi éitheach os comhair taoisigh agus flatha;
18 Agus faoi choir i láthair breithimh agus rialtóra:
agus faoi chionta i láthair chomhthionól an phobail;
19 Agus faoi éagóir i láthair chomrádaí nó carad;
agus faoi ghoid i láthair do chomharsana i do thimpeall;
20 Bíodh náire ort i láthair fírinne Dé agus a chonartha;
[bíodh náire ort] faoi uillinn a leagan ar an mbord;
21 Faoi a bheith ciotrúnta ag glacadh nó ag riar;
faoi bheith i do thost leis an muintir a bheannaíonn duit;
22 Faoi stánadh ar mheirdreach;
faoi chúl a thabhairt le duine gaoil;
23 Faoi chuid nó bronntanas duine eile a bhreith leat:
faoi bheith ag suirí le bean duine eile;
24 Faoi bheith ag cur isteach ar a dhaoirseach,
– fan amach óna leaba;
25 Faoi achasáin i láthair do chairde
– ná bíodh tarcaisne mar eireaball le do thabhartas;
26 Faoi bheith ag cardáil agus ag suainsean
agus ag sceitheadh rún.
27 Ansin tuigfidh tú cad is náire ann dáiríre,
agus beidh fabhar ó chách agat.

42 Ná bíodh naire ort faoi na nithe seo leanas,
agus ná déan peaca de bharr aird ar bhreith dhaoine eile:
2 Faoi dhlí an té is Airde agus faoin gconradh;
faoi shaorbhreith a thabhairt ar an éagráifeach,
3 Faoi chuntas a choimeád le [comrádaí slí];
faoi oidhreacht mhaoine a fhágáil ag cairde;
4 Faoi chruinneas ag meá agus ag tomhas;
faoi bheagán nó mórán a ghnóthú;
5 Faoi bhrabús a dhéanamh i gcúrsaí gnó;
faoi smacht dian a bheith ar leanaí;
faoi dhaor urchóideach a léasadh go doirteadh fola.
6 Is maith é an séala ag plé le drochbhean chéile;
agus cuir glas ar do chuid san áit ina mbíonn a lán lámh.
7 Cibé rud a bhíonn á riar agat, déan é de réir uimhreacha agus tomhais;
i gcás dáileadh agus cnuasach, coimeád cuntas i scríbhinn.
8 Ná bíodh náire ort faoi cheartú a chur ar dhaoi nó ar amaid,
nó ar sheanóir aosta a bhíonn dian ar an aos óg;
ansin beidh tú oilte dáiríre,
agus beidh meas ort os comhair an tsaoil.

Iníonacha agus Mná

9 Coimeádann an iníon a hathair ina dhúiseacht gan fhios,
agus fágann an imní a bhíonn air ina taobh gan codladh é:
nuair a bhíonn sí óg, le heagla nach bpósfadh sí,
nuair a phósann sí, le heagla go mbeadh fuath di;
10 Fad a bhíonn sí ina maighdean le heagla go dtruailleofaí í,
nó go mbeadh sí trom i dteach a hathar;
nó nuair a bheadh fear aici nach mbeadh sí dílis,
nó nuair a bhíonn sí posta go mbeadh sí seasc.
11 Bíodh faire ghéar agat ar iníon cheanndána,
le heagla go ndéanfadh sí ceap magaidh díot ag do naimhde,
lán béil an bhaile agus ábhar suainseáin an phobail,
agus náire a thabhairt duit os comhair an tsaoil.
12 Ná stán ar aon duine de bharr a scéimhe,
agus ná suigh i measc na mban.
13 Má thagann an leamhan as an éadach,
tagann urchóid mná ó bhean.
14 Is fearr drochbheart fir ná dea-bheart mná;
ó bhean a thagann náire agus aithis.

Glóir Dé

Sa Nádúr

15 Tabharfaidh mé chun cuimhne anois oibreacha an Tiarna,
agus déanfaidh mé cur síos ar a bhfuil feicthe agam.
Lena bhriathra a rinne an Tiarna a chuid oibreacha,
[agus géilleann gach ní cruthaithe dá thoil].
16 Nuair a bhíonn an ghrian ag taitneamh féachann sí anuas ar gach rud;
agus tá obair an Tiarna lán dá ghlóir mar an gcéanna.
17 Níor thug an Tiarna cumhacht dá naoimh
tuairisc a thabhairt ar na hiontais uile
a bhunaigh an Tiarna uilechumhachtach go daingean
chun go seasfadh an chruinne go buan ina ghlóir.
18 Tá doimhneacht an duibheagáin agus croí an duine iniúchta aige,
agus tuigeann sé a shlite cama;
óir tá gach eolas dá bhfuil ann ag an té is Airde,
agus bhreathnaigh sé comharthaí na n-aoiseanna.
19 Déanann sé na nithe atá thart agus na nithe le teacht a fhoilsiú
agus nochtann sé gach ní dá bhfuil faoi cheilt.
20 Níl aon smaoineamh ann a éalaíonn uaidh;
agus níl aon fhocal folaithe uaidh.

[21] Chuir sé eagar ar éachtaí a chuid eagnaíochta,
óir tá sé ann ón tsíoraíocht agus beidh sé ann go brách;
ní féidir cur leis ná baint uaidh,
ná níl comhairle aon duine de dhíth air.
[22] Nach breá iad a chuid oibreacha go léir,
agus nach taibhseach iad le feiceáil!
[23] Maireann siad uile agus beidh siad ann go brách;
is cuma cad a thiteann amach, géilleann siad go léir dó.
[24] Tá gach ní ina bpéirí, ceann amháin in aghaidh an chinn eile;
ní dhearna sé aon rud lochtach riamh.
[25] Cuireann rud le maise ruda eile,
agus cé a d'fhéadfadh deireadh dúile a bhaint dá ghlóir go deo.

Sa Spéir

43 Maise na firmiminte stua lonrach neimhe,
dealramh na spéire ag taitneamh go glórmhar.
[2] Ag éirí di fógraíonn an ghrian ag cur chun bealaigh:
"Is iontach an t-éacht é saothar an té is Airde!"
[3] Um mheán lae loisceann sí an talamh,
agus cé a d'fhéadfadh seasamh in aghaidh a bladhma.

[4] Ní mór don té atá ag freastal ar shorn oibriú i dteas loiscneach,
ach dónn an ghrian na sléibhte a thrí oiread sin;
séideann sí soinneáin tine,
agus dallann sí na súile le gathanna geala.
[5] Is mór é an Tiarna a rinne í,
agus siúd ar a cúrsa í le hordú uaidh.
[6] Rinne sé an ghealach freisin, nach ndéanann faillí ar a trátha,
leis na míonna a mharcáil agus le bheith ina comhartha síoraí.
[7] An ghealach, an lóchrann a théann ar gcúl tar éis a láin,
is í is comhartha do na féilte.
[8] Is uaithi a fhaigheann an mhí a hainm [san Eabhrais],
agus is éachtach mar a thagann inti ina réim;
brat sluaite na spéire í,
agus í ag taitneamh i stua na spéire.
[9] Glóir na réaltaí maise neimhe,
cóiriú glioscarnach in arda an Tiarna.
[10] Trí bhriathra an Neach Naofa, seasann siad mar a ordaíodh;
ní dhéanann siad choíche faillí ina bhfaire.
[11] Féach an bogha sine, agus mol an té a rinne é;
is ró-alainn é le barr gile.
[12] Gabhann a stua glórmhar trasna na spéire;
lámha an té is Airde is iad a tharraing é.

Ar Talamh

13 Seolann sé an sneachta le hordú a bhéil
agus brostaíonn sé tintreacha a bhreithiúnais.
14 Bíonn a stórais ar leathadh ar an gcuma chéanna
agus eitlíonn na scamaill leo ar nós na n-éan.
15 Déanann sé na scamaill a chruachadh le teann nirt,
agus bristear na clocha sneachta ina smidiríní.
16 Critheann na sléibhte arna fheiceáil,
agus séideann an ghaoth aneas le hordú uaidh.
17 Cuireann búirtheach a thoirní scáth ar an talamh,
agus is é an scéal céanna é ag an stoirm aduaidh agus ag an gcamfheothan;
18 Scaipeann sé an sneachta ar nós na n-éan ag tuirlingt,
agus anuas leis ar nós na lócaistí ag titim;
déanann an tsúil ionadh de mhaise a ghile,
agus cuireann sé alltacht ar an gcroí ag titim.
19 Caitheann sé an sioc liath ar an talamh dála an ghainimh,
agus nuair a reonn sé bíonn bior air mar dhealg.
20 Séideann an ghaoth fhuar aduaidh,
agus leathann an sioc ar an uisce;
luíonn sé ar gach linn uisce,
agus cuireann an t-uisce uime é mar lúireach.

21 Slugann sé na sléibhte agus loisceann an díthreabh;
agus feonn sé na fáis mar a dhéanfadh tine.
22 Is gearr an mhoill ar an gceo gach ní a leigheas,
agus nuair a thagann an drúcht cneasaíonn sé deasca an bhrothaill.
23 Le barr gliocais cheansaigh sé an duibheagán,
agus phlandaigh oileáin air.
24 Déanann lucht seolta ar muir cur síos ar a gábha,
agus líonann a dtuairiscí ár gcluasa le hiontas.
25 Mar tá iontais agus éachtaí inti,
gach sórt ainmhí agus míola móra mara.
26 Is dá bharr a bhíonn [gach ní ina cheart],
agus trína bhriathar a chothaítear gach ní.
27 Fág go ndéarfaimis a lán, ní bheadh deireadh fós ráite;
lena chur i mbeagán focal: “Eisean an t-iomlán.”
28 Cá bhfaighimid neart lena mholadh?
Mar is mó é ná a oibreacha go léir.
29 Is scanrúil é an Tiarna agus is ábhalmhór;
agus is éachtach í a chumhacht.
30 Molaigí an Tiarna, agus móraigí é,
go barr bhur gcumais, ach sáróidh sé fiú an méid sin;
déanaigí bhur ndícheall á mhóradh;
ná tagadh tuirse oraibh, mar ní bheidh deireadh agaibh choíche.

31 Cé chonaic é le tuairisc a thabhairt air?
Cé ar féidir dó é a ghlóiriú mar is dual?
32 Is iomaí rúndiamhar is mó fós atá i bhfolach,
mar ní fhacamar ach beagán dá oibreacha.
33 Mar rinne an Tiarna féin an uile ní
agus thug sé eagna do na fíréin.

I Stair na bPatrarc

44 Molaimis anois fir chailiúla,
na sinsir a bhí againn ó aois go haois.
2 [Thug] an Tiarna glóir mhór dóibh;
tríothu a d'fhoilsigh sé a mhórgacht riamh anall.
3 Bhí ardfhlaitheas ag cuid acu ar a ríochtaí
agus thuill siad clú de bharr a gcumais;
bhí comhairleoirí críonna ina measc freisin,
a thug oracail fháidhiúla uathu,
4 Agus fir a thug treoir don phobal lena moltaí,
de thoradh a dtuisceana ar léann a muintire,
agus le briathra ciallmhara a dteagaisc.
5 Bhí cuid acu ina gcumadóirí ceolta binne,
agus bhreacaidís laoithe ar phár.

[6] Fir shaibhre chumhachtacha ab ea cuid eile fós acu,
a chaith a saol go síochánta ina n-áitribh féin.
[7] Thugadh lucht a gcomhaimsire ómós do na fir seo uile,
agus ba mhór é a gclú lena ré.
[8] D'fhág cuid acu dea-cháil ina ndiaidh,
sa chaoi go moltar go haer iad go fóill.
[9] Tá daoine eile ann, áfach, nach bhfuil aon chuimhne orthu anois,
a chuaigh ar ceal faoi mar nach mbeidís riamh ann;
tá siad faoi mar nár rugadh riamh iad
agus is é an dála céanna é ag a gclann ina ndiaidh.
[10] Ach fir dhiaganta ab ea na fir seo leanas,
nach ndearnadh dearmad ar a ndea-oibreacha riamh.
[11] Mairfidh a gconách ag a sliocht,
agus a n-oidhreacht [ag sliocht a sleachta].
[12] Seasann a sliocht leis na conarthaí,
agus, a bhuíochas orthu, cloíonn sliocht a sleachta leo chomh maith.
[13] Mairfidh a sliocht go brách,
agus ní thiocfaidh meath ar a nglóir.
[14] Cuireadh a gcoirp faoi shuan san úir,
ach maireann a gcáil ó ghlúin go glúin.
[15] Fógróidh na ciníocha a gcuid eagnaíochta,
agus déanfaidh an comhthionól iad a mholadh go hard.

16 Bhí gnaoi an Tiarna ar Eineoc agus tógadh in airde é,
sampla aithrí do na glúine go léir.
17 Fuarthas Naoi foirfe gan cháim;
in uain na feirge rinneadh de an [ceap];
trídsean a caomhnaíodh iarmhar ar talamh
nuair a tháinig an díle.
18 Rinneadh conarthaí síoraí leis,
nach scriosfaí an uile fheoil le díle go brách arís.
19 Ba athair mhórán ciníocha é Abrahám,
agus ní bhfuarthas aon duine mar é i nglóir.
20 Chomhlíon sé dlí an té is Airde,
agus chuaigh i gceangal conartha leis;
dhaingnigh sé an conradh ina fheoil féin,
agus nuair a promhadh é, chruthaigh sé dílis.
21 Uime sin gheall an Tiarna de bhrí na mionn
go mbeannófaí na ciníocha ina shíol;
go gcuirfeadh sé an rath air mar luaithreach na talún,
go mórfadh sé a shliocht dála na réaltaí,
go dtabharfadh sé an talamh mar oidhreacht dóibh
ó mhuir go muir,
agus ón abhainn go críocha na cruinne.

22 Thug sé an gheallúint chéanna d'Íosác,
ar son a athar Abrahám.
23 Chuir sé beannacht an uile dhuine agus an conradh
ag lonnú ar cheann Iacóib;
thug sé aitheantas dó lena bheannachtaí,
agus thug dó [an talamh] mar oidhreacht;
roinn sé é ina chodanna,
agus dháil sé é ar an dá threibh déag.

Maois

45 Chuir an Tiarna fear trócaireach ar fáil as a shíol,
fear ar a raibh gnaoi an uile dhuine,
agus ar thug Dia agus duine grá dó,
Maois a bhfuil a chuimhne faoi bheannacht.
2 Rinne sé ar aon dul i nglóir leis na naoimh é,
agus mhóraigh é le scanradh a chur ar a naimhde.
3 Chuir sé deireadh le hiontais trí bhriathra [Mhaois],
agus thug sé onóir dó i láthair ríthe;
thug sé aitheanta dó dá phobal
agus nocht dó cuid dá ghlóir.

[4] Naomhaigh sé é le dílse agus le ceansacht,
agus thogh é as an cine daonna uile.
[5] Lig sé dó a ghlór a chlos
agus sheol amach é faoin dorchacht thiubh;
thug sé dó na haitheanta aghaidh ar aghaidh,
agus dlí na beatha agus an fheasa,
leis an gconradh a theagasc do Iacób,
agus a bhreitheanna d'Iosrael.

Árón

[6] D'ardaigh sé Árón, deartháir Mhaois,
fear naofa mar é de threibh Léiví.
[7] Rinne sé conradh síoraí leis,
agus thug dó sagartacht an phobail.
mhaisigh sé é le héidí taibhseacha,
agus chuir fallaing ghlórmhar uime:
[8] Ghléas sé é le barr maise
agus neartaigh é le comharthaí sóirt an údaráis,
briste, fallaing agus éafód.
[9] Chuir sé pomagránaití ina thimpeall,
agus cloigíní óir go flúirseach thart air.

le bualadh le gach coiscéim,
i dtreo go gcloisfí a nglór sa Teampall,
mar chuimhniú do chlann a mhuintire.
10 Chuir sé air an éide bheannaithe d’ór agus de ghorm
agus de chorcra agus de shaothar broidnéireachta;
agus oracal an bhreithiúnais, an tÚirím agus an Tuimím
de chraorag cas, saothar ceardaí:
11 Agus líoga lómhara gearrtha mar shéalaí,
i leaba airgid, saothar gabhann ghil,
mar chuimhniú, lena scríbhinní greanta,
ar threibheanna Iosrael de réir a lín.
12 Agus lann óir ar a chaidhp,
agus séala coisricthe greanta uirthi,
ornáidíocht thar barr, scoth saothair,
maisiúlacht a chuirfeadh gliondar ar an tsúil.
13 Roimh a ré ní raibh riamh a leithéid de mhaise;
níor chuir aon duine deoranta uime riamh iad
seachas a chlann mhac féin agus a shliocht go brách.
14 Bhí a íobairtí le huileloscadh
dhá uair sa lá gan teip.
15 Rinne Maois é a choisreacan
agus a ungadh le hola bheannaithe;

ba chonradh síoraí aige é,
agus ag a shliocht, fad a mhairfidh na flaithis,
le seirbhís a dhéanamh don Tiarna agus fónamh mar shagart,
agus an pobal a bheannú ina ainm.
16 Roghnaigh sé é thar an uile dhuine beo
le híobairtí a ofráil don Tiarna,
túis agus cumhracht mar chuid chuimhneacháin,
le leorghníomh a dhéanamh ar son an phobail.
17 Thug sé a aitheanta ar iontaoibh dó,
agus chuir reachtanna an dlí faoina chúram,
lena reachtanna a theagasc do Iacób,
agus lena dhlí a shoilsiú d'Iosrael
18 Rinne daoine lasmuigh comhcheilg ina aghaidh,
agus bhíodar in éad leis san fhásach:
Dátán agus Aibíorám agus a gcuid fear,
Corach agus a chomplacht i bhfraoch feirge.
19 Chonaic an Tiarna é sin agus níor mhéin leis é,
agus scriosadh iad i gcuthach a fheirge;
rinne sé éachtaí ina n-aghaidh lena n-ídiú sa tine loiscneach.
20 Chuir sé breis le glóir Árón,
agus thug oidhreacht dó;

chinntigh sé tús na gcéadtorthaí dó,
agus d’ullmhaigh arán na gcéadtorthaí go flúirseach.
21 Óir itheann siad íobairtí an Tiarna,
mar thug sé dó féin agus dá shliocht iad.
22 Ach níl fad d’oidhreacht aige i dtalamh a mhuintire,
ná aon chuid aige leis an bpobal;
óir is é an Tiarna féin a chuid roinne agus a oidhreacht.
23 Tá Píneachás mac Eileázár sa tríú háit i nglóir,
de bharr a dhúthracht in eagla an Tiarna,
agus de bhrí gur sheas sé an fód, nuair a thug an pobal cúl,
le barr daingine agus dílseacht croí,
agus de bhrí go ndearna sé leorghníomh thar ceann Iosrael.
24 Bunaíodh conradh síochána leis dá bharrsan,
le go mbeadh sé ina cheannaire ar an sanctóir agus ar an bpobal,
agus go mbeadh dínit na sagartachta
aige féin agus ag a shíol go brách.
25 Bunaíodh conradh chomh maith le Dáiví,
mac Ieise, de threibh Iúdá,
comharbacht ríoga ó athair go mac amháin;
ach tá a shíol go léir i gcomharbacht ar Árón.
26 Go dtuga an Tiarna eagna in bhur gcroí,
le breith a thabhairt go fíréanta ar a phobal,

i dtreo nach rachadh a suáilce ar ceal,
agus go mairfeadh a nglóir ó ghlúin go ghlúin.

Iósua agus Cálaeb

46 Gaiscíoch i gcath ab ea Iósua mac Nún,
agus ba é comharba Mhaois é i bhfáidheoireacht;
rinneadh de, mar ba dhual dó óna ainm,
slánaitheoir mór ar an bpobal tofa
le díoltas a imirt ar na naimhde a d'éirigh ina choinne,
d'fhonn go gcuirfeadh sé Iosrael i seilbh a oidhreachta.
2 Nár ghlórmhar é ag ardú a lámh,
agus ag síneadh a chlaímh in aghaidh na gcathracha!
3 Cé a sheas chomh daingean leis riamh roimhe sin?
óir rinne sé cogaí an Tiarna a fhearadh.
4 Nár choimeád a lámh an ghrian ar gcúl?
nach ndearnadh amhail dhá lá den aon lá amháin?
5 Ghlaoigh sé ar an té is Airde, an Tréan,
agus na naimhde á thimpeallú ó gach taobh;
d'fhreagair an Tiarna Mór é le clagarnach clocha.
6 D'fhear sé cogadh ar an gcine úd
agus ag Fána [Bhéit Horon] scrios sé an céile comhraic,

i dtreo go mbeadh eolas ag na ciníocha ar a ghaisce,
agus go mbeadh a fhios acu gur in aghaidh an Tiarna a bhí a gcogadh.
7 Óir leanadh sé an Tréan,
agus le linn Mhaois thug sé seirbhís dhúthrachtach,
eisean agus Cálaeb mac Iafuna;
mar sheas siad an fód in aghaidh an chomhthionóil go léir,
agus chosc siad an peaca ar an bpobal,
agus chiúnaigh siad a monabhar coiriúil.
8 Caomhnaíodh an bheirt sin amháin,
as sé chéad míle a bhí sa siúl,
lena dtabhairt isteach ina n-oidhreacht,
i dtír ina bhfuil bainne agus mil ina slaoda.
9 Thug an Tiarna neart do Chálaeb,
neart a mhair aige go dtí a sheanaois,
i dtreo go ndeachaigh sé faoi na hardáin suas
agus go bhfuair a chlann iad mar oidhreacht;
10 Le go bhfeicfeadh clann Iosrael uile
gur maith é an Tiarna a leanúint.

Na Breithiúna

11 Na breithiúna chomh maith, gach duine díobh, de réir a ghlaoch,
nár thit a gcroí in íoladhradh,

agus nár thug cúl riamh leis an Tiarna,
go raibh beannachtaí ar a gcuimhne!
12 Go raibh bláth as a gcnámha in áit a lonnaithe,
agus go raibh ainm na muintire a fuair onóir
beo arís ina gclann mhac.
13 Ba é Samuéil muirnín an Tiarna;
ba fháidh leis an Tiarna é agus bhunaigh sé an ríocht,
agus d'ungaigh sé rialtóirí ar a phobal.
14 Thug sé breith ar an gcomhthionól de réir dhlí an Tiarna,
agus thug an Tiarna aire do Iacób.
15 Aithníodh ina fháidh é de bharr a dhílseachta,
agus ba fhios gur físí iontaofa é ar a bhriathra.
16 Ghlaoigh sé ar an Tiarna, an té atá cumhachtach,
nuair a bhrúigh a naimhde air ó gach taobh,
agus d'ofráil sé uan diúil mar íobairt.
17 Bhúir an Tiarna ó na flaithis,
agus thug a ghlór á chloisteáil ina thoirneach thréan.
18 Scrios sé ceannairí na Tuíre,
agus rialtóirí uile na bhFilistíneach.
19 Roimh uair a shuaimhnis shíoraí
thug [Samúéil] fianaise i láthair an Tiarna agus a ungthaigh:

“Níor thóg mé maoin aon duine, fiú péire cuarán,”
agus níor chúisigh aon duine é.
20 Fiú tar éis dó dul chun suain, thug sé fáistine arís,
agus nocht don rí go raibh an bás chuige;
d’ardaigh sé a ghlór ón talamh i dtairngreacht,
le hurchóid an phobail a scuabadh chun siúil.

Nátán

47 Ina dhiaidh siúd, d’éirigh Nátán suas,
le fáistine a dhéanamh le linn Dháiví.
2 Amhail a dhealaítear an gheir ón íobairt shíochána,
sin mar a dealaíodh Dáiví ó chlann mhac uile Iosrael.
3 Bhíodh sé ag súgradh le leoin faoi mar ba mheannáin iad,
agus le mathghamhna faoi mar ba uain an tréada iad.
4 Nuair nach raibh ann ach gasúr nár mharaigh sé fathach,
agus nár thóg sé an aithis dá mhuintir,
nuair a d’ardaigh sé a lámh le cloch ina chranntabhaill
lenar leag sé Góla ar lár ina dhíomas?
5 Óir ghlaoigh sé ar an Tiarna, an té is Airde,
agus thug seisean neart dá dheasláimh,

chun laoch láidir cogaidh a threascairt,
agus chun cumhacht a mhuintire a mhéadú.
6 Thug siadsan an chraobh dó
as ucht an deich míle fear [a mharú],
agus ag móradh an Tiarna dóibh mhol siad é,
nuair a bhronn siad coróin ghlórmhar air.
7 Óir scrios sé na naimhde a bhí thart timpeall air,
agus dhíothaigh sé na Filistínigh a sheas ina choinne;
agus tá a gcumhachtsan briste aige go dtí an lá inniu fein.
8 I ngach ní díobhsan dá ndearna sé, ghabh sé buíochas,
leis an Aon Naofa, an Té is Airde, le briathra molta;
chan sé a chuid amhrán óna chroí amach
agus thug sé grá don Té a chruthaigh é.
9 Chuir sé [cláirseacha] os comhair na haltóra,
ionas go mba bhinnide an chantaireacht a gceol.
10 Chuir sé barr slachta ar na féilte,
agus taibhse shollúnta ar na ceiliúrthaí tráthrialta uile,
sa chaoi go dtugtaí moladh gan stad d’ainm an Tiarna.
agus go mbaintí macalla as an sanctóir ó bhreacadh an lae amach.
11 Mhaith an Tiarna a pheacaí dó,
agus mhéadaigh sé a chumhacht go deo;

rinne sé conradh ríoga leis
agus bhronn air ríchathaoir ghlórmhar in Iosrael.

Solamh agus a Chomharbaí

12 Tháinig mac eagnaí i gcomharbacht air,
agus mhair sé go flaithiúil dá bharr.
13 Bhí Solamh i réim le linn síochána,
agus thug Dia suaimhneas dó ar gach taobh,
le go dtógfadh sé teach dá ainm,
agus go n-ullmhódh sé sanctóir le seasamh go deo.
14 Nach críonna a bhí tú i d’óige!
ag cur thar maoil le tuiscint dála na habhann.
15 Ghabh d’aigne ó cheann ceann an domhain,
agus líon tú é de sholaoidí agus de thomhaiseanna.
16 Shroich d’ainm oileáin san imigéin
agus bhí grá duit ar son do shíochána.
17 Rinne na críocha iontas díot de bharr do laoithe,
do sheanfhocal agus do sholaoidí.
18 In ainm an Tiarna Dia,
ar a dtugtar Dia Iosrael,

bhailigh tú ór mar a dhéanfaí stán,
agus cheannaigh tú airgead mar a dhéanfaí luaidhe.
19 Ach shín tú do leasracha taobh le mná,
agus cloíodh thú trí do cholainn.
20 Thug tú aithis ar do ghlóir,
agus truailliú ar do shliocht,
i dtreo gur thug tú cuthach ar do chlann,
agus gur cúis bhróin leo do dhíth céille;
21 Scoilteadh an flaitheas ina dhá chuid,
agus d’eascair ríocht easumhal as Eafráim.
22 Ach ní thréigfidh an Tiarna a thrócaire go deo,
ná ní scriosfaidh aon chuid dá bhriathra go deo;
ní dhíothóidh sé sliocht a thofaigh go brách,
ná ní mhillfidh sé síol an té a thug grá dó;
thug sé iarmhar do Iacób dá bhrí sin,
agus do Dháiví fréamh dá cheap.
23 Chuaigh Solamh chun suain lena shinsir
agus d’fhág duine dá chlann mar oidhre,
fear ag a raibh flúirse baoise, ach é ar bheagán céille,
Rachabám, ar chuir a pholasaí an pobal chun ceannairce.
24 Ansin Iarobám, mac Nabát, a thiomáin Iosrael chun an pheaca,
agus a chuir Eafráim ar bhealach peacúil;

mhéadaigh go héachtach ar líon a bpeacaí,
rud a dhíbir iad as a seilbh.
25 Óir chuaigh siad sa tóir ar gach sórt coirpeachta,
nó go dtáinig an díoltas sa mhullach orthu.

Éilias

48 Ansin tháinig an fáidh Éilias ar nos tine,
agus a bhriathar ag bladhmadh amach mar lóchrann.
2 Thug seisean gorta orthu
agus le teann díograise laghdaigh sé a líon.
3 Le briathar an Tiarna dhún sé suas na spéartha,
agus tharraing sé tine anuas orthu faoi thrí chomh maith.
4 Nach glórmhar a bhí tú, a Éilias, de bharr na nithe iontacha a rinne tú!
an bhfuil ábhar maíte ag aon duine eile mar atá agatsa?
5 Thóg tú duine ó mhairbh
agus ó Sheól le briathar an Té is Airde.
6 Rinne tú léirscrios ar ríthe
agus díothú ar fhir cháiliúla ina leaba tinnis.
7 Chuala tú milleán á chur ort ar Shíonái,
agus daorbhreith díoltais á thabhairt ar Horaeb.

[8] Rinne tú ríthe a ungadh le díoltas a imirt,
agus fáithe le bheith ina gcomharbaí ort.
[9] Tógadh suas ar neamh thú le tine ghuairneáin,
i gcarbad a bhí á tharraingt ag capaill tintrí.
[10] Ainmníodh thú sna bagarthaí brátha le teacht
chun fearg an Tiarna a mhaolú roimh an rabharta,
chun croíthe na n-aithreacha a iompú i leith a gclainne,
agus chun treibheanna Iacóib a athbhunú.
[11] Is méanar dóibh siúd a fheicfidh thú,
agus iad siúd a chuaigh chun suain sa ghrá,
óir mairfimidne beo chomh maith.

Eilíseá

[12] Folaíodh Éilias i ngaoth ghuairneáin,
ach líonadh Eilíseá lena spiorad;
i gcaitheamh a shaoil níor fhéad aon rialtóir é a shuaitheadh;
ná níor éirígh le haon duine é a chur faoi smacht.
[13] Ní raibh aon obair róthrom dó,
agus fiú nuair a bhí sé marbh rinne a chorp tairngreacht.
[14] Nuair a bhí sé beo, rinne sé éachtaí,
agus b'iontach freisin na nithe a rinne sé tar éis a bháis.

15 Dá ainneoin sin ní dhearna an pobal aithrí
ná níor éiríodar as a bpeacaí,
nó gur sciobadh ina gcimí óna dtír iad,
agus gur scaipeadh iad ar fud an domhain;
16 Níor fágadh ach beagán den phobal,
ach rialtóir acu de theaghlach Dháiví;
rinne cuid acu an rud a thaitin [le Dia],
ach rinne cuid eile coir ar choir.

Hiziciá

17 Dhaingnigh Hiziciá a chathair,
agus thug uisce isteach ina lár,
rinne sé tollán tríd an gcarraig le hiarann,
agus thóg umair don uisce.
18 Rinne Sanaichéiríb ionradh lena linn,
agus sheol isteach an príomhchornaire [agus d'imigh leis];
d'ardaigh sé a lámh in aghaidh Shíón,
agus mhaígh go hard le teann díomais.
19 Ansin tháinig crith croí agus lámh orthu,
agus bhí pianta orthu mar a bheadh ar mhná i mbreith clainne.

[20] Ach ghlaoigh siad ar Thiarna na trócaire,
agus leath siad a lámha ina threo;
thug an Neach Naofa aird orthu gan mhoill ó neamh;
agus d'fhuascail sé iad trí láimh Íseáia.
[21] D'ionsaigh [án Tiarna] longfort na nAsaíreach,
agus scrios a aingeal iad.
[22] Óir rinne Hiziciá mar ba ghean leis an Tiarna,
agus lean sé go dlúth ar bhealaí Dháiví, a athair,
na bealaí a d'ordaigh Íseáia fáidh
duine éachtach a bhí iontaofa ina fháistine.
[23] Lena linn chuaigh an ghrian ar gcúl
agus chuir sé fad le saol an rí.
[24] Chonaic sé na críocha déanacha le cumhacht an spioraid,
agus thug sé sólás do lucht caointe Shíón.
[25] Nocht sé a raibh le teacht go bruinne an bhrátha,
agus a raibh i bhfolach sular tháinig siad chun críche.

Ióisiá agus Ceannairí Eile

49 Is geall le meascán túise a sholáthraigh
ceird an chumhradóra, cuimhne Ióisiá;

tá blas na meala uirthi i mbéal gach n-aon,
agus is cuma í nó ceol ag fleá fíona.
2 Ghabh sé an cúrsa ceart ag iompú an phobail,
agus scuab sé chun siúil na gráiniúlachtaí coiriúla.
3 Dhírigh sé a chroí ar an Tiarna;
dhaingnigh sé an chráifeacht i ré na haindiagachta.
4 Seachas Dáiví, Hiziciá agus Ióisiá,
rinneadar uile peaca ar pheaca;
de bhrí gur thréigeadar dlí an té is Airde,
chuaigh ríthe Iúdá ar ceal.
5 Óir thugadar a gcumhacht do dhaoine eile,
agus a nglóir do chine deoranta.
6 Dódh an chathair thofa, cathair na naofachta,
agus bánaíodh a sráideanna,
7 [De réir] bhriathar Irimia; mar chiapadar eisean,
cé gur naomhaíodh ina fháidh é i mbroinn a mháthar
le stoitheadh agus ciapadh agus scrios a dhéanamh,
ach tógáil agus plandáil chomh maith.
8 Eizicéil a chonaic fís na glóire,
faoi mar a nocht [Dia] dhó í os cionn charbad na gceiribíní;
9 Óir chuimhnigh [Dia] ar a naimhde le tuile báistí,
agus rinne maith don mhuintir a leanann na bealaí córa.

[10] Maidir le cnámha an dáréag fáidh,
go dtaga bláth orthu mar a bhfuil siad ina luí;
óir thug siad sólás do mhuintir Iacóib,
agus d'fhuascail iad le muinín agus dóchas.
[11] Conas a mhórfaimid Zarubáibil?
Ba gheall le fáinne séala é ar an láimh dheas;
[12] Ba é an scéal céanna é ag Iósua mac Iahósádác;
thóg siad an Teampall ina laethanta
agus chuir siad suas sanctóir don Tiarna,
a raibh glóir shíoraí i ndán dó.
[13] Is daingean í cuimhne Nihimiá chomh maith;
d'ardaigh sé dúinn na ballaí a bhí ar lár:
chuir sé suas geataí agus barraí,
agus d'atóg fothracha ár dtithe.
[14] Níor cruthaíodh aon duine mar Eineoc ar talamh,
óir tógadh suas ón talamh é.
[15] Níor rugadh aon duine riamh mar Iósaef,
(ceannaire a dheartháireacha agus taca a phobail);
tugadh aire dá chnámha.
[16] Fuair Séam agus Séat onóir i measc daoine,
agus Ádhamh thar gach dúil bheo.

An tArd-Sagart

50 Ba é Simeon an t-ardsagart, mac Óinias,
[ceannasaí a bhráithre, agus bród a mhuintire;]
dheisigh sé an Teampall lena linn
agus dhaingnigh sé an sanctóir.
2 Leag sé an bonn faoi na ballaí arda dúbailte,
agus an balla taca le clos an Teampaill.
3 Lena linn tochladh sistéal d'uisce,
taiscumar a raibh a thimpeall mór mar an fharraige.
4 Le hintinn a mhuintir a fhuascailt ó dhíothú,
dhaingnigh sé an chathair le léigear a sheasamh.
5 Nár thaibhseach a bhíodh sé agus an pobal ina thimpeall,
agus é ag teacht amach ó shanctóir an bhrait.
6 Mar réalta na maidine i measc na scamall,
mar an ghealach agus an ré lán;
7 Mar an ghrian ag taitneamh ar Theampall an té is Airde,
mar an bogha síne ag glioscarnach i néalta glóire.
8 Mar rósanna i laethanta na gcéadtorthaí,
mar lilí le hais thobar uisce,
mar phéac glas na Liobáine in aimsir bhrothaill;

9 Mar thine agus túis sa túisteán,
mar áras d’ór ceard
faoi ornáid de chlocha lómhara de gach sórt;
10 Mar chrann ológ ag sceitheadh a thoraidh,
mar chufróg ag éirí chun na néalta.
11 Nuair a chuireadh sé air féin a éide ghlóire
agus a ghléasadh sé é féin le barr maise,
agus a ghabhadh suas ar an altóir bheannaithe,
agus a líonadh sé cúirt an tsanctóra lena ghlóir,
12 Agus a gheibheadh sé na míreanna ó lámha na sagart,
agus é ina sheasamh ag teallach na haltóra,
agus coróin dá bhráithre ina thimpeall,
ba gheall é le céadar óg sa Liobáin,
agus iad ina thimpeall mar a bheadh stocanna pailme.
13 Nuair a sheasadh clann uile Árón ina nglóir
agus ofrálacha an Tiarna ina lámha,
os comhair chomhthionól Iosrael go léir,
14 Agus eisean ag cur críoch leis an tseirbhís ag na haltóirí,
agus ag cóiriú na híobartha don Té is Airde, an tUilechumhachtach,
15 Agus ag síneadh a láimhe chun an chupa,
agus ag doirteadh ofrála de shú na fíniúna,

á doirteadh ag bonna na haltóra,
mar íobairt chumhra don Té is Airde, do Rí na nUile.
16 Ansin dhéanadh clann Árón liú,
agus shéididís na trumpaí de mhiotal líofa;
dhéanaidís tormán tréan
mar chuimhniú i láthair an té is Airde.
17 Ansin thiteadh an pobal go léir gan mhoill,
ar a mbéal is ar a bhfiacla ar an talamh
ag adhradh a dTiarna,
an tUilechumhachtach, Dia Ró-Ard.
18 Mholadh na cantairí é in ard a gcinn,
agus ba bhinn é claisceadal a nguthanna,
19 Bhíodh an pobal ag guí chun an Tiarna Ró-Aird,
agus iad ag impí i láthair an Trócairigh,
nó go mbíodh an clabhsúr ar sheirbhís an Tiarna,
agus an liotúirge thart acu.
20 Ansin thagadh sé anuas agus d’ardaíodh a lámha
os cionn comhthionól uile chlann Iosrael,
le beannacht an Tiarna a ghuí orthu óna bheola,
agus mórtas a dhéanamh as a ainm.
21 Shléachtadh an pobal arís,
leis an mbeannacht a ghlacadh ón Te is Airde.

Dúnadh agus Guí

22 Beannaigí Dia na nUile anois,
an té a dhéanann éachtaí i ngach treo,
agus a mhórann ár ré ón mbroinn,
agus a phléann linn de réir a thrócaire.
23 Go dtuga sé dúinn lúcháir chroí,
agus síocháin lenár linn
in Iosrael mar a bhí anallód.
24 Go gcuire sé an trócaire inár n-iontaoibh,
agus go bhfuasclaí sé sinn lenár linn.
25 Tá fuath i mo chroí do dhá náisiún,
agus ní náisiún an tríú ceann ar aon chor:
26 Áitritheoirí [Shliabh Shaeír] agus na Filistínigh,
agus an mhuintir bhaoth atá ag cur fúthu i Seicim.
27 Scríobh mé teagasc ar an eagna agus ar an eolas sa leabhar seo,
mise, Íosa mac Shíorach, mac Eileázár ó Iarúsailéim,
a dhoirt an eagna go flaithiúil óna chroí.
28 Is beannaithe an té a bhíonn gafa leis na nithe seo,
agus a éiríonn eagnaí trína mhachnamh orthu.
29 Má chleachtann sé iad, beidh sé láidir a dhóthain d'aon ghnó,
mar gurb é solas an Tiarna a chosán.

Aguisíní

Iomann Buíochais

51 Gabhfaidh mé buíochas leat, a Thiarna agus a Rí,
agus molfaidh mé thú a Dhia, mo shlánaitheoir;
gabhaim buíochas le d'ainm;
2 Óir is tusa a thug cosaint agus cabhair dom;
tharrthaigh tú mé ó mo bhascadh,
ó ghaiste theanga an bhéadáin
ó bheola lucht an éithigh;
agus tháinig tú i gcabhair orm,
in aghaidh na ndaoine a bhí i mo thimpeall.
3 De réir do mhórthrócaire agus do mhórainm,
d'fhuascail tú mé ó fhiacla na ndaoine a bhí ar tí mé a alpadh,
ó lámha na droinge a bhí ar thóir m'anma,
ó na trioblóidí iomadúla a bhí mé a fhulaingt;
4 Ón tine phlúchtach a bhí thart timpeall orm,
ó cheartlár lasracha nár adhain mé féin,
5 Ó chraos domhain Sheól,
ó theanga neamhghlan agus ó bhriathra éithigh,

[6] Béadán a rinne teanga éagórach i m’aghaidh leis an rí;
bhí mé i ndeireadh na feide,
agus ag druidim liom síos go Seól,
[7] Agus bhíothas ag teacht thart timpeall orm ar gach taobh,
gan aon duine ann chun fóirithint orm;
d’fhéach mé le cabhair a fháil ó dhaoine, ach ní bhfuair.
[8] Ansin chuimhnigh mé ar do thrócaire, a Thiarna,
agus ar na héachtaí a rinne tú riamh anall,
ar an gcaoi a bhfuasclaíonn tú na daoine
a bhíonn ag fanacht leat go foighneach,
agus mar a tharrthaíonn tú iad ó chrúcaí a naimhde.
[9] Chuir mé suas mo ghuí ón talamh
agus ghuigh mé go bhfuasclófaí mé ón mbás.
[10] Glaoigh mé chun an Tiarna, Athair mo thiarna:
“Ná tréig mé i laethanta mo thrioblóide,
in uain mo lagaíochta agus mé gan chabhair in aghaidh na n-uaibhreach;
molfaidh mé d’ainm gan stad,
agus canfaidh mé laoithe molta dó.”
[11] Éisteadh le mo ghuí
agus d’fhuascail tú mé ón scrios,
agus shaor tú mé ar uain na míchinniúna.

[12] Ar an ábhar sin tabharfaidh mé buíochas agus moladh duit,
agus mórfaidh mé ainm an Tiarna.

Laoi ar Thóraíocht na hEagna

[13] Nuair a bhí mé óg fós, sula ndeachaigh mé ag taisteal,
d'i arr mé d'achainí i mo phaidreacha go dtabharfaí an eagna dhom.
[14] Bhíodh sí á héileamh agam os comhair an Teampaill,
agus beidh mé á lorg go dtí an deireadh.
[15] Óna blathú go dtí aibiú na fíniúna
bhain mo chroí aoibhneas aisti;
chuir mé mo chos ar an mbóthar díreach,
agus tá a lorg á leanúint agam ó m'óige amach.
[16] Chlaon mé mo chluas beagáinín agus ghlac mé léi,
agus is mór ar fad an teagasc a fuair mé dom féin.
[17] Tá dul chun cinn déanta agam léi;
moladh leis an té thug an eagna dom.
[18] Tá sé ar intinn agam mo shaol a chaitheamh dá réir;
chuardaigh mé an mhaith go dúthrachtach,
agus ní náireofar mé.
[19] Tá comhrac déanta agam le hí a shealbhú;
chomhlíon mé [an dlí] go cruinn beacht;

shín mé mo lámha i dtreo na bhflaitheas,
agus chaoin mé m’easpa eolais uirthi.
20 Leag mé m’intinn uirthi,
agus fuair mé í le glaine chroí;
fuair mé [tuiscint] ina teannta ó thús,
agus dá bhrí sin ní thréigfear mé choíche.
21 Corraíodh an croí ionam le dul ar a tóir,
agus dá bharr san fuair mé dea-fháltas.
22 Thug an Tiarna teanga dom mar luach saothair,
agus molfaidh mé é lena cabhair.
23 Tagaigí i mo chóngar sibhse atá gan teagasc,
agus cuirigí fúibh i mo scoilse.
24 Cad ab áil libh ag gearán
go bhfuil na nithe seo go mór de dhíth oraibh,
agus go bhfuil tart chomh mór ar bhur n-anam?
25 D’oscail mé mo bhéal agus dúirt mé:
“Faighigí [na nithe sin] daoibh féin gan airgead;
26 Cuirigí bhur muineál faoin gcuing,
agus glacadh bhur n-anam le teagasc;
tá sé le fáil taobh libh.
27 Féachaigí féin gur beag an saothar a rinne mé,
ach gur mór an suaimhneas a fuair mé!

[28] Faighigí teagasc daoibh féin le lab mór airgid,
agus déanfaidh sibh a lán óir a ghnóthú tríd.
[29] Déanadh bhur n-anam gairdeas i dtrócaire [an Tiarna],
agus ná bíodh náire oraibh choíche toisc é a mholadh.
[30] Déanaigí bhur ngnó roimh am na sprice,
agus tabharfaidh sé bhur luach saothair daoibh ina uain féin.”

Eagna Íosa, mac Shíorach.